ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Ábhair

Maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann 4

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 5

An tÚdarás 8

An Coiste um Chomhlíonadh 9

An Coiste um Dheonú Conarthaí 10

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 11

Foireann Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann 12

Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2017-2019 13

Buaicphointí 2020 14

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn 16

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú 29

Luchtanna Féachana/Éisteachta a Chumhachtú 36

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú 41

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú 47

Údarás Craolacháin na hÉireann Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 59

An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 95

Maidir le Údarás Craolacháin na hÉireann

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht") ar an 1 Deireadh Fómhair 2009.

Leagann an tAcht amach raon cuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI agus sonraítear go ndéanfaidh a chomhchodanna, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna, "iarracht a chinntiú:

- gurb iad an líon agus na catagóirí seirbhísí craolacháin a chuireann an tAcht seo ar fáil sa Stát is fearr a dhéanfaidh freastal ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus traidisiúin agus éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúrtha san áireamh;
- go dtacófar leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a chur in iúl; agus,
- go ndéanfar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch a sholáthar."

Leagann an tAcht amach raon cuspóirí eile don Údarás freisin, lena n-áirítear:

- soláthar clár ar ardchaighdeán, atá éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- éascaíocht a dhéanamh do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh;
- éagsúlacht maidir le rialú sna hearnálacha craolacháin tráchtála agus pobail a chur chun cinn;
- timpeallacht rialaitheach a chur ar fáil:
    - a chothaíonn iriseoireacht neamhspleách neamhchlaonta;
    - a chothaíonn comhlíonadh an dlí fostaíochta;
    - a chosnaíonn leasanna leanaí;
    - a dhéanann éascaíocht ar earnáil chraolacháin a thugann aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bhfuil teacht ag daoine faoi mhíchumas orthu;
    - a chuireann forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge chun cinn agus a spreagann iad.

Tá Tuarascáil Bhliantúil an BAI don bhliain 2020 bunaithe ar théamaí straitéiseacha an Ráitis Straitéise 2017-2019 – Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn, Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt, Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumasú, Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú agus Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na Straitéise 2017-2019 i 2019 agus leanadh leis sin le tuilleadh comhairliúcháin thar 2020 chun bonn eolais a chur faoin fhorbairt ar Ráiteas Straitéise nua an BAI, a seoladh in Eanáir 2021. Lean an BAI le tabhairt faoina chuspóirí straitéiseacha mar a bhí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2017-2019, le linn chéim idirthréimhse 2020.

Cuimsíonn an BAI an tÚdarás, dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh – agus an Fhoireann Feidhmiúcháin. Tá buanchoiste ceaptha ag an Údarás ("An Coiste AIR") chun maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas, iniúchóireacht agus ábhair riosca. Tacaíonn Feidhmeannas an BAI le feidhmeanna an Údaráis, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh a bhainistiú, a riaradh agus a chur i bhfeidhm.

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

2020: Bliain idirthréimhse

Níorbh ionann 2020 agus aon bhliain eile. D'fhéadfá a rá nár chuala aon duine téarmaí ar nós Coróinvíreas nó Covid-19 ag tús na bliana. Mar sin féin faoi dheireadh na bliana agus isteach i 2021, bhí na téarmaí sin ag tús agus i lár gach rud a bhí á dhéanamh againn – agus bhí an tionchar céanna ar shaol an chraolacháin is a bhí ar gach gné eile den saol.

Ón dearcadh a bhí againne sa BAI, chuir an phaindéim athrú ar an mbealach a ndearna muid ár gnó. Is corr uair roimhe sin a dhéanfaí tagairt do Phleanáil Leanúnach Gnó (PLG) ag ár gcruinnithe míosúla Oibriúcháin, ach ó shin i leith bíonn sé ar an gcéad ghné ar gach clár oibre. Tháinig deireadh leis an obair ón oifig. Tugadh isteach an coincheap Cianobair. Cuireadh foireann nua PLG le chéile sa Mhárta, agus bhídís ag teacht le chéile uair sa tseachtain agus chlúdaídís tionchar na paindéime ar Áiseanna; Sláinte agus Sábháilteacht; Acmhainní Daonna; TF; Cumarsáid Inmheánach agus seachtrach agus Airgeadas. Chinntigh an fhoireann go mbeadh aistriú réidh ann chuig Cianobair agus go mbeadh gnó an BAI in ann leanúint go héifeachtach agus ag an gcaighdeán a rabhthas ag súil leis le linn na bliana.

Bhí 2020 ina tús ar idirthréimhse don BAI féin chomh maith. D'fhoilsigh an Rialtas an Scéim Ginearálta den Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne i mí Iúil. Sa bhreis ar fhorálacha na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc[1] ("An Treoir AVMS") a thrasuí, a thabharfaidh isteach coincheap an rialaithe ar mheáin ar líne, ar a n-áirítear ardáin roinnte físe, beartaítear leis an mBille an BAI a lánscor agus a chuid feidhmeanna agus a fhoireann a aistriú chuig Coimisiún Meán nua.

Bhí mé féin agus an eagraíocht rannpháirteach sna pléite ar rialáil meán ag an leibhéal náisiúnta agus leibhéal na hEorpa araon le linn na tréimhse trasuí don Treoir AVMS, agus cuireann muid fáilte ó chroí faoin fhorbairt seo a mbeidh impleachtaí suntasacha aige ar rialáil don timpeallacht meán níos leithne amach anseo.

Ceann de na hiarmhairtí ba shuntasaí a bhí ag an bpaindéim ná an tionchar millteanach a bhí aige ar ioncam na n-earnálacha craolacháin tráchtála, pobail agus poiblí chomh maith leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Bhí áthas ar an BAI raon tacaíochtaí a chur ar fáil do na hearnálacha trí shraith tionscnamh, ar a n-áirítear tarscaoileadh ar thobhach do chraoltóirí áirithe agus babhtaí maoinithe breise don Scéim Fuaime agus Físe do sheirbhísí raidió tráchtála agus pobail. Bhí áthas orainn freisin go bhfuaireamar maoiniú breise ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, Catherine Martin, TD, i mí Iúil agus mí na Nollag, rud a chuir ar ár gcumas ardú a chur ar ár leithdháileadh maoinithe do bhabhtaí Fuaime & Físe ag deireadh 2020 agus tús 2021. Bhí tairbhe ar leith ag an earnáil léiriúcháin neamhspleách agus ag an earnáil teilifíse ón maoiniú breise seo chun cláir nua a chruthú.

Luaigh mé roimhe seo gur lean an BAI lena chuid oibríochtaí go rathúil le linn na bliana, d'ainneoin na srianta a cuireadh i bhfeidhm de bharr na paindéime. Cuireann an phríomhchuid den tuarascáil seo níos mó sonraí ar fáil maidir leis seo, ach is fiú béim a chur ar roinnt buaicphointí anseo.

1 Treoir (AE) 2018/08 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an 14 Samhain 2018

Thugamar athbhreithniú ar Straitéis 2017-2019 an BAI a chur i bhfeidhm chun críche níos luaithe sa bhliain, agus bhíomar buíoch as an aiseolas dearfach den chuid is mó a fuaireamar ó pháirtithe leasmhara ach roinnt moltaí praiticiúla freisin don chéad straitéis eile ón BAI arb é an straitéis deireadh é. Foilsíodh Straitéis 2021-2023 tar éis comhairliúchán a dhéanamh ag tarraingt ar dheireadh na bliana, agus ba é an t-athrú is mó a rinneadh ná téama nua Ceannaireacht le linn Athrú a thabhairt isteach, rud a ullmhóidh an eagraíocht don aistriú a bheidh ag tarlú amach anseo.

Maidir leis an ngné Iolrachta, ba é an príomh-bhuaicphointe ná gur seoladh Bunachar Sonraí Iolrachta i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), a thugann sonraí maidir le úinéireacht agus rialú ar na meáin ar fad in Éirinn – is é seo an chéad uair a cuireadh é seo ar fáil do pháirtithe leasmhara. Thacaigh DCU/FUJO le Tuarascáil bhliantúil ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters (Éire) 2020 freisin, ar nuashonrú luachmhar é ar an mbealach a ghlactar le hábhar nuachta agus na claonta atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Ina theannta sin, aithníonn cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta maidir le hInscne agus leis an nGaeilge éagsúlacht sochaí na hÉireann, agus tugann an phríomhchuid den tuarascáil achoimre ar na tionscnaimh shuntasacha go leor faoi gach réimse.

Bhí an Coiste um Chomhlíonadh gnóthach i rith na bliana agus rinneadar pleananna chun tionscadal píolótach a chur ar bun i gcomhar le hearnáil an Raidió Pobail chun cur chuige féinmheasúnaithe ar chomhlíonadh a thriail trí úsáid a bhaint as uirlis féin-thuairiscithe. Níl an uirlis seo fós ach ag tús forbartha agus tá súil go mbeidh sé bainte amach le linn 2021. Rinne an soláthar ar Thuarascálacha ar an Fheidhmíocht Tráchtála don Aire, a bhain leis an tarscaoileadh ar thobhach agus tacaíochtaí eile, obair luachmhar roimhe seo i ndáil leis an gcoincheap seo.

Tá obair shuntasach á dhéanamh ag an BAI – go hinmheánach agus go seachtrach araon – maidir le comhlíonadh timpeallachta, sóisialta agus rialachais, agus bhaineamar amach garsprioc thábhachtach nuair a bunaíodh Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin i mí na Samhna.

Réimse eile atá ag fás an t-am ar fad, de bharr go bhfuil muid rannpháirteach i líonra Litearthacht sna Meáin (Éire) ná Litearthacht na Meán. Ba bhuaicphointe ar leith den obair i mbliana ná an fhorbairt bhreise ar an bhfeachtas fógraíochta Bí Cliste ar na Meáin (Be Media Smart), a chuir béim ar Covid-19 agus bréagaisnéis. Bhí sraith imeachtaí litearthachta ar líne ar bun freisin le linn na Samhna, agus bhí freastal maith orthu ar fad.

Maidir leis na Meáin Phobail, b'fhiú suntas a thabhairt do sheoladh na Tuarascála *Sochar Sóisialta a Sholáthar* agus do thús a bheith curtha leis an fhorbairt ar Bheartas nua Meán Pobail. Baineann an earnáil phobail, chomh maith leis na hearnálacha tráchtála agus seirbhíse poiblí, tairbhe as cláir fhorleathana Foghlama Earnála, Forbartha agus Urraíochta a leanann ag tabhairt tacaíocht airgeadais do chuid mhaith tionscnamh fiúntacha. Thugamar ionchur ag deireadh na bliana don Choimisiún um Thodhchaí na Meán a bunaíodh le gairid, ina ndéantar scrúdú ar chórais maoinithe amach anseo ar na hearnálacha meán traidisiúnta ar fad in Éirinn.

Aon ghné amháin den aistriú ar bhain aiféala leis ná gur tháinig sé ag deireadh théarma ár gCathaoirleach, Pauric Travers, i mí na Nollag. Thug sé ceannaireacht thar na bearta don Údarás le linn na sé bliana roimhe sin, agus aireoidh muid uainn a chomhairle chríonna thar an tréimhse atá ag teacht. Ar ndóigh, ba mhór an t-údar dóchais athcheapadh an ceathrar ainmní ar an gComhchoiste Oireachtais a bhí sceidealaithe chun teacht ar ais ar an mbord in Eanáir 2021.

Le deireadh an téama aistrithe a thabhairt chun críche, seo é m'Athbhreithniú deireadh mar Phríomhfheidhmeannach don BAI mar go mbeidh mé ag dul ar scor i mí na Bealtaine 2021. Tá baint agam le rialáil meán le os cionn tríocha bliain agus chuir mé tús leis an obair sa Choimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách (IRTC). Bhí mé in situ le linn fhás agus athrú na heagraíochta go Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ina dhiaidh sin go hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI).

Ba mhór an onóir dom a bheith ar na Boird agus Coistí éagsúla. Bhain mé an-taitneamh as an obair, a bhíonn suimiúil an t-am ar fad agus a bhí sásúil go pearsanta. Ní bhíonn aon tuirse ag baint le hobair a bhaineann le rialáil meán, agus chas mé le scoth na ndaoine thar na blianta.

Ar ndóigh, ní sheasfainn (ná ní thiocfainn tríd) chomh fada seo murach an tacaíocht a fuair mé ó thogha na foirne, ón dream a d'oibrigh liom le linn mo laethanta leis an IRTC/BCI chomh maith le mo chomhghleacaithe sa BAI i láthair na huaire. Cinnteoidh caighdeán, gairmiúlacht, taithí agus saineolas na foirne seo go mbeidh rialáil meán i staid mhaith agus ullamh don chéad chéim eile nuair nach mbeidh an BAI ann a thuilleadh, agus go mbeidh Coimisiún na Meán ar lár an stáitse.

Guím rath ar gach duine sna hiarrachtaí sin amach anseo.

Michael O' Keeffe
Meitheamh 2021

An tÚdarás

Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás maidir le oibríocht agus feidhmiúchán an BAI, ar a n-áirítear treoir straitéiseach na heagraíochta a shocrú. Tá naonúr comhalta ar an Údarás, agus ceapann an Rialtas cúigear acu, arna n-ainmniú ag an Aire. Ceapann an Rialtas an ceathrar comhalta eile tar éis próiseas roghnúcháin faoi stiúir an Chomhchoiste Oireachtais a bhfuil freagracht orthu maidir le hábhair chraolacháin.

Léiríonn an tábla thíos ballraíocht an Údaráis agus tinreamh ar chruinnithe do 2020.

Comhalta	Cruinnithe	Ceaptha
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	10/10	02/12/2014*
Mary Curtis Uasal	9/10	31/1/2017
Alan McDonnell Uasal	10/10	02/12/2014
Grace Smith Uasal	10/10	02/12/2014
Seán Ó Mórdha Uasal	1/1	17/02/2015**
Denis Wolinski Uasal	1/1	17/02/2015**
An Dr. Rosemary Day	1/1	17/02/2015**
An tOllamh Emeritus Maeve McDonagh	0/1	17/02/2015**
Vivien McKechnie Uasal	10/10	20/03/2018

*Téarma tugtha chun críche 1/12/20
**Téarmaí tugtha chun críche 16/02/20, athcheaptha 22/12/20.

Cuimsíonn príomhfhreagrachtaí an Údaráis rialáil sheirbhísí raidió agus teilifíse pobail, tráchtála agus poiblí, cóid agus rialacha craolacháin a dhéanamh, agus maoiniú a chur ar fáil do chláir agus do chartlannú a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann.

Bhain príomhfhócas an Údaráis i 2020 lena Ráiteas Straitéise trí bliana a fhorbairt don tréimhse 2021-2023. Tá an Straitéis nua, a bhí le foilsiú in Eanáir 2021, deartha leis an tírdhreach meán atá ag síorathrú agus na forbairtí atá beartaithe sa timpeallacht rialála thar thréimhse na Straitéise a léiriú. Léiríonn an Straitéis nua an tréimhse aistrithe seo agus cuireann sé faoi treoir a thabhairt chun a chur ar a chumas leanúint le hobair an BAI, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil an acmhainn ag an eagraíocht chun déileáil le dúshláin agus deiseanna atá ag teacht an bealach.

Ghlac an tÚdarás le hobair gan pháipéar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na paindéime Covid-19 agus d'aistrigh sé go cruinnithe fíorúla Boird.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú agus fiosrúchán a dhéanamh ar ghearáin agus tá roinnt feidhmeanna tuairiscithe aige. Tá ochtar comhalta ar an gCoiste; ceathrar acu ceaptha ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, a chuimsíonn beirt ainmní ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ainmní ó Fheidhmeannas an BAI. D'fhan dhá phost an Údaráis folamh le linn 2020 de bharr gur cuireadh an 32ú Dáil ar scor agus moilleanna bainteacha sa phróiseas ceapacháin.

Léiríonn an tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh ar chruinnithe do 2020.

Comhalta	Cruinnithe	Ceaptha
An tOllamh Kevin Rafter (Cathaoirleach)	5/5	31/01/2017
Eileen Maher Uasal	5/5	31/01/2017
Nigel Heneghan Uasal	5/5	17/02/2015
Orlaith Carmody Uasal	5/5	03/09/2019
Stephanie Comey Uasal	5/5	23/01/2020
Andrew Robinson Uasal	4/5	23/01/2020

Chuaigh an **Coiste um Chomhlíonadh** i mbun gnímh maidir le roinnt imeachtaí, de réir a chuid feidhmeanna i 2020, ar a n-áirítear:

- Teacht ar shocrú i dtaobh na ngearán a rinne baill den phobal i gcoinne craoltóirí maidir le cloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha maidir le comhlíonadh craoltóirí teilifíse faoina gcuid oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana an BAI;
- An tuarascáil chuig an Aire ar chomhlíonadh chraoltóirí nach craoltóirí de chuid na hÉireann iad ar Chód Cumarsáide Tráchtála Ginearálta an BAI a mheas agus a cheadú.

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as próisis iarratais ceadúnas a fheidhmiú do na seirbhísí craolacháin. Tá ochtar comhalta ar an gCoiste; tá ceathrar acu ceaptha ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, ar a n-áirítear beirt ainmní ó chomhaltaí an Údaráis agus beirt ainmní ó Fheidhmeannas an BAI.

Léiríonn an tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh ar chruinnithe do 2020.

Comhalta	Cruinnithe	Ceaptha
Ercus Stewart Uasal (Cathaoirleach)	8/8	10/03/2015
John Hogan Uasal	8/8	10/03/2015
Eimear McGovern Uasal	2/2	10/03/2015
Clodagh O'Donnell Uasal	8/8	31/01/2017
Seán Ó Mordha Uasal	1/1	19/10/2017
Anne Louise O'Donovan Uasal	8/8	30/01/2020
Clare Diamond Uasal	7/8	30/01/2020

I measc phríomhghníomhaíochtaí an **Choiste um Dheonú Conarthaí** i 2020, bhí:

- Pleananna ceadúnaithe do sheirbhísí raidió tráchtála agus pobail a chur i bhfeidhm de réir mar a threoraíonn an tÚdarás;
- Iarratais ar chonarthaí soláthair ábhair a mheas;
- Iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime pobail sealadach agus píolótach a mheas.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca (AIR) bunaithe mar bhuanchoiste an Údaráis. Cuimsíonn a chuid dualgais agus freagrachtaí córais rialaithe inmheánaigh, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Tá triúr comhalta den Údarás ar an gCoiste agus comhalta neamhspleách neamhfheidhmiúcháin.

Léiríonn an tábla thíos ballraíocht an Choiste agus tinreamh ar chruinnithe do 2020.

Comhalta	Cruinnithe
Alan McDonnell Uasal (Cathaoirleach)	4/4
Denis Wolinski Uasal	4/4
Dermot O'Riordan Uasal (Neamhfheidhmeannach neamhspleách)	4/4
Vivien McKechnie Uasal	3/4

Chuaigh an **Coiste AIR** i mbun roinnt gníomhaíochtaí i 2020, ar a n-áirítear:

- Maoirseacht a dhéanamh ar chóras na rialuithe inmheánacha, ar a n-áirítear ráitis airgeadais, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach BAI agus an Chiste Craolacháin;
- Idirghabháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hIniúchóirí Inmheánacha;
- Tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaigh a mheas;
- Gníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca ar a n-áirítear maoirseacht ar Chlár Riosca Corparáide an BAI.

Foireann Feidhmiúcháin an BAI

Tacaíonn an fhoireann Feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, lena bhuanchoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus leis na Coistí reachtúla um Chomhlíonadh agus um Dheonú Conarthaí.

Tá obair an BAI faoi threoir Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a fhaigheann tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm straitéise agus pleanáil don eagraíocht ina iomláine, i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Oibríonn an BAI struchtúr maitríse trína n-oibríonn an fhoireann ar bhealach solúbtha thar gach réimse gníomhaíochta de réir mar a bhíonn riachtanais ag an ngnó.

Tá achoimre thíos ar an bhfoireann iomlán a bhí fostaithe ag an BAI ar an 31 Nollaig 2020:

Oifig an POF:

An Príomhfheidhmeannach
Michael O'Keeffe

An Leas-phríomhoifigeach Feidhmiúcháin
Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Aoife Clabby*, Stephanie Comey, Clare Diamond, Ciarán Kissane, Declan McLoughlin, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Anne Louise O'Donovan, Andrew Robinson

Bainisteoirí:

Liam Boyle, Richard Brennan, Gillian Collins, Philip Cooper, Jean Crampton, Monica Doyle, Elizabeth Farrelly, Brian Furey**, Patrick Goodliffe, Sarah Herron, Sally Kennedy, Jane McCarthy, Louise McLoughlin, Sara McNamara, Deborah Molloy Bergin, Fionnuala Murphy, agus Roger Woods.

Oifigigh Feidhmiúcháin:

David Carrie**, Jill Caulfield, Colm Coyne, Lucy Cuddihy, Rachel Ferguson, Teresa Kearns, Caroline Keville, Martina Mimnagh, Kevin Morgan, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone, Deborah Wade

Oifigigh Cléireachais:

Barry Casey, Laura Forsythe, Jennifer Gilsenan, Jessica Scott

* Ar iasacht
** Ar bhriseadh gairme

Ráiteas Straitéise an BAI 2017-2019

Cuireadh tús i 2019 le hathbhreithniú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht Ráiteas Straitéise an BAI 2017-2019. Leanadh leis an obair seo i 2020, agus sheol an BAI Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2021-2023 in Eanáir 2021.

D'oibrigh an BAI plean oibre aistrithe i 2020, ag baint úsáide as na cuspóirí agus na torthaí a bhí cheana ar Ráiteas Straitéise 2017-2019. Dá réir sin, léiríonn struchtúr na tuarascála seo téamaí agus spriocanna straitéiseacha an Ráitis sin.

Buaicphointí 2020

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

D'fhoilsigh an BAI roinnt tuarascálacha luachmhara taighde le linn 2020 a bhain le héagsúlacht agus iolarthacht sna meáin a chur chun cinn. Rinne taighde a rinneadh thar cionn an BAI scrúdú ar an dul chun cinn a rinne Facebook, Google, Twitter agus Microsoft de réir mar a rinneadar iarracht cur lena gcuntasacht maidir leis an ábhar a bhíonn acu agus a chuireann siad chun cinn ina gcuid seirbhísí in Éirinn trína dtiomantas don Chód Eorpach féin-rialála um Chleachtas ar Bhréagaisnéis. Lean an BAI freisin le ionchuimsiú na hÉireann i dTuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ag Institiúid Reuters (Éire) 2020 a mhaoiniú agus sheol sé acmhainn nua úinéireachta meán ar líne. Cuirfidh an láithreán gréasáin **www.mediaownership.ie** bunachar sonraí éasca le cuardach ar fáil maidir le húinéireacht meán in Éirinn.

Shínigh an BAI conarthaí ar mheascán seirbhísí raidió le linn na bliana. Síníodh conradh raidió pobail nua le Comharchumann Cumarsáide Pobal Bhaile Átha Cliath Thoir-Thuaidh Teoranta a bhíonn ag trádáil mar Near FM, a dhéanann freastal ar Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath. Síníodh conarthaí freisin le trí stáisiún raidió tráchtála. Bronnadh conarthaí 10 mbliana an ceann ar City Broadcasting Limited, a bhíonn ag trádáil mar Q102 Bhaile Átha Cliath, Choice Broadcasting Limited, a bhíonn ag trádáil mar Classic Hits agus Classic Rock Broadcasting Limited, a bhíonn ag trádáil mar Radio Nova. Síníodh 20 conradh in áiteanna eile le hoibreoirí do stáisiúin a bhí ag obair go sealadach ar fud na tíre.

Rinne an Scéim Maoinithe Craolacháin leithdháileadh de bheagnach €16m chun cabhrú le 235 tionscadal Teilifíse agus Raidió a léiriú. Bhí ceithre bhabhta iarratais ar bun i rith na bliana agus bhí eisíocaíocht de €3m breise a fuair an tAire mar chuid den leithdháileadh maoinithe sin.

Lean an BAI ag cur chun cinn a chuid tiomantas, a raibh achoimre orthu faoi cheithre cholún a Phlean Gníomhaíochta Inscne. Díríonn na colúin sin ar bhailiú sonraí agus ar fhoilseachán, ar thaighde, ar thionscnaimh agus cuntasacht inscne a spreagadh. Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt tionscnamh inscne faoin Scéim Foghlama & Forbartha Earnála i 2020 ar a n-áirítear an tionscadal X-Pollinator Incubator, a ritheadh i gcomhpháirtíocht le Screen Skills Ireland agus Fís Éireann, painéal de chuid Women in Film and Television *In Her Voice* ag Féile Scannánaíochta Chorcaí agus ceardlann oibre de chuid Chuallacht Scríbhneoirí na hÉireann Adding to your Writer's Toolbox do scríbhneoirí ban a bhíonn ag obair san earnáil chlosamhairc.

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

Ceapadh an Leas-phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Celene Craig, Uasal mar chomhalta Boird ar an nGrúpa Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA). Tugann ERGA, a bhfuil ionadaithe ann ó chumainn rialála náisiúnta na 27 ballstát de chuid an AE, comhairle do Choimisiún na hEorpa ar ábhair a bhaineann le feidhmiú na Treorach AE maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AMSVD). Trína rannpháirtíocht in ERGA ta ról suntasach ag an BAI ina chuid ullmhúcháin don AVMSD, trí ghnéithe éagsúla den Treoir a chur ag obair go praiticiúil, agus tús a chur le socruithe comhoibrithe idir rialtóirí náisiúnta. Leanann an BAI le rannpháirtíocht leathan a bheith aige le réimse imreoirí san earnáil chlosamhairc, ar a n-áirítear craoltóirí, seirbhíse físe ar éileamh agus ardáin meán sóisialta, chomh maith le leasanna reachtúla agus neamhreachtúla i réimse Ábhair Dhíobhálaigh ar Líne.

Rinne an BAI cathaoirleacht ar ghrúpa oibre Rialtóirí Eorpach ar bhréagaisnéis i 2019-2020 a bhí freagrach as cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht Chód Cleachtais dheonach Eorpach ar Bhréagaisnéis. Bhí sé sin deartha chun déileáil le leathadh bréagaisnéise agus bréagnuacht – cuimsíonn na sínitheoirí ar an gCód ardáin ar líne, príomhlíonraí meán shóisialta, fógróirí agus tionscal na fógraíochta.

Luchtanna Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

Lean an BAI ag tabhairt tacaíochta do Litearthacht sna Meáin, Éire. Scaoil an líonra amach an dara leagan dá fheachtas eolais Be Media Smart. D'iarr an feachtas i 2020 ar an bpobal "Stop, Machnaigh agus Seiceáil" an bhfuil an t-eolas a léann siad, a fheiceann siad, a chloiseann siad, nó go deimhin a roinneann siad thar ardáin, cruinn agus iontaofa agus iad ag admháil na dúshláin chumarsáide a tháinig chun cinn de bharr na paindéime, agus údar imní bréagaisnéise sa chomhthéacs seo. Tugadh poiblíocht don fheachtas thar Raidió, Teilifís agus ar líne.

Bhí a chéad bhliain iomlán oibríochta ag ardán gearán ar líne an BAI i 2020. Déanann an córas nua níos éasca é don phobal agus do chraoltóirí dul i dteagmháil leis an BAI agus laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin a bhaineann le gearáin a phróiseáil.

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

Bhí tionchar shuntasach ag an bpaindéim Covid-19 ar an earnáil craolacháin i 2020. D'oibrigh an BAI go dlúth leis an Aire agus le craoltóirí i rith na bliana chun réimse beart a thabhairt isteach a thabharfadh tacaíocht don earnáil agus a chuirfeadh ar a chumas leanúint air lena ról tábhachtach le heolas riachtanach agus ábhar cláir a chur ar fáil do lucht féachana agus éisteachta. Thug an BAI roinnt tuarascálacha chun críche a rinne an tionchar airgeadais ar stáisiúin raidió neamhspleách de bharr na paindéime a mheas agus chuireadar bonn fianaise ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht. Ghlac an BAI le hiarratas ón Aire íocaíochtaí tobhach a tharscaoileadh ón earnáil raidió neamhspleách do na chéad sé mhí de 2020.

Seoladh tacar sochair sóisialta do chraoltóirí pobail chun an Lá Náisiúnta Raidió Pobail a cheiliúradh. Rinne tuarascáil a ghabh leis, Raidió Pobail – ag Seachadadh Sochair Shóisialta, scrúdú ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm modheolaíocht meastóireachta a thugann aghaidh ar an riachtanas reachtúil atá ag na meáin phobail sochar sóisialta a sholáthar don phobal ar a bhfreastalaíonn sé. Uirlis luachmhar a bheidh anseo ag craoltóirí agus cabhróidh sé leo na sochair a ghineann siad a aithint agus iad a léiriú do dhaoine eile.

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú

Bhunaigh agus d'fhorbair an BAI Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin feadh earnála i gcomhthéacs a thiomantas straitéiseach le ceannaireacht a léiriú sa chleachtas is fearr ó thaobh timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta de. Tá sé mar aidhm aige an cleachtas is fearr a chothú agus chun an tacaíocht a chur ar fáil chun go mbeidh earnáil craolacháin na hÉireann ina cheannaire inbhuanaitheachta a bhaineann úsáid as a ghuth coiteann chun todhchaí atá níos glaise, níos cuimsithí, agus a bhfuil níos mó teacht aniar ann a chruthú do gach duine.

An tUachtarán Michael D Higgins agus Sabina Higgins ag freastal ar thaispeáint phríobháideach den scannán as Gaeilge Arracht, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI.

Alt 1:

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

Cuspóirí Straitéiseacha an BAI:

1. Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
2. Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha.
3. Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é.
4. Clárúchán den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.

Torthaí Chuspóirí Straitéiseacha:

1. Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta.
2. Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta á mhéadú.
3. Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

Tá ceithre phríomhtháirge insoláthartha laistigh den phlean oibre a thacaíonn go príomha leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Clúdaíonn siad sin réimse iolarthachta meán; seirbhísí craolacháin; scéimeanna maoinithe craolacháin agus éagsúlacht sochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin. Tugtar tuilleadh sonraí fúthu sin thíos.

Iolarthacht Meán

Lean an BAI le hiolarthacht a chur chun cinn san earnáil chraolacháin le linn 2020. Is téama lárnach é iolarthacht i Ráiteas Straitéise an BAI, agus tá an tÚdarás tiomanta ar mheascán ghuthanna agus tuairimí a éascú agus chun a chinntiú go mbeidh iolarthacht foinsí meán ann do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann. Tá gníomhaíochtaí an BAI curtha le chéile le Beartas Iolarthachta an BAI (2019) agus Beartas Úinéireachta agus Rialála an BAI (2019). I dteannta na ngníomhaíochtaí ceadúnaithe agus comhlíonta atá leanúnach, tá an BAI ag tógáil ar lámh raon gníomhaíochtaí taighde agus gníomhaíochtaí eile a chuireann pléite chun cinn agus a chuireann cruth orthu faoi iolarthacht na meán in Éirinn. Ar na príomhghníomhaíochtaí sa réimse seo le linn 2020 bhí:

Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Chóid Cleachtais ar Bhréagaisnéis – CodeCheck

Tá ról ceannaireachta ag an BAI i bhfoghrúpa ar Bhréagaisnéis de Ghrúpa Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA). Tá an foghrúpa ag cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chóid Cleachtais ar Bhréagaisnéis. Chun tacú leis an ngníomhaíocht seo rinne an BAI an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) a choimisiúnú leis an mbealach ar chuir Facebook, Twitter, Microsoft, agus Google a gcuid tiomantas faoin gCód Cleachtais deonach seo i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt air.

Tháinig Codecheck, a foilsíodh san Aibreán 2020 ar an gconclúid go raibh roinnt dul chun cinn déanta ag na sínitheoirí lena gcuid tiomantas faoi chúig cholún an Chóid a chur chun cinn. Mar sin féin, fuarthas amach go raibh roinnt laigí suntasacha ann fós maidir le hábhar agus struchtúr an Chóid, agus leis na próisis maidir leis na tiomantais a thuairisciú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm, go háirithe ag leibhéal náisiúnta.

Léiríodh anailís an BAI i dTuarascáil fhoriomlán ERGA a foilsíodh i mí na Bealtaine 2020, a chuimsigh roinnt moltaí ar leith chun an Cód a neartú. Bhí tuilleadh teagmhála ag an BAI leis an gCoimisiún Eorpach, trí ERGA, ar an ábhar seo sa dara leath de 2020, agus tá an obair seo ag leanúint agus tá cleachtadh eile beartaithe le haghaidh tús 2021.

Bunachar Sonraí Úinéireacht Meán

Sheol an BAI láithreán gréasáin tiomanta nua, **www.mediaownership.ie** i mí na Samhna 2020, a chuireann eolas ar fáil faoi úinéireacht agus méid scaireanna i gcomhlachtaí meán Éireannacha. Rinne an BAI Scoil Chumarsáide Ollscoil Bhaile Átha Cliath a choimisiúnú chun láithreán gréasáin a dhearadh agus a choimeád a chuireann bunachar sonraí tagartha atá struchtúrtha agus inchuardaithe do ghnóthaí meán ar fáil a dhéanann freastal ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ag baint úsáide as na sainmhínithe i mBeartas Iolarthachta Meán an BAI. Cuimsíonn na margaí meán atá sa bhunachar sonraí nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, stáisiúin raidió, cainéil teilifíse, agus láithreáin ghréasáin meán. Is féidir le baill den phobal cuardach trí ionad díolta, úinéir agus scairshealbhóir chun tuiscint níos fearr a fháil ar thírdhreach meán na hÉireann. Ghlac an bunachar sonraí leis an gcreat sainmhínitheach san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 agus beidh sé ina acmhainn luachmhar do thuarascáil an BAI ar an tionchar a bheidh ag athruithe ar úinéireacht meán idir 2018-2020 ar iolarthacht na meán sa stát. Cuirfidh an BAI an tuarascáil seo chuig an Aire i 2021.

Tuarascáil Reuters ar an Nuacht Dhigiteach

D'fhoilsigh an BAI an séú heagrán de Thuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach (Éire) i mí an Mheithimh 2020. Leanann an BAI le maoiniú a dhéanamh ar ionchuimsiú na hÉireann i staidéar de chuid Reuters ar Nuacht Dhigiteach, a bhfuil sé mar aidhm aige tuiscint a fháil ar an mbealach a ghlacann lucht féachana agus éisteachta domhanda le hábhar nuachta.

Mar a tharla i mblianta eile, rinne an BAI an Institiúid um Meáin Chumarsáide agus Iriseoireacht sa Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) a choimisiúnú chun tuarascáil ar leith a chur ar fáil ar thorthaí na hÉireann ar an suirbhé.

Bhreathnaigh an tuarascáil, den chéad uair i 2020 ar an spéis a bhí ag tomhaltóirí na hÉireann i nuacht áitiúil. Fuair sé amach go raibh caidreamh níos láidre ag tomhaltóirí Éireannacha le nuacht áitiúil ná in aon áit eile ar domhan. Thug príomhthorthaí eile ón staidéar ar aird gurb iad na meáin shóisialta an phríomhfhoinse nuachta do dhaoine óga, rud atá ag dul i dtreis, go bhfuil imní ar dhaoine i gcónaí faoi 'bhréagnuacht' ar an idirlíon agus go bhfuil fás ag teacht an t-am ar fad ar éisteacht phodchraolta in Éirinn.

Tuarascáil Riail an AE um Dhlí 2020

Chuir an BAI eolas ar fáil d'fhoireann DG Ceartais agus Tomhaltóirí an Choimisiún Eorpaigh a bhí ag ullmhú an chéad Tuarascáil ar Riail an AE um Dhlí. Cuireann an Tuarascáil, a foilsíodh sa Mheán Fhómhair 2020, measúnú ar fáil ar staid Rialach an Dlí ar fud an AE agus i ngach Ballstát faoina príomhtheidil: Córas Ceartais, Creat Frit-Éilithe agus Iolarthacht Meán. Tháinig an Tuarascáil ar an gconclúid, go ginearálta "maidir le iolarthacht meán, oibríonn barántais bunreachtúla agus struchtúir rialála daingne laistigh de chultúr polaitiúil a sheachnaíonn idirghabháil a dhéanamh in ábhar eagarthóireachta ionaid meán agus a chuireann cosc le coinbhleacht leasa i dtéarmaí úinéireachta meán".

Is príomhfhoinse eolais é an Monatóir Iolarthachta Meán (Media Pluralism Monitor) a d'fhoilsigh an Lárionad Iolarthachta Meán i Flórans na hIodáile do Thuarascáil na Rialach um Dhlí. Leanann an BAI a bheith ag gníomhú mar shaineolaí athbhreithnithe ar fheidhmiú an mhonatóra seo in Éirinn agus cuireann sé le pléite maidir leis an mbealach a dtiocfadh forbairt ar an uirlis chun an tírdhreach meán atá ag athrú a léiriú.

Straitéis Sheirbhísí Craolacháin

Cuireann an Straitéis Sheirbhísí Craolacháin an creat ar fáil don BAI chun pleananna ceadúnaithe agus gníomhaíochtaí ceadúnaithe a bhaineann leo a fhoirmliú. Is é ceann de na príomhbhealaí a gcomhlíonann an tÚdarás cuid mhaith dá chuid oibleagáidí reachtúla, agus go háirithe an príomhchuspóir reachtúil atá aige iarracht a dhéanamh a chinntiú go dtugann an líon agus na catagóirí seirbhísí craolacháin atá sa Stát an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag tabhairt san áireamh a dteangacha, traidisiúin, éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúrtha. Tacaíonn sé freisin le seirbhísí craolacháin oscailte agus iolarthachta a chur ar fáil in Éirinn.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe Raidió 2020

Lean an BAI, i 2020 le pleananna ceadúnaithe a chur i bhfeidhm do raidió tráchtála agus pobail, rud a raibh bualadh faoi phróisis ceadúnaithe do sheirbhísí a bhí ann ach a raibh a gcuid conarthaí ag dul in éag. Faoi réir cheadú an Údaráis, chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí na pleananna i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Faoi dheireadh na bliana, bhí conarthaí sínithe do thrí sheirbhís tráchtála agus do sheirbhís phobail amháin. Bhí an próiseas ceadúnaithe do sheirbhís eile gar de bheith críochnaithe. Tá mionsonrú ar na seirbhísí atá i gceist agus an stádas a bhí acu ar an 31 Nollaig 2020 sna táblaí thíos.

Raidió Tráchtála

Stáisiún	An Cineál Stáisiúin	An Lucht Éisteachta Sprice	Limistéar an tSainch-eadúnais	Stádas 31 Nollaig 2020	Iarratasóir/ Conraitheoir
Classic Hits	Seirbhís ilchathracha atá Bunaithe at Cheol	Aoisghrúpa 45+	Cathair, Contae agus Crios Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath agus Contaetha Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus an Chláir	Síníodh an Conradh	Choice Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil mar Classic Hits
Dublin's Q102	Seirbhís Bunaithe ar Cheol do lucht éisteachta Ginearálta	Aoisghrúpa 35–55	Cathair & Contae Bhaile Átha Cliath	Síníodh an Conradh	City Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil mar Dublin's Q102
Radio Nova	Seirbhís bunaithe ar rac-cheol clasaiceach	25 Bliain +	Cathair, Contae agus Crios Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	Síníodh an Conradh	Classic Rock Broadcasting Ltd a bhíonn ag trádáil mar Radio Nova
Spirit Radio	Seirbhís Chríostaí agus reiligiúnach	15 Bliain +	Gar-náisiúnta	Próiseas Ceadúnúcháin ar siúl	Spirit Radio Ltd a bhíonn ag trádáil mar Spirit Radio

Raidió Pobail

Stáisiún	An Cineál Stáisiúin	An Lucht Éisteachta Sprice	Limistéar an tSainch-eadúnais	Stádas 31 Nollaig 2020	Iarratasóir/ Conraitheoir
Near FM	Seirbhís Raidió Pobail	Pobal Áitiúil	Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath	Síníodh an Conradh	Dublin Northeast Community Communications Co-operative Society Ltd a bhíonn ag trádáil mar Near FM

Seirbhísí Craolacháin Fuaime Sealadacha

Maidir le hAlt 68 den Acht Craolacháin 2009, is féidir leis an BAI conarthaí a dhéanamh le hiarratasóirí chun seirbhísí craolacháin fuaime a sholáthar a bheadh ag obair ar feadh achair ghearr. Is iad an dá phríomhchineál seirbhísí raidió sealadacha a thairgtear: 1) iad siúd a oibríonn seirbhís raidió shealadach rialta ar feadh suas le 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mí, agus 2) iad siúd a oibríonn seirbhís phíolótach raidió sealadach pobail ar feadh suas le 100 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mí.

D'iarr iarratasóirí ar Sheirbhísí Sealadacha conarthaí craolacháin fuaime 30 lá le haghaidh réimse gníomhaíochtaí éagsúla le linn 2020. De bharr staid Covid-19, bhíothas dírithe den chuid is mó ar nós pictiúrlann tiomáin isteach agus imeachtaí feasachta. Rinne an Coiste um Dheonú Conarthaí iarratais ar Sheirbhísí Pobail Phíolótacha ó ghrúpaí pobail a bhí ag lorg conradh craolacháin fuaime 100 lá thar 12 mí a mheas chun cláir a bhí dírithe ar an bpobal agus éascaíocht clár a sholáthar.

I 2020, bhronn an Coiste um Dheonú Conarthaí 21 conradh sealadacha craolacháin fuaime. Tháinig ocht n-iarratas ó ghrúpaí pobail phíolótacha seanbhunaithe nó ó ghrúpaí pobail nua a dteastaíonn uathu teacht chun cinn, agus is do chuspóirí imeachta speisialta a bhí 13 de na hiarratais.

Conarthaí Soláthair Ábhair

Déantar foráil le hAlt 71 den Acht Craolacháin 2009 maidir le conarthaí soláthair ábhair a dheonú i gcomhair seirbhísí teilifíse agus raidió. Iarrtar ar iarrthóirí ar éirigh leo a lorgaíonn an cineál seo conartha craoladh ar leithligh a shocrú ar ardán cuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte, ar theilifís trastíre dhigiteach nó ar Phrótacal Idirlín. Lean an BAI le teagmháil a dhéanamh le craoltóirí bunaithe sa RA chun iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht go n-aistreoidís a gcuid oibríochtaí go hÉirinn mar ullmhúchán don Bhreatimeacht. Maidir leis seo, b'fhiú a thabhairt ar aird gur rinneadh iarratas ar dhá chonradh agus gur deonú iad i gcomhair seirbhísí a chuireann Discovery Broadcasting Ireland ar fáil.

Fuair an BAI sé iarratas faoi Alt 71 i 2020 ar na seirbhísí seo a leanas:

Iarratasóir	Ainm Seirbhíse	Cur Síos ar an tSeirbhís
Discovery Broadcasting Ireland	'Really' agus 'HGTV'	Is cainéal do shiamsaíocht ghinearálta é Really, a dhíríonn ar imeachtaí beo dáiríre agus ar shiamsaíocht bheo. Is cainéal nós maireachtála é HGTV, a sholáthraíonn ábhar atá dírithe ar an teaghlach, ar chócaireacht agus ar gharraíodóireacht
Eircom Limited	'eir Sport 1' agus 'eir Sport 2'	Cuireann siad ábhar spóirt beo ar fáil nach mbeadh ar fáil ar theilifís trastíre in Éirinn murach sin
Eurasian Broadcasting Enterprise Limited	'Setanta Sports 3'	Comhcheangal de spórt beo/buaicphointí spóirt athchraolta agus cláir irise agus spóirt a mbeadh suim ag an bpobal i gcoitinne iontu.
QYOUTV International Limited	'QYOU TV'	Cláir ar fhoirm ghearr, atá léirithe go gairmiúil agus coimeádta ó ábhar atá ar fáil ar líne
United Christian Broadcasters (Ireland)	'UCB Ireland'	Seirbhís raidió Críostaí, atá déanta suas de mheascán ceoil nua-aimseartha Críostaí, agallaimh, scéalta daonna, cláir oideachasúla, speisialtóra agus cláir díospóireachta
Premier Media Broadcasting Limited	'Premier Sports 1' and 'Premier Sports 2'	Craolann sé spórt beo, ar a n-áirítear peil, rugbaí sraithe, leadóg, haca oighir, cispheil, MMA, cruicéad, lúthchleasaíocht, coraíocht agus rothaíocht

Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim

Lean an BAI ag dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí agus ranna na RA agus na hÉireann faoi speictream agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis le linn 2020 chun a chinntiú go mbeadh timpeallacht dhearfach ann chun seirbhísí craolacháin a fhorbairt in Éirinn. Cabhraíonn bainistíocht agus pleanáil speictrim lena chinntiú go bhfuil úsáid éifeachtach á bhaint as speictream raidió i dtéarmaí eacnamaíochta, sóisialta agus teicniúla.

Caithfidh tíortha atá in aice a chéile teacht ar chomhaontú maidir le gnéithe teicniúla stáisiúin chraolacháin. Cabhraíonn na comhaontuithe sin lena chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach tír don speictream craolacháin. Oibríonn an BAI go dlúth le ComReg chun anailís a dhéanamh ar mholtaí craolacháin ó thíortha sa chomharsanacht chun a chinntiú nach gcuirfeadh aon athrú srian rómhór ar chlúdach chraoltóirí in Éirinn faoi láthair nó amach anseo. Mar an gcéanna, b'fhéidir go gcaithfí teacht ar chomhaontú faoi mholtaí as Éirinn le tíortha sa chomharsanacht sular féidir an stáisiún tarchuir a chur i bhfeidhm. Le linn 2020 rinne an BAI moltaí a mheas agus a fhorbairt do chlúdach FM a bheadh feabhsaithe amach anseo d'Oirthear na Gaillimhe, Conamara, Tiobraid Árann, Contae na hlarmhí agus an Ceantar Lártíre Thuaidh. D'iarr ComReg ceadúnais freisin do stáisiúin raidió pobail sealadacha agus píolótacha, ar a n-áirítear clúdach breise do Christmas FM.

Scéimeanna Maoinithe Craolacháin

Is é an sprioc atá ag Ciste Craolacháin an BAI ná cur le rochtain an phobail ar chláir raidió agus teilifís ar ardchaighdeán i mBéarla agus i nGaeilge agus cartlannú ar ábhar cláir atá déanta le craoladh, a dhéanann cothabháil ar thaifead stairiúil de chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann a mhaoiniú. Déantar an fáltas do Chiste a ghiniúint go ginearálta trí 7% den ghlanioncam bliantúil a thagann ón táille cheadúnais teilifíse.

Is iad na scéimeanna atá ag obair faoin gCiste ná **Fuaim & Fís**, a thacaíonn le cláir agus bearta coimhdeacha a mhaoiniú agus **Scéim Chartlannú 2**, a chuireann maoiniú ar fáil chun cultúr cartlainne a fhorbairt in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht agus taithí chraolacháin na hÉireann a chothabháil.

Cuireadh tuilleadh leis an gciste a bhí ar fáil don scéim Fuaime & Físe i 2020. Fuair an tAire Turasóireachta Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, Catherine Martin, T.D., maoiniú breise de €2m i Spreagadh mhí Iúil agus €4.9m eile i mí na Nollag 2020. Rinneadh €3m de seo a leithdháileadh ar bhabhtaí maoinithe Fuaime & Físe i 2020 agus déanfar an fuílleach a leithdháileadh sna babhtaí eile go luath i 2021.

D'oibrigh an BAI ceithre bhabhta maoinithe den Scéim Fuaime & Físe i 2020. Rinne an BAI mionathrú ar na próisis riaracháin le haghaidh Fuaim & Fís, agus iad ar an eolas faoina staideanna margaidh dúshlánacha a bhí ag na hoibreoirí margaidh meán ar fad mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda agus an gá le bheith freagrúil inár gcur chuige ar na próisis conartha agus íocaíochta.

Babhtaí Maoinithe Fuaime & Físe i 2020

Is é an Scéim Maoinithe Chraolacháin atá i bhfeidhm faoi láthair ná Fuaim & Fís 4, a cheadaigh an t-iar-Aire Richard Bruton, T.D., i Márta 2020 ar feadh tréimhse trí bliana, go dtí Márta 2023.

Dhaingnigh Údarás an BAI na moltaí ar dheonú maoinithe do dhá bhabhta maoinithe oscailte, Babhta 34 agus 37 agus dhá bhabhta maoinithe sprice, Babhta 35, an Ciste Covid-19 don Earnáil Raidió Tráchtála Neamhspleách, agus Babhta 36, an Ciste raidió pobail don Earnáil Raidió Pobail.

Fuaim & Fís 3

Ba é Babhta 34 an babhta maoinithe oscailte deiridh a cuireadh i bhfeidhm faoi Fhuaim & Fís 3. Chuimsigh an pacáiste maoinithe a bhí molta don bhabhta seo 126 tionscadal de luach iomlán €7.02m; fuair 36 tionscadal closamhairc maoiniú de €6.41m agus fuair 90 tionscadal maoiniú de €605,000.

Fuaim & Fís 4

Bhí Babhta 35 ar an gcéad bhabhta a cuireadh i bhfeidhm faoi Fhuaim & Fís 4 san Aibreán 2020. Bhí an babhta seo dírithe ar an earnáil raidió tráchtála neamhspleách ag teacht ó iarratas Aire. Bhí €2.5m ar fáil chun tacú leis an tionscal le hábhar cláir a dhéanamh atá dírithe ar chur le feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna domhanda agus, sa chás seo, Covid-19. Chuimsigh an pacáiste maoinithe don bhabhta seo 32 tionscadal fuaime de luach €2.5m.

Ba bhabhta maoinithe sprice é Babhta 36 ag teacht ó iarratas Aire. Dhírigh an babhta seo ar thacaíocht maoinithe a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí Sochair Sóisialta na hearnála Raidió Pobail. Chuimsigh an pacáiste maoinithe 22 tionscadal fuaime de luach iomlán €669,000.

Tugadh Babhta 37, ar bhabhta maoinithe oscailte é agus an ceann deiridh a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán le linn 2020, tugadh é chun críche leis an bpacáiste maoinithe molta do 55 tionscadal ar chiste iomlán de €5.58m. Bronnadh maoiniú de €5.28m ar 23 tionscadal closamhairc agus bronnadh €289,000 ar 32 tionscadal fuaime. Bhí maoiniú breise de €3m a fuair an tAire Catherine Martin, T.D., san áireamh sa leithdháileadh maoinithe seo.

Ag teacht le critéir na Scéime agus aidhmeanna straitéiseacha an Údaráis, tacóidh an maoiniú atá leithdháilte le cláir a léiriú thar sheánraí agus fhormáid éagsúla agus aird á thabhairt acu ar an nGaeilge, ar éagsúlacht luchtanna féachana/éisteachta agus eilimintí déimeagrafacha.

Cinntíonn an leathadh maoinithe seo go mbeidh raon leathan ábhar ar ardchaighdeán a bhaineann le hoidhreacht agus cultúr na hÉireann ar fáil do luchtanna féachana/éisteachta.

Leanann craoltóirí, léiritheoirí neamhspleácha agus luchtanna féachana/éisteachta de bheith ag fáil tairbhe ón gciste. Ba dhíol suntais é i 2020 deonú thacaíocht maoinithe do chonraitheoirí craolacháin tráchtála réigiúnaí agus fuaime áitiúla sa Stát ag teacht ó thionscnaimh Maoinithe Covid-19 agus Raidió Pobail. Thacaigh an maoiniú le hábhar saincheaptha a léiriú do lucht éisteachta na hÉireann ag leibhéil náisiúnta, áitiúil agus pobail, rud a raibh tábhacht ar leith leis ag am seo na paindéime domhanda.

Chuir an t-ábhar maoinithe ábhar sóisialta ar ardleibhéal agus gníomhaíocht fhor-rochtana pobail ar fáil freisin nárbh fhéidir a dhéanamh murach sin. Bhí na formáidí ábhar agus an t-ábhar féin éagsúil agus chlúdaigh sé deighleoga fíor, oideachasúil, eolais, sláinte, daonna, pobail / sóisialta / for-rochtana, gnó, talmhaíocht, meabhairshláinte & folláine, ealaín agus cultúr, siamsaíocht, ceol beo, dráma grinn, reiligiúnach agus idirghníomhach.

Leanadh leis an maoiniú chun tacú le cláir Ghaeilge, nó dátheangach a léiriú agus bhí sé thart ar 27% ina iomláine i 2020. Lean an BAI freisin le mná a spreagadh le go mbeadh níos mó rannpháirtíochta acu i bpríomhróil chruthaitheacha agus bhí sé sin ináirithe mar shlat tomhais le tionscadail a mheas.

Miondealú ar Raidió/Teilifís, ar an Cineál Craoltóra, an Lucht Féachana agus Éisteachta agus teanga clár 2020

Raidió / Teilifís	An Líon Tionscadal	€ Cistí Iomlána a Dámhadh	%
Raidió	176	€4,063,613.00	25.77%
Teilifís	59	€11,705,965.00	74.23%
An Cineál Craoltóra			
Tráchtáil	84	€4,246,236.00	26.93%
Pobail	78	€1,317,329.00	8.35%
CSP	73	€10,206,013.00	64.72%
An Lucht Féachana agus Éisteachta			
<15	12	€2,102,990.00	13.34%
15-34	11	€999,510.00	6.34%
35-54	13	€583,365.00	3.70%
55+	1	€35,807.00	0.23%
Gach Aosach	155	€8,511,212.00	53.96%
Teaghlach	43	€3,536,694.00	22.43%
Teanga an Chláir			
Dátheangach/ilteangach	1	€132,000.00	0.84%
Dátheangach	20	€2,547,173.00	16.15%
Béarla	201	€11,372,980.00	72.12%
Gaeilge	13	€1,717,425.00	10.89%
Totals	**235**	**€15,769,578.00**	**100.00%**

Scéim Chartlainne 2

Cuireann Scéim Chartlainne an BAI tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun cultúr cartlainne a fhorbairt in earnáil chraolacháin na hÉireann a chuidíonn le hoidhreacht agus taithí chraolacháin na hÉireann a chothabháil. Ináirithe ar chuspóirí na Scéime tá cur chuige comhtháite ar chartlannú ábhar cláir, próisis stórála oiriúnach agus fáil ar ábhar clár ag daoine ar spéis leo é. Ba é bunchloch na hoibre i 2020 ná conarthaí a chur i bhfeidhm agus a mhaoiniú do na tionscadail a deonaíodh maoiniú ina leith i mí na Nollag 2019 agus sciar íocaíochtaí a phróiseáil do na 18 tionscadal cartlainne gníomhach eile atáthar a mhaoiniú faoin Scéim.

Bearta Coimhdeacha

Éascaítear le maoiniú do bhearta coimhdeacha iniúchadh a dhéanamh ar thionscnaimh chun léiriú agus infhaighteacht ábhair closamhairc ilghnéithigh atá ábhartha ó thaobh an chultúir de a mhéadú. Le blianta beaga anuas, thacaigh na tionscadail bearta coimhdeacha sin le príomhchuspóirí an BAI a sheachadadh, ar a n-áirítear tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Gaeilge agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Éagsúlacht Inscne.

I measc na nithe sin i 2020:

- Leanadh ar aghaidh le **Scéim Forbartha Cine4**, ar tionscnamh comh-mhaoinithe é idir BAI, TG4 agus Fís Éireann chun tacú le forbairt agus léiriú príomhscannáin as Gaeilge.
- Thacaigh Scéim Cine4 le roinnt mórscannáin Gaeilge, ar a n-airítear 'Arracht' a bhí suite le linn an Ghorta Mhóir in Éirinn, a fhorbairt agus a léiriú. Eisíodh an scannán, a léirigh Macalla Teoranta, i 2020, agus roimh an eisiúint oifigiúil scannánaíochta, d'óstáil BAI, TG4 agus Fís Éireann taispeáint phríobháideach den scannán le aíonna speisialta, Uachtarán na hÉireann, an tUasal Michael D. Higgins agus a chéile Sabina Higgins Uasal. Roghnaíodh Arracht ina dhiaidh sin mar iontráil na hÉireann do chatagóir Mórscannán Idirnáisiúnta Oscar is Fearr do 2021.

An t-aisteoir Dónal Ó Healaí le feiceáil ag taispeáint den phríomhscannán as Gaeilge Arracht, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI

Le feiceáil i gcomhluadar an Uachtaráin Michael D Higgins agus Sabina Higgins ag taispeáint den phríomhscannán Arracht atá maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI, Michael O'Keeffe (BAI), Alan Esslemont (TG4), Desiree Finnegan (Screen Ireland), Cúán Mac Chongail (Macalla Teoranta)

- Sheol an BAI, RTÉ agus Junior Cycle for Teachers roghnúchán nua bríomhar **d'acmhainní seomra ranga ar líne don tSraith Shóisearach** i Samhain 2019 a bhí dírithe ar ábhar a léiríodh in Éirinn a chur ar fáil do scoileanna chun tacú le hábhair ar leith. Rinneadh acmhainní breise a choimisiúnú i 2020 maidir le hInnealtóireacht, Eolaíocht, Béarla agus Reiligiún. Bhí na hacmhainní sin bunaithe ar eagráin ar leith den tsraith 'Building Ireland' agus an scannán faisnéise 'Between Land and Sea'. Tá na hacmhainní sin le fáil ar **www.rte.ie/learn/junior-cycle/**.

  Tugadh deis do na daltaí a bhí rannpháirteach i bhforbairt an ábhair seo, ag cloí le bearta sábháilteachta uile Covid-19, páirt a bheith acu sa phróiseas léiriúcháin, agus iad ag tógáil ról an agallóra, ag cabhrú le ceisteanna a scríobh ar an ábhar agus trí rannpháirtíocht theagmhálach in obair cheamara agus fuaim.

Éagsúlacht Shochaí na hÉireann sna Meáin Chraolacháin

Tá ról lárnach ag an BAI ó thaobh ionadaíocht mhéadaithe a dhéanamh ar éagsúlacht shochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin. Rinne tionscadail sa réimse seo deiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí féideartha, tionscnaimh oiliúna, deiseanna maoinithe agus comhráite leis an tionscal a chíoradh agus cuir chuige a aithint trína dtacófar le breis éagsúlachta.

Plean Gníomhaíochta Inscne BAI

Lean an BAI ag soláthar ar na tiomantais a raibh achoimre orthu faoi cheithre phríomhcholún a Phlean Gníomhaíochta Inscne le linn 2020. Díríonn na colúin sin ar bhailiú agus foilsiú sonraí, taighde, agus tionscnaimh inscne agus cuntasacht a spreagadh.

Radhairc ó chúl an stáitse ó thionscadal Timthriall Sóisearach 2020 *Building Ireland*, ag tuairisciú ó Mhuilte na Sceirí.

Thacaigh an BAI freisin le roinnt tionscnamh inscne faoin Scéim Maoinithe Foghlama & Forbartha Earnála i 2020. D'ainneoin shrianta Covid-19 mar shampla, ritheadh imeachtaí fíorúla ar nós painéal de chuid Women in Film and Television 'In Her Voice' ag Féile Scannánaíochta Chorcaí. Rinne siad sin ceiliúradh ar dhéantóirí scannán ban agus chuireadar iad chun cinn. Bhí ceardlann oibre de chuid Chuallacht Scríbhneoirí Éireann 'Adding to your Writer's Toolbox' do scríbhneoirí ban ar bun freisin san earnáil chlosamhairc le linn na bliana.

Cheadaigh an tÚdarás buiséad éagsúlachta a thabhairt isteach faoina Phlean bliana Foghlama agus Forbartha Earnála. Deonaíodh €9,000 d'fhoireann chruthaitheach X-Pollinator, Katie Holly agus Lara Hickey chun moladh a lean é a mhaoiniú chun tógáil ar an rath a bhí ag an tionscnamh X-Pollinator bunaidh a ritheadh i 2019.

Ba chlár meantóireachta iomaíoch é an Tionscadal X-Pollinator, a ritheadh i gcomhpháirt le Screen Skills Ireland agus Fís Éireann faoinar rinneadh meantóireacht ar sheisear rannpháirtí X-Pollinator agus gur tacaíodh leo chun cóirithe a fhorbairt i dtimpeallacht struchtúrtha agus gur tugadh an deis dóibh a gcuid tionscadal a chur i láthair lucht gairme an tionscail.

Chuir 56 tionscadal, a raibh baint ag 100 duine leo isteach air – ba mhná ab ea 89 díobh. Deonaíodh áiteanna ar an gclár do shé thionscadal agus cuirfear iad sin i láthair ag imeacht chumhdaithe i 2021. Ina theannta sin, ritheadh clinic ar líne chun an tionscadal a chur chun cinn. Ináirithe orthu siúd a labhair bhí na stiúrthóirí Cathy Brady agus Dearbhla Walsh chomh maith le hionadaithe ón BAI agus ó Screen Skills Ireland.

Bhí an BAI rannpháirteach i roinnt imeachtaí Éagsúlachta ag leibhéil náisiúnta agus Eorpacha. Mar shampla, thóg an BAI páirt ar phainéal a rinne plé ar spreagadh, ar ionchuimsiú agus ar neamhchlaontacht ar scáileán/ar an aer ag imeacht Fhaireachlann Eorpach Closamhairc, 'Éagsúlacht agus ionchuimsiú sna tionscail Chlosamhairc' ('Diversity and inclusion in the audio-visual industries').

An Ghaeilge

Tá an BAI ag seachadadh a thiomantais mar atá leagtha amach don Ghaeilge sa Ráiteas Straitéise trína fheidhmeanna reachtúla agus coimhdeacha ar nós ceadúnú, comhlíonadh, foghlaim agus forbairt earnála agus litearthacht meán, chomh maith le bualadh faoi raon tionscnamh eile. Tá na tionscnaimh sin leagtha amach i b**Plean Gníomhaíochta an BAI don Ghaeilge** a foilsíodh i mí Feabhra 2019. Tá an Plean ag díriú ar na chúig phríomhréimse seo a leanas:

- Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh faoin gCiste Ceadúnúcháin agus Craolacháin
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú
- Tacú le Taighde
- Sonraí a bhailiú agus
- Próisis chuntasaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh

Tacaíonn foireann tiomanta Gaeilge a bhfuil ceathrar ball foirne uirthi a bhfuil Gaeilge mhaith nó líofa acu le tiomantais agus obair an BAI don Ghaeilge.

Coiste Comhairleach don Ghaeilge

Tionscnamh tábhachtach faoi Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge an BAI ab ea Coiste Comhairleach don Ghaeilge a bhunú, a ndéanann an BAI agus Foras na Gaeilge comhchathaoirleacht air. Is é an ról atá ag an gCoiste ná feidhmiúchán an Phlean a bhrú ar aghaidh i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara Gaeilge atá ina mbaill den Choiste chomh maith.

Chuir an Coiste na tionscnaimh/réimsí le díriú orthu chun cinn i 2020:

- Iniúchadh (atá fós ar siúl) den fhéidearthacht ar sheirbhís hibride do raidió bunaithe ar an óige
- Acmhainní tacaíochta a chur ar fáil do chraoltóirí; agus

- Deiseanna comhoibrithe agus roinnt acmhainne a chruthú do chraoltóirí

Seachas obair an Choiste, rinne gníomhaíochtaí oibre eile de chuid an BAI le tacaíocht ó Fhoireann Ghaeilge an BAI réimsí eile den Phlean a sheachadadh. Tá achoimre orthu sin thíos:

Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge, iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thionscnaimh maoinithe faoin gCiste Ceadúnúcháin agus Craolacháin: Fuaim & Fís

Éilíonn an Scéim Fuaime & Físe go ndéanfar 25% ar a laghad den chiste a leithdháileadh chun tacú le cláir Ghaeilge nó cláir dhátheangach a léiriú. Sáraíodh íosmhéid an chéatadáin a héilítear ina fhoriomláine don Ghaeilge do 2020, mar a tharla sna blianta roimhe agus chuaigh beagnach 30% de mhaoiniú chuig cláir Ghaeilge nó dhátheangach thar raidió agus teilifís. Clúdaíonn na cláir Ghaeilge éagsúlacht fhormáidí agus sheánraí atá dírithe ar lucht féachana agus éisteachta difriúla, ar a n-áirítear dráma, beochan, cláir fhaisnéise, ealaín/cultúr, agus oideachas.

Comhpháirtíochtaí Gaeilge a chothú trí Chlár Foghlama & Forbartha an BAI

Cuireann Clár Foghlama & Forbartha an BAI maoiniú agus tacaíochtaí eile ar fáil do líonraí tionscal éagsúla chun gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a sheachadadh. Cuireann an BAI sciar den bhuiséad don Chlár Foghlama & Forbartha ar leataobh chun tacú le tionscnaimh Éagsúlachta, ar a n-áirítear iad sin a bhaineann leis an nGaeilge.

Is comhpháirtíocht idir BAI, TG4, Ciste Craolacháin Gaeilge Fhís Thuaisceart Éireann agus Údarás na Gaeltachta é an tionscnamh, Glúin Nua, a seoladh ag Fleá Scannánaíochta na Gaillimhe i mí Iúil 2020. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh stiúrthóirí agus scríbhneoirí atá ag tosú amach agus a bhfuil tuiscint mhaith acu ar an timpeallacht dhigiteach scéalta mealltacha Gaeilge a chruthú thar ardáin. Thug TG4 faoi bhabhta roghnaithe i mí na Nollag 2020, agus táthar ag súil go bhfógrófar na hiarratasóirí/cuideachtaí léiriúcháin ar éirigh leo go luath.

Glúin Nua: Ciste Coimisiúnaithe nua chun tacú le stiúrthóirí, scríbhneoirí agus léiritheoirí cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn le hábhar i bhfoirm ghearr a chruthú as Gaeilge.

Fuair Oireachtas na Gaeilge tacaíocht mhaoinithe chun leanúint leis an láithreán gréasáin Aerthonnta a fhorbairt agus a oibriú. Is seirbhís eolais é Aerthonnta dóibh siúd atá ag craoladh trí Ghaeilge ar stáisiúin raidió ar fud na hÉireann, agus cuireann siad eolas ar fáil don phobal Gaeilge ar fad faoi na cláir atá ar fáil dóibh ina gceantair féin. Tugann Aerthonnta nuashonrú seachtainiúil faoi imeachtaí ábhartha, nuacht a bhaineann le craoladh agus na príomhscéalta a bhfuil tionchar acu ar phobal na Gaeilge. Aon ghníomhaíocht amháin a bhí ann i 2020 ná comhcheangal a dhéanamh idir an láithreán gréasáin agus bunachar sonraí agus acmhainn eolaire nua dar teideal Eolaire. Cuirfidh an obair fhorbartha seo pointe cláraithe ar fáil do chainteoirí líofa Gaeilge a bhfuil suim acu cur isteach ar phoist chraolacháin Gaeilge.

Ina theannta sin, is féidir le stáisiúin raidió tráchtála agus pobail úsáid a bhaint as an eolaire mar acmhainn earcaíochta. Leanfaidh Oireachtas na Gaeilge leis an acmhainn a fhorbairt i 2021 le feachtais cur chun cinn agus feasachta poiblí.

Scéim Urraíochta an BAI

Chuir Scéim urraíochta an BAI €92,500 de mhaoiniú urraíochta ar fáil d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí ábhartha do tharmligean an BAI. Cuireann cuid acu sin craolachán Gaeilge, ar a n-áirítear Féile na Meán Ceilteach, Gradaim Chumarsáide an Oireachtais, na SMEDIAS agus Dámhachtainí Raidió IMRO, chun cinn agus tacaíonn siad leo.

Litearthacht sna Meáin Éire

Is comhaontas d'eagraíochtaí agus de dhaoine aonaracha é Litearthacht sna Meáin Éire (MLI) a oibríonn le chéile go deonach chun tuiscint ar na meáin a chur chun cinn in Éirinn. Déanann an BAI éascaíocht ar an MLI agus cothaíonn sé plé, aithníonn sé bearnaí sa soláthar litearthachta meán agus déanann sé iarracht páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun na bearnaí sin a líonadh. Ritheann an MLI seimineáir ghréasáin mhíosúla ar litearthacht sna meáin a éascaíonn an BAI. Bhunaigh MLI Grúpa Oibre Gaeilge i 2020 chun tacú le gníomhaíochtaí maidir le litearthacht sna meáin trí Ghaeilge. Is ball den Ghrúpa Oibre é an BAI.

Ag Tacú le Taighde

Tacaíonn an BAI freisin le tionscadail taighde ábhartha a thabhairt chun críche. Chuir an BAI tacaíocht mhaoinithe ar fail don Dr John Walsh ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh i 2019 chun tionscadal taighde leanúnach a dhéanamh faoin ábhar Gaeilge ar sheirbhísí Raidió na hÉireann. Táthar ag súil go bhfoilseofar torthaí den taighde sin agus an tuarascáil a ghabhann leis go luath i 2021.

Bailiú Sonraí

Bhailigh an BAI sonraí ó chraoltóirí i 2020 chun cabhrú le bonn eolais chuimsitheach a fhorbairt agus níos mó a fhoghlaim faoi chainníocht agus réimse na gclár Gaeilge/Dátheangach atá ar fáil faoi láthair thar earnálacha Teilifíse agus Raidió. D'fhoilsigh an BAI tuarascáil ar na torthaí.

Próisis chuntasaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh

Ináirithe ar ról an Choiste Comhairleach don Ghaeilge tá monatóireacht agus measúnú rialta ar thionscnaimh agus ghníomhaíochtaí a bhfuil i gceist leo craoladh Gaeilge a chur chun cinn. D'ullmhaigh an Coiste tuarascáil dheireadh bliana ar chur chun cinn an Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2020. Chuir an Coiste an tuarascáil faoi bhráid Údarás an BAI agus Bhord Fhoras na Gaeilge lena mheas.

Maria Schaler, Láithreoir, Na hInnealtóirí, arna léiriú ag Abú Media Ltd, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI

Alt 2:

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

Cuspóir Straitéiseach an BAI

An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

Torthaí na gCuspóirí Straitéiseacha

Feiceann na geallsealbhóirí BAI mar ghlór faisnéiseach, údarásach agus a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán.

Tá dhá phríomhábhar seachadta laistigh phlean oibre an BAI a thacaíonn go príomha leis an gcuspóir straitéiseach seo a bhaint amach. Clúdaíonn siad sin na réimsí Fóraim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus Cumarsáid. Déantar tuilleadh mionléirithe orthu sin thíos.

Lean an BAI le caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí i 2020 chun beartas, dlí agus cleachtas meán closamhairc náisiúnta agus Eorpach a chomhairliú, a chur ar an eolas agus chun tionchar a imirt air.

Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Ag an leibhéal náisiúnta, ba é an réimse tábhachtach a raibh an BAI dírithe air ná an Scéim Ghinearálta den Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán, a foilsíodh i mí Eanáir 2020. Rinne an Scéim Ghinearálta an Treoir AVMS a ionchorprú chomh maith le moltaí breise a bhaineann le rialáil Ábhar Díobhálach ar Líne ag leibhéal náisiúnta. Lean an BAI le bheith gafa go domhain leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán ar fhorbairt na Scéime Ginearálta i rith na bliana.

Chuaigh an BAI i mbun caidrimh le raon comhlachtaí craolacháin, meán agus rialála le linn 2020, ar a n-áirítear Feidearálacht Chlosamhairc Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Coiste an Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta (JNLR), an Coiste um Plean Gníomhaíochta Closamhairc, an IBI, Craol, an CTA agus craoltóirí.

Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD)

Déanann an Dréachtscéim Ghinearálta foráil ar an AVMSD a thrasuí, a rinne nuashonrú ar dhlí meán an AE thar réimsí éagsúla, ar a n-áirítear seirbhísí líneacha agus ar éileamh. Thug an AVMSD isteach rialacha nua freisin a bhaineann le ardáin roinnte físe.

Rinne an BAI iniúchadh ar na ceisteanna rialála a d'eascair as na hathruithe a thug an AVMSD athleasaithe isteach thar 2020 agus an bealach a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i dtéarmaí praiticiúla. Ináirithe ar na samplaí tá scrúdú a dhéanamh ar an dearadh do chóras cláraithe do sheirbhísí ar éileamh, creat a fhorbairt chun ardáin roinnte físe a thabharfadh aghaidh ar ábhair ar nós ardáin roinnte físe bunaithe ar dhlínse na hÉireann a aithint agus cur chuige do chóid sábháilteachta ar líne a fhorbairt.

Sábháilteacht Ar Líne

Tugann an Dréachtscéim Ghinearálta den Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán struchtúr isteach chun Ábhar Díobhálach Ar Líne in Éirinn a rialáil, agus rinne an BAI scrúdú freisin ar cheisteanna rialála atá ábhartha don réimse nua seo.

Ghlac an BAI páirt fhorleathan i bpróiseas rannpháirtíochta cuimsitheach le héagsúlacht leathan pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le réimse an ábhair dhíobhálaigh ar líne chun a chuid eolais sa réimse seo a fhorbairt tuilleadh. Ba é an cuspóir a bhí leis an rannpháirtíocht seo go príomha ná chun tuiscint a fháil ar na príomhcheisteanna a thugann páirtithe leasmhara aghaidh orthu agus na tuairimí atá acu ar leorgacht na dréachtfhorálacha reachtaíochta chun a n-imní a shásamh.

Bhí tairbhe leis an bpróiseas rannpháirtíochta chun príomhcheisteanna agus téamaí a aithint a bhféadfadh an BAI tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh orthu.

Chuir an fhorbairt ar fhorbhreathnú leathan, bunaithe ar dheasc ar phríomhthaighde maidir le hábhar díobhálach ar líne leis an eolas a bailíodh ag cruinnithe pháirtithe leasmhara. Dhírigh an forbhreathnú freisin ar na príomhréimsí ábhar díobhálaigh ar líne a haithníodh sa Dhréachtscéim Ghinearálta ar a n-áirítear Díothacht Chothaitheach, Cibearbhulaíocht agus Féinmharú/Féindochar.

Bhí rannpháirtíocht agus babhtálacha rialta agus dearfach ag an BAI freisin leis na príomhsheirbhísí ar éileamh agus na hardáin roinnte físe atá bunaithe sa dlínse seo.

Gníomhaíochtaí Eorpacha

Ag leibhéal na hEorpa, lean an BAI le páirt a ghlacadh i dhá phríomhfhoras chlosamhairc: **ERGA**, ar líonra rialtóirí náisiúnta closamhairc iad i mBallstáit an AE a thugann comhairle don Choimisiún Eorpach ar ábhair rialála closamhairc, agus **EPRA**, an líonra neamhspleách rialtóirí closamhairc ar fud na hEorpa.

ERGA

Is é ERGA grúpa comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh ar ábhair rialála closamhairc. Is é an BAI an foras de chuid na hÉireann atá ainmnithe chuig ERGA agus ghlac sé páirt sa trí fhoghrúpa i 2020.

i. Foghrúpa 1

Ba é an chéad phríomhchuspóir a bhí ag Foghrúpa ERGA i 2020 ná Meabhrán Tuisceana a dhréachtú idir rialtóirí ERGA chun creat a chruthú le go mbeadh comhoibriú ann maidir le Treoir athleasaithe AVMS a chur i bhfeidhm. Cuireann an Meabhrán Tuisceana meicníochtaí ar fáil chun comhoibriú a dhéanamh, eolas a mhalartú agus an cleachtas is fearr a bheith idir rialtóirí ar bhealach struchtúrtha.

Baineann an dara cuspóir atá ag Foghrúpa 1 ERGA le páipéar staide an ERGA ar an Acht um Sheirbhísí Digiteacha, dréachtrialachán a dhéanann raon athleasaithe reachtaíochta atá molta ag an gCoimisiún Eorpach maidir le rialáil ardáin ar líne a ionchorprú. Ináirithe ar na hábhair ar tugadh aghaidh orthu sa pháipéar staide bhí an bealach ar chóir rialáil a dhéanamh ar ardáin a thugann rochtain d'ábhar ar líne ag leibhéal an AE, agus an bealach a bhféadfaí an comhoibriú idir rialtóirí a struchtúrú agus go mbeidís ag feidhmiú ag leibhéal an AE i réimeas rialála d'ardáin ar líne chun tacú le cuspóirí foriomlána an Rialacháin. Rinne an BAI comhchathaoirleacht ar an Foghrúpa seo agus bhí sé mar chomhúdar ar Pháipéar Staide ERGA i gcomhpháirtíocht leis an Conseil Supérieur de l'Audiovisuel (CSA, an Fhrainc).

ii. Foghrúpa 2 – Éagsúlacht agus Bréagaisnéis

Bhí Foghrúpa 2 dírithe ar éagsúlacht agus bréagaisnéis sa sféar ar líne. Lean an BAI lena ról ceannaireachta i ngníomhaíochtaí an ghrúpa le linn 2020. Bhí obair an ghrúpa seo ach go háirithe tráthúil ós rud é gur údar mór imní a bhí i scaipeadh na bréagaisnéise ar an bpaindéim Covid-19 go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i 2020.

Thug an Foghrúpa Tuarascáil ERGA ar Bhréagaisnéis a rinne measúnú ar chur i bhfeidhm Chóid Dheonach Cleachtais an Choimisiúin Eorpaigh ar Bhréagaisnéis ("an Cód") chun críche sa chéad leath de 2020. Foilsíodh é sin i mí na Bealtaine 2020 agus d'admhaigh an Coimisiún an pháirt a ghlac an BAI sa díospóireacht maidir le éifeachtúlacht an Chóid sa mheasúnú a rinne sé féin ar fheidhmiú an Chóid i Meán Fómhair 2020. Ina theannta sin, thacaigh an BAI leis an tuarascáil náisiúnta comhlántach, CodeCheck, a rinneadh i gcomhar le hIonad FuJo an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, a fhoilsiú san Aibreán 2020.

Ó mhí an Mheithimh 2020 ar aghaidh, bhunaigh Foghrúpa ERGA 2 ceithre shruth oibre chun ábhair a haithníodh i dTuarascáil an ERGA ar Bhréagaisnéis agus nár mhór aghaidh a thabhairt orthu, a bhrú chun cinn.

Ba iad sin go sonrach ná: i) feachtais litearthachta meán ar bhréagaisnéis; ii) an gaol idir seiceálaithe fírice agus ardáin; iii) an gaol idir ardáin agus taighdeoirí, agus iv) próisis gearáin thomhaltóirí mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin ón bpobal ar ardáin ar líne.

Cé gur ghlac an BAI páirt sna sruthanna oibre ar fad, ghlac sé comhfhreagracht ar cheannaireacht a thabhairt don sruth oibre a bhí ag déileáil le seiceálaithe fírice. D'oibrigh sé I gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Raidió agus Teilifíse sa Ghréig agus foilsíodh tuarascáil deiridh dar teideal "Strengthening Fact-checking across the EU" i mí na Nollag 2020. Tá an tuarascáil bunaithe ar shuirbhé ar sheiceálaithe fírice gníomhacha agus ar cheardlann oibre a tháinig as a chuimsigh rialtóirí, an Coimisiún Eorpach, seiceálaithe fírice, lucht acadúil, ENRanna agus ardáin roinnte físe ábhartha.

Sa sruth oibre ar thaighdeoirí, chabhraigh an BAI leis an rialtóir Iodálach, AGCOM, chun tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaí an caidreamh idir ardáin mheán shóisialta agus taighdeoirí neamhspleácha a fhorbairt agus a neartú.

iii. Foghrúpa 3 – Suntasacht

Dhírigh an tríú foghrúpa de chuid ERGA ar shuntasacht, go háirithe ar infheictheacht agus fáil ar ábhar 'a bhfuil suim ag an bpobal go ginearálta iontu' (mar shampla, ábhar le fáil ar RTÉ, TG4 nó Virgin Media 1) agus in ábhar closamhairc Eorpach sna catalóga ar sheirbhís ar éileamh – déantar foráil ar an dá cheist sin sa Treoir AVMS. Chuir an Foghrúpa dhá thuarascáil ar fáil a rinne imscrúdú ar an gcleachtas is fearr maidir le suntasacht.

EPRA

Is líonra Eorpach é EPRA atá déanta suas as 55 údarás rialála closamhairc ó 47 tír agus tá ról gníomhach ag an BAI ann. Eagraíonn an líonra dhá chruinniú iomlánacha gach bliain a thacaíonn le príomhthéamaí a scrúdú agus ba é a bhí i gceist leis seo i 2020 ná 'cur chuige rialála agus margaidh a réiteach' agus 'éagsúlacht a chinntiú i ré an algartaim.'

Ina theannta sin, lean EPRA ag díriú ar litearthacht meán agus ábhar ardchaighdeán agus á bplé le linn 2020.

Freagraí BAI ar Chomhairliúcháin Eorpach

Thug an BAI freagra ar phacáiste comhairliúcháin Acht um Sheirbhísí Digiteacha an Choimisiúin Eorpaigh a bhí ag lorg tuairimí na bpáirtithe leasmhara ar an leabhar rialacha a bheidh ann amach anseo ar sheirbhísí digiteacha i Meán Fómhair 2020 agus thug sé aghaidh ar cheisteanna ar nós rialáil ábhair, sábháilteacht ar líne, saoirse tuairimíochta, cothroime agus cothrom na Féinne san eacnamaíocht dhigiteach.

Rinne an BAI aighneacht freisin ar chomhairliúchán poiblí Phlean Gníomhaíochta Dhaonlathaigh Eorpaigh an Choimisiúin Eorpaigh, rud a thug aghaidh ar roinnt ábhar a bhain le daonlathas na hEorpa, ar a n-áirítear ionracas thoghcháin agus fhógraíocht pholaitiúil, saoirse meán agus iolarthacht a neartú agus dul i ngleic le bréagaisnéis.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta eile an BAI

Fóram Rialtóirí Ábhar ar Líne

Is rannpháirtí gníomhach é an BAI i bhfóram idirnáisiúnta ar rialtóirí ábhar atá gníomhach sa sféar rialála ar líne. Ináirithe i mballraíocht an Fhóraim, ar chuir Ofcom-UK tús leis i 2020, tá an BAI, an CRTC (Rialtóir Cheanada), an ACMA (Rialtóir na hAstráile) agus Ofcom. Is é an cuspóir atá ag an bhFóram ná comhoibriú struchtúrtha a bhunú idir grúpa rialtóirí a bhfuil dúshláin mar a chéile acu maidir le hábhar díobhálach ar líne a rialáil. Tá sé mar aidhm ag an díospóireacht seo ar cheisteanna comhchoiteann a chur ar chumas baill den Fhóram tairbhe a fháil as dearcadh níos leithne, domhanda de réir mar a bheidh ár n-eagraíochtaí faoi seach ag dul i dtaithí ar na dúshláin atá ag teacht sa rialáil ar líne – agus glacadh leis go bhfuil sainorduithe reachtúla éagsúla ag baill den Fhóram.

Cruinniú Comhchainteanna Saineolaithe– Rialáil sa Todhchaí ar Sheirbhísí Meán ar Líne

Bhí plé comhchainteanna saineolaithe ag an BAI i nDeireadh Fómhair 2020, i gcomhar leis an gClár um Rialáil Ardáin ag Ollscoil Stanford, SAM ar Rialáil sa Todhchaí ar Sheirbhísí Meán ar Líne. Bhí trí théama leis an imeacht seo:

1. Iar-thrasuí na Treorach AVMS in Éirinn – ag Baint Amach Spriocanna an Rialacháin
2. Acht um Sheirbhísí Digiteacha: Creat Rialála Nua d'Ardáin Roinnte Físe?
3. An fhéidearthacht ar thionscnaimh féin-rialála agus comhrialála laistigh de chreat reachtúil na hÉireann

Chomh maith leis na modhnóirí agus na cainteoirí, bhí ionadaithe ó réimse leathan pháirtithe leasmhara, ar a raibh baill d'ERGA, YouTube, Ofcom, Twitter, TikTok, Facebook, Google, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, EASA, UCD, DCU, LSE, i dteannta príomhoifigigh ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíona, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Ceann Bheartas Closamhairc agus Meán, DG Connect i gCoimisiún na hEorpa ag freastal ar an ócáid.

Aisha, arna léiriú ag Subotica Operations Limited, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI

Bhí páirt ag an BAI i raon forleathan imeachtaí rialála, acadúla agus tionscal i gcaitheamh 2020, áit a bhfuil díospóireacht agus plé leanúnach ar an gcreat agus an fhoirm is oiriúnaí do rialáil amach anseo ar sheirbhísí ar éileamh agus ardáin ar líne. Áiríonn cuid de na buaicphointí Fóram Domhanda Cumarsáide na Institiúid Idirnáisiúnta do Rialtóirí (the International Institute for Communications' Global Forum for Regulators), an Cumann Craolacháin Eorpach (the European Broadcasting Union), Fóram Meán Westminster agus imeachtaí a d'eagraigh Rialtóirí Eorpacha.

Cumarsáid

Tá ról riachtanach ag na gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanann an BAI lena chinntiú go ndéantar cuspóirí straitéiseacha foriomlán an BAI a sheachadadh. Téann an BAI i mbun plé le craoltóirí go rialta agus cuireann sé tús le rannpháirtíocht réamhghníomhach agus leanann sé leis, le páirtithe leasmhara éagsúla, ar a n-áirítear an pobal, forais ionadaíocha earnála agus rialtóirí eile.

Choinnigh an BAI leis an gcur chuige réamhghníomhach seo i 2020 d'ainneoin na dúshláin a tháinig ó phaindéim Covid-19. Lean an fheidhm chumarsáide le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eagraíochtúla ar feadh na bliana trí eisiúint meán a fhoilsiú, comhairliúchán poiblí, agus urraíocht ar imeachtaí agus tionscnaimh tionscal. Ina theannta sin, bhí roinnt imeachtaí ar leith de chuid BAI, ar nós seimineáir agus seoladh ar líne ag tarlú freisin. Ináirithe ar shamplaí de na himeachtaí a ritheadh chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus taighde an BAI tá siad seo a leanas:

- Seoladh an Bhunachar Sonraí ar Úinéireacht na Meán
- Seoladh an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin
- Seoladh na Tuarascála ar an Nuacht Dhigiteach (Éire)
- Seoladh Tuarascálacha Code Check agus Elect Check

Tá achoimre ar shonraí breise faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide an BAI i 2020 thíos.

Caidreamh leis na Meáin agus soláthar Eolais

D'fhoilsigh an BAI 34 eisiúint meáin ar a láithreán gréasáin le linn na bliana, thug sé freagra ar raon ceisteanna meán agus iarratais ar agallaimh, agus choinnigh sé láithreacht ghníomhach ar na meáin shóisialta chun a chlúdach a leathnú agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Ina theannta sin, foilsíodh cinntí faoi ghearáin, miontuairiscí faoi chruinnithe Údaráis, agus tuarascálacha taighde ábhartha ar a láithreán gréasáin.

Urraíocht

Is príomhghné de ghníomhaíochtaí bliantúla an BAI cumarsáide urraíocht a chur ar fáil, chun cur le forbairt fhoriomlán na hearnála ag teacht le Ráiteas Straitéise an BAI. Mar sin féin ba bhliain neamhghnách a bhí i 2020 don BAI mar gur cuireadh srian ar imeachtaí duine le duine mar gheall ar na dúshláin agus na srianta a tháinig de bharr na paindéime Covid-19.

D'ainneoin sin, d'éirigh leis an BAI urraíocht a dhéanamh ar roinnt tionscnamh agus imeachtaí. Rinneadh iomlán de €92,500 a leithdháileadh chun tacú le 17 imeacht agus gníomhaíocht i 2020, ar a n-áirítear tionscadail ina mbliain deiridh de mhaoiniú ilbhliantúil faoi chonarthaí a síníodh i 2018.

Rinneadh go leor de na himeachtaí agus na gníomhaíochtaí sin a athshamhlú nó a mhionathrú ar fhormáid ar líne chun srianta agus treoirlínte sláinte phoiblí a léiriú. I measc na n-imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar éirigh leo agus a fuair tacaíocht le linn na bliana bhí Duais Cheoil Choice, sraith Spotlight Institiúid Scannán na hÉireann, Duais Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann agus Fleá Scannánaíochta na Gaillimhe.

Comhairliúchán Phoiblí ar Ráiteas Straitéise an BAI 2021-2023

Sheol an BAI comhairliúchán poiblí ar a Dhréachtráiteas Straitéise 2021-2023 i nDeireadh Fómhair 2020. Rinneadh tuairimí a lorg ar na téamaí agus na cuspóirí a leagadh amach sa Dréachstraitéis, ar a n-áirítear an téama nua *Ceannaireacht le linn Athrú*.

Dhún an comhairliúchán i mí na Samhna, agus baineadh úsáid as na haighneachtaí a fuarthas chun bonn eolais a chur faoin leagan deiridh den Ráiteas Straitéise a bheidh le seoladh i 2021.

Le feiceáil ag Féile 2020, tá Cathaoirleach CRAOL Declan Gibbons, Príomhfheidhmeannach an BAI Michael O'Keeffe agus an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D.

Imeachtaí Tionscal

Lean an BAI le tacú agus páirt a ghlacadh in imeachtaí agus comhdhálacha ábhartha, mar a rinne sé sna blianta roimhe sin agus ghlac sé páirt i ndíospóireachtaí agus seimineáir ar líne, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- **Féile agus Gradaim Éachta CRAOL 2020**
  Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19, ba é an téama a bhí ag Féile agus Gradaim Éachta Craol 2020 ná Cianda ach ní i bhFad ó Bhaile. Rinne an Fhéile, a bhí athshamhlaithe i bhformáid ar líne, roinnt ceardlanna tarraingteacha faoi raidió pobail agus an bealach leis an móiminteam a choinneáil agus freagra a thabhairt ar an athrú in aeráid na paindéime, a sheachadadh. Rinne an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D. cur i láthair ag an seisiún oscailte agus bhí plé idir í agus Príomhfheidhmeannach an BAI, Michael O'Keeffe. Ina theannta sin, cuireadh Dréachtbheartas Meán Pobail an BAI i láthair agus ghlac comhalta den Údarás, an Dr. Rosemary Day páirt mar chuid den phainéal moltóireachta don tsearmanas bronnta fíorúil.

- **Dámhachtainí Raidió IMRO**
  Lean an BAI lena n-urraíocht ar Dhámhachtainí Raidió IMRO i 2020. Ar nós cuid mhaith imeachtaí eile le linn na bliana is ócáid ar líne a bhí sna Dámhachtainí agus rinneadh iad a sheachadadh go fíorúil ag searmanas a bhí beoshruthaithe ar líne ar an 2 Deireadh Fómhair. Ghlac Príomhfheidhmeannach an BAI, Michael O'Keeffe páirt ar an oíche agus bhronn sé roinnt dámhachtainí, d'aithin sé an réimse tallainne san earnáil agus an tábhacht a bhí le leanúint le cláir ilghnéitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar do lucht éisteachta raidió.

Dámhachtainí Raidió IMRO, urraithe ag an BAI

- **An Scéim Meantóireachta Glúin Nua**
  D'fhógair an BAI tionscnamh comhpháirtíochta le TG4, ILBF, Údarás na Gaeltachta agus Gréasán na Meán i mí Iúil 2020 chun tacú le tallann nua i dtionscal closamhairc na hÉireann agus ábhar nua Gaeilge a chruthú. Seoladh an Scéim, Glúin Nua, ag Fleá Scannánaíochta na Gaillimhe agus tugann sé deis do chomhlachtaí léiriúcháin glúin nua scéalaithe a fhorbairt chun ábhar Gaeilge a chur ar fáil do lucht éisteachta idir 16-34. Déanfar an t-ábhar nua-léirithe a eisiúint go digiteach ar dtús ar ardán ar líne TG4 agus ar chraoladh líneach ina dhiaidh sin.

Na Meáin Shóisialta 2020

Twitter

239
Tvuít

6,182
Leantóir

Facebook

108
Postáil

2,190
Leantóir

Alt 3:

Luchtanna Féachana/ Éisteachta a Chumhachtú

Cuspóir Straitéiseach an BAI

Tuiscint, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i dtírdhreach éabhlóideach na meán a fhorbairt.

Torthaí an Chuspóra Straitéisigh

1. Bíonn luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn níos nasctha, agus níos rannpháirtí leis an ábhar closamhairc.
2. Tacaítear leis na luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn chun tuiscint níos mó a fhorbairt ar tháirgeadh agus leithdháileadh an ábhair chlosamhairc, agus chun bheith rannpháirteach ann.

Tá trí phríomhsprioc inghnóthaithe laistigh de phlean oibre an BAI a thacaíonn go príomha leis na spriocanna straitéiseacha sin a bhaint amach. Clúdaíonn siad sin na réimsí seo, Cóid, Rialacha agus Gearáin; Litearthacht na Meán; agus Rannpháirtíocht sna Meáin. Déantar iad sin a mhionléiriú a thuilleadh thíos.

Cóid, Rialacha agus Gearáin

Tacaíonn an comhcheangal idir cóid agus rialacha craolacháin an BAI agus próiseas gearán craolacháin an BAI leis an taitneamh, an tuiscint agus an t-idirghníomhú a bhaineann an lucht féachana agus éisteachta as ábhar closamhairc.

Cód Cumarsáide Tráchtála Leanaí an BAI

Leagann Cód Cumarsáide Tráchtála Leanaí an BAI amach na rialacha nach mór do stáisiúin raidió agus teilifíse na hÉireann cloí leo nuair atá siad ag cur cumarsáid fhógraíochta ar an aer atá dírithe ar leanaí nó a chraoltar ar chláir do leanaí nó gar don am sin. Thug an BAI athbhreithniú ar an gCód chun críche i 2020 agus chuir an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Fuair an t-athbhreithniú amach go raibh an Cód reatha éifeachtach go foriomlán agus go bhfuil meas agus tuiscint ar a chuid prionsabal. Mar sin féin, d'aithin sé réimsí ar leith freisin a d'fhéadfadh an BAI scrúdú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs athleasú a dhéanamh ar an gCód. Ar cheann de na réimsí a aithníodh bhí rialáil ar bhia a bhfuil go leor saille, salainn agus siúcra iontu agus an cur chuige maidir leis na rialacha sin a chur i bhfeidhm le linn na mbuaicuaireanta féachana (6 pm-11.30 pm). Tar éis na dtorthaí agus an ról suntasach atá ag margaíocht ar líne i dteachtaireachtaí fógraíochta do leanaí a mheas, shocraigh an tÚdarás gur chóir do Choimisiún na Meán atá molta, agus a mbeidh soláthraithe ábhar ar líne mar chuid dá fhreagrachtaí, bualadh faoina rialacha a athleasú agus ar an mbealach sin dhéanfaí éascaíocht ar chur chuige leanúnach um rialachán cumarsáid tráchtála do leanaí feadh sheirbhísí na meán.

Gearáin

Tacaíonn próiseas láimhseála an BAI ceart an phobail gearán a dhéanamh faoi chláir nó faoin ábhar tráchtála a chraoltar ar theilifís agus raidió na hÉireann nuair a chreideann siad nach gcomhlíonann siad na caighdeáin atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009 nó i gCóid an BAI.

Go hiondúil cuirtear na gearáin chuig an gcraoltóir ar dtús agus cuirtear iad chuig an BAI ina dhiaidh sin mura bhfuil na daoine a dhéanann gearáin sásta le freagra an chraoltóra. Déantar na gearáin a chuirtear chuige a phróiseáil i gcóras gearán ar líne an BAI a raibh a chéad bhliain iomlán oibríochta aige i 2020.

Cuireann an córas nua meicníocht atá níos cuíchóirithe ar fáil don phobal agus do chraoltóirí chun dul i dteagmháil leis an BAI agus tá laghdú tagtha dá bharr ar an ualach riaracháin a bhaineann le gearáin a phróiseáil.

Cuireadh iomlán de 81 gearán bailí isteach chuig an BAI i 2020. Rinne Coiste um Chomhlíonadh an BAI naoi gcinn déag (19) acu sin a mheas agus rinne Fóram Feidhmiúcháin Gearán an BAI measúnú ar cúig cinn is triocha (35). Diúltaíodh do na 54 gearán a ndearna an dá fhoras sin iad a mheas. Réitíodh trí (3) ghearán nuair a ghlac an gearánaí leis an bhfreagra a thug an craoltóir sula ndearna an BAI iad a mheas.

Cuireadh fiche a ceathair (24) gearán a cuireadh chuig an BAI i 2020 ar fionraí le haghaidh iad a mheas sa chéad ráithe de 2021.

Cuireadh na 54 gearán a ndearna an Coiste um Chomhlíonadh agus an Fóram Feidhmiúcháin iad a mheas isteach faoi na Cóid seo a leanas de chuid an BAI:

29 – An Cód Cothroime, Oibiachtúil agus Neamhchlaontachta i Nuacht agus Cúrsaí Reatha

21 – An Cód Chaighdeáin Cláir

3 – An Cód um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta

1 – An Cód Cumarsáide Tráchtála do Leanaí

Rinne an BAI athbhreithniú ar a phróiseas agus a bheartas gearán i 2020 freisin agus fuair sé aiseolas ón gCoiste um Chomhlíonadh, ó chraoltóirí, ó ghearánaithe agus ó fhoireann gearáin an BAI chomh maith le freagraí a thabhairt ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí. Mar thoradh ar sin, tugadh isteach beartas agus próiseas athchóirithe maidir le gearáin i mí Lúil 2020.

Gearáin 2020



Litearthacht sna Meáin

Bhí rannpháirtíocht shuntasach ann le páirtithe leasmhara i 2020 chun litearthacht sna Meáin a chur chun cinn agus lucht féachana agus éisteachta a ullmhú chun tuiscint níos fearr a bheith acu ar na meáin a úsáideann siad agus a roinneann siad. Cé gur chuir an phaindéim Covid-19 srian ar chumas an BAI le himeachtaí i láthair daoine a eagrú agus freastal orthu, bhí rannpháirtíocht níos leithne ann ag páirtithe leasmhara de bharr an aistriú chuig gníomhaíocht ar líne agus chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le ceisteanna litearthachta meán. Déantar cuid mhaith d'obair an BAI sa réimse seo a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le Litearthacht sna Meáin Éireann (MLI). Lean an BAI lena ról gníomhach i bhforbairt an MLI mar chomhghuaillíocht neamhfhoirmiúil oibrithe deonacha, atá ag obair chun cur lena phróifíl agus lena idirghníomhaíocht feadh na líonraí:

- **Be Media Smart 2**
  De dheasca chomh maith is a d'éirigh le feachtas eolais agus litearthachta 2019, *Be Media Smart*, d'oibrigh an BAI i gcomhar le MLI chun an dara feachtas a chur amach. Agus é ag tabhairt aitheantais do na dúshláin chumarsáide a tháinig ón bpaindéim, agus imní maidir le mífhaisnéis sa chomhthéacs seo, d'iarr an feachtas ar an bpobal 'Stad', 'Cuimhnigh' agus 'Seiceáil' an bhfuil an t-eolas a léann siad, a fheiceann siad, a chloiseann siad, nó go deimhin a roinntear thar ardáin cruinn agus iontaofa. Roinneadh an teachtaireacht Be Media Smart thar raidió, teilifís agus na hardáin meán sóisialta, Twitter agus Facebook de thoradh iarracht chomhoibríoch pháirtithe leasmhara éagsúla. Rud eile, rinne an BAI éascaíocht ar nuashonrú a dhéanamh ar láithreáin ghréasáin Be Media Smart agus MLI chun acmhainní agus leidí a thabhairt do na treoirlínte sláinte poiblí chun go mbeidís in ann cabhrú leis an bpobal seasamh i gcoinne na mífhaisnéise atá á chur thart maidir leis an bpaindéim.

- **Comhoibriú ar Líne**
  Cé nach raibh an deis ann le páirt a ghlacadh i gcomhdháil bliantúil Litearthacht sna Meáin Éire agus imeachtaí a eagrú i láthair daoine mar gheall ar Covid-19, ritheadh raon seimineár ar thopaicí a bhain le litearthacht meán ina ionad. Bhí an-tóir ar na seimineáir sin agus bhí rochtain níos fearr orthu mar thoradh ar an bhformáid ar líne. D'éirigh leis seo clúdach agus feasacht an MLI ar tharmligean agus obair an BAI maidir le litearthacht sna Meáin go ginearálta a leathnú amach. D'oibrigh an BAI go dlúth leis an MLI ó thaobh pleanála de agus páirt a ghlacadh sna seimineáir sin. Ar na topaicí a clúdaíodh bhí dúshláin a bhain le sonraí eolaíochta a chur in iúl le linn géarchéim sláinte, litearthacht nuachta agus rialáil na meán ar fud na hEorpa.
- Ag Baint Céille as Eolaíocht sna Meáin
- Cé atá ag Imirt Tionchair agus cé air? Féachaint ar thionchar na meáin shóisialta in Éirinn
- Cumarsáid agus athrú Aeráide
- Litearthacht Nuachta Anois (News Literacy Now)
- MIL Gan Teorainn
- Luacháil MIL: Tástáil, Atriail, Feabhsaigh
- An Chéad Chaibidil Eile de MIL: Sonraí agus Eitic AI

Painéal Gradaim IFI Lucht Féachana Óga 2020

Chuir an BAI tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'Institiúid Scannán na hÉireann (IFI) chun cabhrú le comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann i nGradaim Lucht Féachana Óga Acadamh Scannánaíochta na hEorpa. Tagann daoine óga idir 12-14 le chéile chun vótáil ar an scannán is fearr leo as trí cinn atá fágtha sa ghearrliosta. Tugann sé deis do rannpháirtithe scannánaíocht a phlé freisin agus critic a dhéanamh air agus chun scileanna scannánaíochta agus scileanna litearthachta meán a fhorbairt.

Fóraim Eorpacha

Bhí páirt ghníomhach ag an BAI freisin i ndíospóireachtaí agus tionscnaimh ar na meáin shóisialta ag leibhéal na hEorpa i rith na bliana. Ináirithe ar shamplaí de ghníomhaíocht mar sin bhí rannpháirtíocht an BAI sa Ghrúpa Gníomhaíochta ar Litearthacht sna Meáin don ERGA agus fuair Bainisteoir Sinsearach an BAI, Stephanie Comey cuireadh le comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an ngrúpa. Ina theannta sin bhí páirt shuntasach ag an BAI i bhfoilseachán EPRA dar teideal *Reflections on Video-Sharing Platforms promotion of media literacy under the Audio-visual Media Services Directive.*

Alt 4:

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

Cuspóirí Straitéiseacha an BAI

1. An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.
2. Aird mhéadaithe ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud gach gníomhaíocht den BAI a chinntiú
3. Saothrú le geallsealbhóirí chun tacú le gnóthú inbhuanaitheachta níos mó d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Torthaí na gCuspóirí Straitéiseach

1. Aithnítear an chruthaitheacht agus an nuálaíocht mar shainchomharthaí d'earnáil chlosamhairc na hÉireann agus de ghíomhaíochtaí an BAI.
2. Forbraítear samhlacha cistithe inbhuanaithe d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Tacaíonn dhá sprioc inghnóthaithe laistigh den BAI go príomha leis na spriocanna straitéiseacha sin a bhaint amach. Clúdaíonn siad sin na réimsí cruthaitheachta agus nuálaíochta agus mionsamhlacha maoinithe inbhuanaithe earnála.

Cruthaitheacht agus Nuálaíocht

Lean an BAI ar aghaidh le cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn in earnáil chlosamhairc na hÉireann agus thar na gníomhaíochtaí go léir agus ag tacú leo. Seachadadh raon leathan tionscnamh foghlama agus forbartha earnála i 2020, agus tá béim curtha ar chuid acu thíos.

Foghlaim agus Forbairt Earnála

Tá maoiniú a chur ar fáil do líonraí tionscal éagsúla chun tacú lena ngníomhaíochtaí ilghnéitheacha foghlama agus forbartha lárnach d'obair an BAI i bhForbairt Earnála. Ina theannta sin, tugann an BAI tairiscint ar scéimeanna tacaíochta do chraoltóirí pobail agus do sheirbhísí sealadacha agus riarann sé scéimeanna nuálaíochta i gcomhpháirtíocht le saineolaithe san earnáil chun tacú le tionscnaimh nua oiliúna agus foghlama. Bhí dúshláin nárbh fhéidir a thuar san earnáil chraolacháin i 2020 de bharr na paindéime Covid-19. D'ainneoin an chur isteach suntasach seo, chuaigh líonraí in oiriúint go hiontach chun freastal ar riachtanais na mball ar bhealaí nuálacha agus bealaí a raibh tionchar acu.

Maoiniú Líonraí

Cabhraíonn an maoiniú a leithdháileann an BAI ar líonraí tionscal chun comhoibriú agus tógáil comhpháirtíochtaí straitéiseacha do chur chuige inbhuanaithe ar fhoghlaim agus fhorbairt san earnáil a chur chun cinn. Bhí gníomhaíochtaí i 2020 dírithe ar chúrsaí oiliúna agus ceardlanna oibre a sheachadadh, searmanais ghradaim, seimineáir agus comhdhálacha a óstáil, taighde a dhéanamh, cláir mheantóireachta a rith agus tacaíocht piara agus imeachtaí líonraithe a chur ar fáil.

Thairg an BAI iomlán de **€342,000** do 17 líonra a fhreastalaíonn ar leasanna earnála ilghnéitheacha i 2020, ar a n-áirítear craoltóirí pobail agus tráchtála, léiritheoirí neamhspleácha agus comhlachtaí léiriúcháin, iriseoirí, stiúrthóirí, beochantóirí agus tacadóirí comhionannas inscne. Áirítear ar na tionscadail:

- D'aistrigh **CRAOL** a phríomhghníomhaíochtaí ar líne mar fhreagra ar shrianta Covid-19. Ritheadh an Lá Náisiúnta Raidió Pobail ar an 19 Meitheamh agus rinne Phoenix FM óstáil air mar 'sim-cast' ceithre huaire thar stáisiúin líonra CRAOL.

Ritheadh Féile CRAOL ar líne freisin ar an 13 Samhain. Rinne CRAOL ceardlanna oibre Scileanna agus Taithí a sheachadadh chuig stáisiúin a bhí mar bhaill i rith na bliana agus chlúdaigh sé topaicí a bhain le stáisiúin a bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19, e.g., scileanna Zúmála, oiliúint ar chruinniú fhíorúil agus obair dheonach fhíorúil.

- Rinne **Learning Waves** óstáil ar Radio Days Ireland 2020 i mí Feabhra. Comhpháirtíocht a bhí san imeacht idir Learning Waves agus an IBI agus fuair siad tacaíocht ón BAI, ó IMRO agus ó Ghréasán na Meán (Skillnet) Éireann. Bhí os cionn 200 duine ag freastal ar an ócáid agus bhí os cionn 50 cainteoir ann ó Éirinn, an RA, an Danmhairg agus ó SAM. Rinne an imeacht 30 bliain d'Earnáil Raidió Tráchtála Neamhspleách in Éirinn a mharcáil freisin.

- Rith an **Community Television Association** a Fhéile Teilifíse Pobail bliantúil mar imeacht fhíorúil ón 25-27 Samhain. Chlúdaigh an láithreachas *Programme-making during Covid-19*, agus *Creating International Links*, leis an aoichainteoir Christian Jungwirth ó Theilifís Pobail na hOstaire (Austrian Community TV). Ina theannta sin, ghlac an BAI páirt i seisiúin a bhain le feasacht ar an Treoir AVMS, an Creat Sochair Shóisialta agus Teilifís Pobail, agus Beartas Meán Pobail a Fhorbairt don earnáil.

- Rinne **Women in Film & Television Ireland (WFTI)** iad féin a chur in oiriúint do Covid trí shraith sheimineáir a óstáil do/le dhaoine gairmiúla sa tionscal, inar thug cainteoirí ó réimse éagsúla comhairle díreach do lucht déanta scannán, go hairithe dóibh siúd a bhí ag tosú amach ar a gcuid gairmeacha. Le linn na seisiúin, bhí comhrá ag WFTI le stiúrthóirí, aisteoirí, cumadóirí, agus lucht déanta scannán agus léirigh siad taifeadtaí podchraolta de na seimineáir ar fad. Rinne an Dr. Susan Liddy cathaoirleacht ar phainéal idirnáisiúnta ar líne, *Beyond 2020: The Road Ahead*, i mí na Nollag, a chuir béim ar an dul chun cinn atá déanta sa tionscal scannánaíochta domhanda maidir le cothroime inscne agus ionadaíocht ilghnéitheachta. Ináirithe ar na aoichainteoirí bhí Anna Serner, Príomhfheidhmeannach Institiúid Scannán na Sualainne, agus seaimpín iomráiteach cothroime inscne ar fud an domhain.

- Reáchtáil **Screen Producers Ireland** a ghníomhaíochtaí oiliúna ar líne i 2020, agus ináirithe ar na gníomhaíochtaí bhí seimineár ar Thuismitheoireacht sa Tionscal Scannán, imeacht glasaithe scáileáin, agus seimineáir ar dheiseanna Coimisiúnaithe Idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ritheadh ceardlann ar Chlaonadh Neamh-chomhfhiosach (Unconscious Bias) i Meán Fómhair, agus rinne sé imscrúdú ar an riachtanas go dtuigfí tionchair chlaonta ar chinnteoireacht agus thug sé comhairle ar ghníomhartha leis na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh teacht ó chlaonadh laistigh de chriúnna léiriúcháin scannán agus teilifíse in Éirinn a mhaolú.

- Léirigh **Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ)** solúbthacht agus iad ag freagairt ar chúinsí na paindéime trína bplean bunaidh a chur in oiriúint d'fhóraim saoririseoirí agus sraith podchraolta ar ábhair cosúil leo a chur ina ionad. Tugadh 14 podchraoladh chun críche.

- **Scéim Tacaíochta do Chraolacháin Pobail an BAI** Tá Scéim Tacaíochta do Chraolacháin Pobail an BAI (CBSS) oscailte do chraoltóirí uile raidió agus teilifíse Pobail agus Pobal Leasa a bhfuil ceadúnais ón BAI acu. Déanann an Scéim tacaíocht mhaoinithe a thairiscint a chuirfidh ar chumas craoltóirí tabhairt faoi thionscadail a chuirfidh forbairt eagraíochtúil a gcuid stáisiún chun cinn. Mar shampla, athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta agus nósanna imeachta stáisiún, oiliúint foirne, ag tógáil ceangal le pobail, agus ag roinnt an chleachtais is fearr. Bronnadh maoiniú de €16,000 ón Scéim ar Phoenix FM i 2020 chun athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar a shamhail ghnó reatha agus a chuspóir sóisialta.

- **Tacaíonn clár Foghlama agus Forbartha le tionscadail Nuálaíochta**
  Tá ciste Nuálaíochta Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI ailínithe le Téama Straitéiseach an BAI um Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú, leis an gcuspóir straitéiseach "An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann."

- Fuair **ACE Producers** maoiniú de €10,000 ar dtús i 2020 chun tacú le ACE Animation Special, ceardlann oibre ceithre lá go leith atá dírithe ar léiritheoirí/comhlachtaí léiriúcháin beo-aicsin ar mhian leo eolas agus taithí a fháil sa réimse beochana chun a gcuid gníomhaíochtaí agus a scláta tionscadal a éagsúlú. Ritheadh an Clár Speisialta Beochana mar chuid de Chomhdháil Beochana Dhaingean Uí Chúis i Márta 2020. Mar gheall gur tháinig tús le Covid-19, cuireadh an Clár Speisialta Beochana ar líne. Thug rannpháirtithe aiseolas dearfach faoi chumas ACE an cheardlann a chur in oiriúint do sheachadadh ar líne laistigh d'achar ama a bhí teann agus chuir siad a sástacht in iúl ar chomh maith is a d'oibrigh sé agus an méid a d'fhoghlaim siad uaidh.

Mionsamhlacha Maoinithe Inbhuanaithe Earnála

- **Grúpa Craoltóirí Teilifíse na hÉireann**
  Thionól an BAI, i gcomhpháirtíocht le Ofcom Tuaisceart Éireann, dhá chruinniú de Ghrúpa Craoltóirí Teilifíse na hÉireann i 2020. Cuimsíonn an grúpa seo ionadaithe ó na príomhchraoltóirí Seirbhíse Poiblí agus tráchtála Teilifíse ar Oileán na hÉireann.

  Ináirithe ar na ceisteanna a ndearnadh iad a chlúdach: bhí an tionchar leathan atá ag Covid-19 ar ioncam tráchtála agus táille cheadúnais, ar léiriúchán agus ar úsáid an lucht féachana. Mheas na baill an tionchar atá ag an Breatimeacht agus an Treoir AVMS nuashonraithe d'earnáil na teilifíse sa dá dhlínse.

  Rinne an grúpa plé freisin ar Athbhreithniú CSP de chuid Ofcom na RA le gairid agus obair Choimisiún na hÉireann um Thodhchaí na Meán, agus rinne siad iniúchadh ar an fhéidearthacht ar chomhoibriú agus comhpháirtíocht idir na craoltóirí amach anseo.

- **Earnáil an Raidió Tráchtála**
  Mar aitheantas ar an tionchar shuntasach a bhí ag an bpaindéim Covid-19 ar ioncam fógraíochta na hearnála craolacháin neamhspleách sa Mhárta 2020, d'iarr an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil, ag an am, Richard Bruton T.D., ar an Údarás smaoineamh ar an tobhach ar na stáisiúin raidió neamhspleách a fhorscaoileadh don chéad sé mhí den bhliain. Rinne an tÚdarás an t-iarratas sin a mheas agus d'aontaigh siad leis an tarscaoileadh. I gcomhar leis an tarscaoileadh ar an tobhach, d'iarr an tAire ar an BAI freisin athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar na tionchair airgeadais a bheadh ar na stáisiúin raidió tráchtála neamhspleách ag eascairt ó éifeachtaí phaindéim Covid-19 chun bonn fianaise a thabhairt chun cinnteoireacht a chur ar an eolas don tréimhse amach romhainn. Chuir an BAI ceithre athbhreithniú den sórt sin chuig an Aire ar dtús a chlúdaigh Eanáir go Márta, Aibreán, Bealtaine, agus Meitheamh 2020. I ndiaidh an aistrithe Feidhmeanna Aire, lean an BAI ag cur tuairiscí ráithiúla faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, T.D., a chlúdaigh an chuid eile den bhliain. Is uirlis thábhachtach iad na tuairiscí sin chun a chur ar chumas an BAI leanúint le caidreamh a dhéanamh leis an earnáil agus iniúchadh a dhéanamh go ginearálta ar an mbealach ar féidir leis tacú le tionscnaimh a chuireann raidió chun cinn mar mheán agus a chuireann feabhas ar inbhuanaitheacht na hearnála seo.

- **Scéim Maoinithe Craolacháin Tionscnamh Maoinithe do raidió tráchtála**
  Cuireadh babhta maoinithe sprioctha do raidió tráchtála neamhspleách i bhfeidhm, mar a rinneadh achoimre air in Alt 1 den tuarascáil seo. Bhí rannpháirtíocht ag na seirbhísí raidió tráchtála neamhspleách ar fad a bhí incháilithe leis an tionscnamh maoinithe. Chuir an tacaíocht do 32 tionscadal maoiniú ar fáil do chláir a chlúdaigh réimse leathan foinsí eolais agus ábhair oideachais ar an bpaindéim Covid-19, ar a n-áirítear roinnt tionscnamh as Gaeilge.

- **Earnáil na Meán Pobail**
  D'fhoilsigh an BAI an t-eolas is deireanaí ar fheidhmiú a Phlean Gníomhaíochta Meán Pobail sa Mhárta 2020. Cuireadh gníomhaíocht nua leis, i dtaca le cuspóir straitéiseach an BAI inbhuanaitheacht earnála a fheabhsú agus cur le rannpháirtíocht an phobail i meáin phobail.

  Bhí sé i gceist leis an ngníomhaíocht nua athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a struchtúr beartas do chraoladh pobail, ag léiriú an chreata sainmhínitheach nua do shochair sóisialta a forbraíodh faoin bPlean Gníomhaíochta, chomh maith leis na dúshláin a bhí ag an earnáil le blianta beaga anuas. Cuirfidh an t-athbhreithniú bonn ar fáil d'fhorbairt an BAI ar Bheartas Meán Pobail nua. Bronnadh an conradh don athbhreithniú seo ar Nexus Co-operative i mí an Mheithimh 2020.

  Sheol an BAI agus CRAOL Creat Sochair Sóisialta nua i mí an Mheithimh 2020 a chuireann creat daingean eolaíochta agus modheolaíochtaí a bhaineann leis ar fáil do stáisiúin raidió pobail na hÉireann chun an sochar sóisialta dáiríre agus praiticiúil atá ag stáisiúin a mheas agus a léiriú. Tacaíonn an Creat freisin le stáisiúin a n-oibleagáid reachtúil a thaispeáint chun sochar sóisialta a sheachadadh trí mhodheolaíocht ar leith agus dhaingean a chur ar fáil dóibh chun an luach a chruthaigh a gcuid oibríochtaí do pháirtithe leasmhara agus do mhaoinitheoirí eile a mheas. Rinne Nexus Co-operative an Creat Sochair Shóisialta a fhorbairt agus a phíolótú idir mí an Mheithimh 2019 agus mí Aibreáin 2020 i dtionscadal a mhaoinigh an BAI agus a ndearna an Grúpa Stiúrtha BAI/CRAOL bainistiú i gcomhar air. D'fhoilsigh an BAI agus CRAOL dhá thuarascáil a raibh baint acu lena chéile i Meitheamh 2020. Leagann an chead tuarascáil, *Assessing the Benefit of Community Radio, A Toolkit for Community Radio*, amach Creat Sochair Sóisialta agus táscairí a bhaineann leis a aithníonn raon sochar ar féidir le stáisiúin pobail iad a sheachadadh do pháirtithe leasmhara. Tá mionsonrú tugtha freisin ar mhodheolaíochtaí cáilíochta agus cainníochta chun na sochair sin a thomhas, agus tá an tuarascáil deartha mar shraith straitéisí do stáisiúin chun gnéithe den Chreat a chur i bhfeidhm, bunaithe ar a gcuid tosaíochtaí agus a gcuid acmhainní. Tógann an dara tuarascáil ceann de na modheolaíochtaí nua, a rinneadh a iniúchadh mar cheann den tionscnamh, agus cuireann sé é seo i bhfeidhm feadh earnáil an raidió pobail. Bailíonn an tuarascáil seo, dar teideal *Introducing a Social Benefit Approach to Community Radio – A Compendium of Stories*, scéalta ó stáisiúin agus déanann iad a mheas i leith Creat um Theoiric Athraithe. Tá gnéithe cáilíochta agus cainníochta araon ag an gcur chuige seo agus chuir gníomhaithe raidió pobail fáilte roimhe mar uirlis measúnaithe tábhachtach nua don earnáil. D'fhoilsigh an BAI agus CRAOL leagan gearr den tuarascáil seo freisin ar an Lá Raidió Pobail 2020 agus tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an BAI. Chuir an BAI an Creat i bhfeidhm freisin nuair a d'oibrigh sé an babhta speisialta Fuaime & Físe do Raidió Pobail i 2020.

  Bhain earnáil an Raidió Pobail tairbhe as an tarscaoileadh tobhaigh a thug an BAI isteach d'earnáil an raidió neamhspleách mar aitheantas ar na deacrachtaí a bhí roimh na stáisiúin le hioncam a ghiniúint le linn na paindéime.

- **Babhta 36, Tionscnamh Maoinithe Raidió Pobail do raidió pobail neamhspleách**
  Cheap an tÚdarás babhta maoinithe go sciobtha a bhí dírithe ar sheirbhísí raidió pobail neamhspleách i mí Iúil 2020 ag teacht ó iarratas ón Aire Richard Bruton, T.D., a bhí ann ag an am, agus chuir siad i bhfeidhm é. Ba é seo an chéad tionscnamh maoinithe den sórt seo a chuir an tÚdarás i bhfeidhm d'earnáil an raidió pobail neamhspleách.

Bhí an babhta oscailte do sheirbhísí pobail uile a raibh ceadúnais acu ón BAI, do sheirbhísí craolacháin fuaime pobail sainleasa agus pobail leasa, agus do sheirbhísí craolacháin fuaime leasa Críostaí / reiligiúnaigh amháin.

Ba é seo an chéad bhabhta maoinithe Faoi Fhuaim & Fís ar ghlac na stáisiúin ceadúnaithe go léir laistigh d'earnáil craolacháin fuaime pobail páirt ann. Sa chomhthéacs seo, fuair iomlán de 22 tionscadal raidió pobail maoiniú faoin mbabhta a rinne foráil ar raon ilghnéitheach stáisiún raidió, grúpaí agus daoine aonair feadh earnáil an raidió pobail. Bhí seirbhísí cathrach, baile agus tuaithe ináirithe ar seo atá leabaithe ina bpobail áitiúla, a bpobail leasa agus a bpobail sainleasa. Bhí fócas láidir ar shochar sóisialta agus freastal ar phobail nua agus pobail mionlaigh leis an aidhm go mbeidís rannpháirteach, chun iad a chumhachtú, agus chun deis a thabhairt dóibh iad féin a chur in iúl.

Rinneadh roinnt clár le grúpaí mionlaigh áitiúla mar chuid de na tionscadail agus úsáid á bhaint as a dteangacha dúchais agus tugadh deis do dhaoine i soláthar díreach páirt a ghlacadh. Cuireadh tionscnaimh oiliúna i bhfeidhm, trínar tugadh uasoiliúint do bhaill de phobail áitiúla, daoine aonair agus grúpaí araon, i léiriú cláir. Táthar ag súil go méadóidh sé sin foinsí an ábhair cláir agus ilghnéitheacht an ábhair araon a bheifear a chraoladh feadh na hearnála raidió pobail.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh sochar sóisialta breise a bhaint amach don phobal trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun na stáisiúin incháilithe a fhorbairt a mbeidh tionchar dearfach acu ar a gcumas agus a n-inbhuanaitheacht.

Let the Wrong One In, arna léiriú ag Workshed Films, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI

Alt 5:

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú

Cuspóirí Straitéiseacha an BAI

1. Rialúchán chun earnáil chraolacháin fhreagrach agus chuntasach a ghnóthú.
2. Ceannaireacht a léiriú san fhorbairt inbhuanaithe ach caighdeáin arda sa chleachtadh comhshaoil, sóisialta agus rialtais a shamhaltú agus a chur chun cinn.
3. Comhshaol nuálaíoch oibre a chur chun cinn lena n-inspreagtar, lena dtugtar dúshlán agus lena bhforbraítear an BAI.

Torthaí na gCuspóirí Straitéiseacha

1. Is rialtóir iontaofa ag gach geallsealbhóirí é an BAI.
2. Aithnítear an BAI agus an earnáil chraolacháin mar shamhlacha den dea-rialachas agus den fhreagracht chorparáideach.
3. Tá béascna cheannaireachta agus fheidhmíochta ag an BAI.

Tá trí cinn de bhunspriocanna inghnóthaithe i bplean oibre an BAI a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Comhlíonadh; Cleachtas Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais, agus Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúla. Tá breis eolais orthu sin le fáil thíos faoi seo.

Comhlíonadh

Cheadaigh Coiste um Chomhlíonadh an BAI plean gníomhaíochta comhlíonta i 2020 ag tacú le cleachtais dhaingne comhlíonta agus rialachais a fháil ó na craoltóirí agus na conraitheoirí maoinithe ceadúnaithe ar fad.

Dhírigh na gníomhaíochtaí comhlíonta i 2020 orthu seo – (1) tuairisciú reachtúil agus (2) monatóireacht agus forfheidhmiú. Cuirtear an chuid is mó de na torthaí faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh, cé go ndéanfaidh an tÚdarás cuid díobh a mheas.

Tuairisciú Reachtúil

Chuimsigh an obair a rinneadh sa réimse seo i 2020 athbhreithnithe bliantúla ar chomhlíonadh agus cistiú poiblí do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí (CSP), tuarascáil ar chomhlíonadh Rialacha Rochtana, agus tuairisciú ar chomhlíonadh cóid craolacháin an BAI ag craoltóirí neamh-Éireannacha.

- **Craoltóirí Seirbhíse Poiblí**
  Ceanglaítear le hAlt 102 den Acht Craolacháin 2009 ar gach Craoltóir Seirbhíse Poiblí Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta (ASPCanna) a ullmhú. Tugtar breac-chuntas sna ráitis sin ar ghealltanais fheidhmíochta ardleibhéil don bhliain atá le teacht agus ní mór dóibh a bheith ullmhaithe i gcomhréir le cuspóirí reachtúla, ráitis straitéise agus ráitis seirbhíse poiblí an chraoltóra.

  Déanann an BAI **Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí** ar gach Craoltóir Seirbhíse Poiblí (CSP), a dhéanann measúnú ar fheidhmíocht i gcoinne a ngealltanas don bhliain roimhe sin agus a dhéanann moltaí don Aire maidir le haon athruithe ar leibhéal an mhaoinithe ba chóir do na CSPanna a fháil.

- **Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2020**
  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag RTÉ amach do 2020 agus bhí sé sásta go raibh siad ag teacht le cuspóirí Phlean Straitéiseach reatha RTÉ. Bhí an tÚdarás sásta freisin go raibh na gealltanais a rinne an craoltóir dóthanach chun an t-athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht a éascú do 2020 agus cabhrú leis an BAI a ról reachtúil a chomhlíonadh.

- **Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2020**
  Rinne an tÚdarás measúnú ar na gealltanais a leag TG4 amach do 2020 maidir le feidhmíocht, spriocanna ó thaobh an lucht féachana, ábhar agus cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus an chultúir. Bhí an tÚdarás sásta go raibh na gealltanais ag teacht le cuspóirí reachtúla TG4, a ráiteas straitéise agus a Ráiteas Seirbhíse Poiblí. Bhí an tÚdarás sásta go bhfónfadh na gealltanais sin don BAI chun measúnú a éascú do 2020.

- **Athbhreithniú Bliantúil 2019 ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí do RTÉ agus do TG4**
  Rinne an BAI athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ agus TG4 i leith a ngealltanais agus rinne breithniú ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí a bhí ar fáil don dá chraoltóir seirbhíse poiblí chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Chuir an BAI an tuairim in iúl go bhfuil craoltóir seirbhíse poiblí seasmhach inbhuanaithe níos riachtanaí faoi láthair ná bhí riamh agus thug sé faoi deara gur gá na craoltóirí seirbhíse poiblí a mhaoiniú go leordhóthanach d'fhonn go mbeidh siad nua-aimseartha, ceangailte go digiteach agus inrochtana. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích le tacaíocht ó shainchomhairleoirí seachtracha, Mediatique, a chuir forbhreathnú ar a thorthaí agus a mholtaí a d'eascair as an athbhreithniú i láthair. Sheas an tÚdarás leis na moltaí arna leagan amach ag Mediatique mar seo a leanas:

  - Bhí an tÚdarás sásta gur chomhlíon RTÉ agus TG4 araon a ngealltanais den chuid is mó i leith 2019.

  - Chomhaontaigh an tÚdarás nach raibh ceachtar de na craoltóirí seirbhíse poiblí ábalta a gcuspóirí a chur i bhfeidhm go hiomlán mar gheall ar easpa an leibhéil maoinithe atá riachtanach.

  - Mhol an BAI go bhfaigheadh TG4 méadú maoinithe de €3.557m in aghaidh na bliana agus gur cheart go bhfaigheadh RTÉ méadú de €10.5m in aghaidh na bliana.

  Chuir an BAI an tuarascáil deiridh agus na moltaí a ghabhann leis faoi bhráid an Aire i nDeireadh Fómhair 2020.

- **Cóid Chraolacháin an BAI a Chomhlíonadh ag Craoltóirí neamh-Éireannacha**
  Ceanglaítear ar an gCoiste um Chomhlíonadh faoi alt 28(5) den Acht Craolacháin 2009, athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann craoltóirí teilifíse, a dhéanann craoltaí a bhíonn dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, cóid chraolacháin an BAI, go háirithe iad sin a bhaineann le cumarsáidí tráchtála. Ceanglaítear ar an BAI tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar na torthaí a bhíonn ar aon athbhreithnithe mar sin a déantar go bliantúil. Fionnadh in athbhreithniú an BAI, a chlúdaíonn tréimhse 2019, go raibh fógraíocht scar-rogha, a chraoltar ar sheirbhísí teilifíse neamh-Éireannacha, ag comhlíonadh an Chóid Cumarsáide Tráchtála Ginearálta agus Leanaí de chuid an BAI tríd is tríd. Bhí an toradh seo ag teacht leis an gclaonadh maidir le comhlíonadh a bhí ann sna blianta roimhe seo.

- **Rialacha Rochtana**
  Ceanglaítear le Rialacha Rochtana an BAI ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí seirbhíse pobail spriocanna maidir le fotheidealú a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu nó atá caoch nó dall. Ina theannta sin, ceanglaítear ar RTÉ agus ar Virgin Media Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a chur ar fáil ar roinnt dá gcainéil chomh maith, agus ceanglaítear ar Theilifís an Oireachtais freisin Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.

  Rinne an BAI measúnú ar chomhlíonadh chraoltóirí ar na Rialacha Rochtana i 2020. Chuimsigh an ghníomhaíocht comhlíonta seo monatóireacht ar aschur craolta, cruinnithe le craoltóirí agus le Painéil Chomhairleachta Úsáideoirí an BAI chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal, na Clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Leagtar amach sna Rialacha Rochtana spriocanna cainníochtúla maidir le fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc, a ndéantar measúnú agus tuairisciú orthu ar bhonn bliantúil, agus leanann an Painéal Comhairleach Úsáideoirí ag cur béime ar shaincheisteanna cáilíochta agus iontaofachta a bhíonn ann. Tá iarrachtaí á ndéanamh ag craoltóirí i gcónaí chun na saincheisteanna seo a rianú, a bhféadfadh cuid acu teacht chun cinn mar gheall ar chúiseanna teicniúla nach bhfuil faoi smacht craoltóirí.

De réir na rialacha, ullmhaíodh tuarascáil don Choiste um Chomhlíonadh ina leagtar amach feidhmíocht na gcraoltóirí le linn na tréimhse agus mar a chomhlíonadar na Rialacha. Cé go raibh comhlíonadh na spriocanna a leagadh síos sna Rialacha go maith le linn 2020, bhain deacrachtaí do chraoltóirí áirithe agus níor bhaineadar na spriocanna sin amach. Níor chomhlíon Virgin Media Two ná Virgin Media 3 an sprioc fotheidealúcháin comhcheangailte do 2020 arís. Cé go raibh an phaindéim Covid-19 mar chuid den údar leis seo, ní raibh an BAI sásta go ndearnadh dóthain iarrachta chun na spriocanna a bhí leagtha síos sna Rialacha a bhaint amach. Eisíodh Fógra um Chomhlíonadh do Virgin Media mar gheall gur theip air spriocanna fotheidealúcháin a bhaint amach ar na cainéil sin i 2019 agus i 2020.

Cé gur thionól roinnt craoltóirí cruinnithe fíorúla le húsáideoirí le linn 2020, níor thionól craoltóirí eile ar chúiseanna éagsúla. Creideann an BAI go bhfuil sé riachtanach teagmháil a dhéanamh le grúpaí úsáideoirí, go háirithe do chraoltóirí seirbhíse poiblí agus do na craoltóirí sin a fhaigheann gearáin faoi sholáthar seirbhíse rochtana. Níor chas Virgin Media le húsáideoirí i 2018, 2019 ná 2020. Agus aird á thabhairt ar chruinnithe mar sin agus ar an gcion mór de lucht féachana a bhíonn ag Virgin Media, tugadh Fógra rabhaidh do Virgin Media maidir leis seo freisin.

- **Monatóireacht agus Forfheidhmiú**
  Is gné lárnach d'obair an BAI iad gníomhaíochtaí comhlíontachta. Rinneadh cur chuige an BAI i leith monatóireacht agus forfheidhmiú a fhorbairt in imeacht mórán blianta arbh é an príomhchuspóir a bhí leis ná monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cód agus rialacha reachtúla agus gealltanais chonarthacha ag craoltóirí ina gcuid Ráitis Beartas Clár faoi seach. Tá sé i gceist ag an BAI cultúr um chomhlíonadh a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin. Cuireann Beartas an BAI um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú creat soiléir ar fáil do ghníomhaíochta uile um chomhlíonadh an BAI.

- **Iniúchtaí Teicniúla**
  Ag teacht óna n-oibleagáidí conarthacha agus ceadúnas arna eisiúint ag an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide, éilítear ar gach craoltóir cloí le ceanglais theicniúla áirithe. Déanann an BAI monatóireacht go rialta ar chraoltóirí maidir le comhlíonadh na riachtanas sin. Níorbh fhéidir, de bharr na paindéime Covid-19, iniúchtaí teicniúla ar láthair a dhéanamh i 2020. Mar sin féin, d'oibrigh an BAI i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide, soláthraithe tarchuir ábhartha agus conraitheoirí craolacháin fuaime maidir le hiniúchtaí trasnaíochta speictrim. I gcásanna mar sin, bhí tarchuradóirí craolacháin FM uile ag cloí lena gcuid riachtanas chonarthacha agus comhlíonta.

- **Athruithe Conarthacha**
  Tá iarratais ar athruithe conarthacha a phróiseáil mar chuid lárnach d'obair oibríochtúil an BAI. Cuireann craoltóirí ceadúnaithe atá ag iarraidh athruithe a dhéanamh ar ghnéithe áirithe dá gcuid conarthaí iarratais mar sin isteach. Is gnách go mbaineann na hathruithe féideartha a bhíonn á lorg i leith úinéireacht, bainistíocht, struchtúr oibríochta an chraoltóra, nó leis na gealltanais clár atá leagtha amach sa chonradh.

  Mar thoradh ar na dúshláin agus na srianta a d'eascair as an bpaindéim Covid-19 le linn 2020, cheadaigh an BAI roinnt athruithe sealadacha ar chláir do stáisiúin.

Rinne na hathruithe sealadacha sin na athchóirithe riachtana do chlársceidealú a tháinig ó na srianta a bhí i bhfeidhm chun cur in aghaidh Covid-19 a éascú.

Rud ar leithligh i rith na bliana, agus tar éis gealltanais agus beartais chonarthacha ábhartha a mheas, rinne an BAI 20 iarratas ar athruithe a phróiseáil agus a cheadú. Ináirithe ar na hiarratais a rinneadh a mheas agus a cheadú bhí:

- Ceapadh Paul Farrell Uasal, mar Stiúrthóir Bainistíochta nua Virgin Media Television.
- Conarthaí soláthar ábhar a shannadh do sheirbhísí eirSport Xtra, ó eircom Sport Limited go eircom Limited.
- Roinnt socruithe clár líonraithe a chur ar fáil idir na seirbhísí do dhaoine óga bunaithe ar cheol, Spin 103.8 agus Spin South West.
- Roinnt athruithe ar sceidil clár ag Live 95 FM Luimnigh agus 96FM Chorcaí, ar a n-áirítear clár líonraithe idir na stáisiúin ar an deireadh seachtaine; agus,
- Ceannachán Eurasian Broadcasting Enterprise Limited, a oibríonn seirbhísí Setanta Sports Eurasia 1 &2, le Temur Ugulava.

Cleachtais Comhshaoil, Shóisialta agus Rialachais

Ceann de na príomhrudaí atá an BAI dírithe air ar fud na straitéise ná múnlú agus ceannaireacht a léiriú maidir leis an gcleachtas is fearr i réimsí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Lean an BAI lena fhócas láidir ar rialachas corparáide maith feadh gach gné dá chuid gníomhaíochtaí i 2020. Leanann sé lena chinntiú go gcomhlíonann sé a chuid dualgas agus aird á thabhairt aige ar riachtanais Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Chomh maith le bheith ag cur cleachtais rialachais mhaithe chun cinn, ináirithe ar an obair bhí an tarscaoileadh ar an Tobhach do na stáisiúin raidió neamhspleácha agus athchóiriú ar an Ordú Tobhaigh a léiríonn athruithe ar an earnáil craolacháin pobail. Rud eile a dhírigh muid air le linn na bliana ná feabhas a chur ar ár ngealltanais le Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin a fhorbairt, maoiniú a chur ar fáil don tionscnamh um Ghlasú Scáileáin, agus laghduithe ar ídiú fuinnimh agus ar dhramhaíl.

- **Dea-chleachtais rialachais a chur chun cinn san earnáil chraolacháin**
  D'fhonn tacú le rialachas níos fearr, tá obair um chomhlíonadh déanta leis an earnáil raidió pobail le roinnt blianta anuas. Cuireann an clár Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI maoiniú ar fáil freisin do chraoltóirí raidió agus teilifíse pobail agus Pobail Leasa tríd an Scéim tacaíochta do Chraoltóirí Pobail chun tionscnaimh a éascú atá dírithe ar fhorbairt eagraíochtúil a chur chun cinn, lena n-áirítear forbairt rialachais, anailís ar chleachtais rialachais agus cloí le dea-chleachtais bhainistíochta airgeadais.
- **Tarscaoileadh Tobhaigh**
  Mar atá breac chuntas air in Alt 4 sa tuarascáil seo, bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim Covid-19 ar airgeadas na hearnála craolacháin neamhspleách ó Mhárta 2020. Mar aitheantas ar sin, d'iarr an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag an am, Richard Bruton T.D., go ndéanfadh an tÚdarás machnamh ar an tobhach a tharscaoileadh do stáisiúin raidió neamhspleácha don chéad sé mhí de 2020. Ghlac an tÚdarás leis an tarscaoileadh. Bhí sé de thionchar ag an tarscaoileadh go raibh laghdú de €1m ar ioncam an BAI do 2020, sin thart ar 20% d'ioncam tobhaigh bliantúil an Údaráis de réir a bhuiséad ceadaithe bunaidh do 2020. Chun an t-easnamh sin a líonadh cheadaigh an tÚdarás buiséad agus plean oibre athchóirithe ag a chruinniú do mhí na Bealtaine, agus tagadh ar chomhaontú freisin go gcuirfí maoiniú ón Státchiste ar fáil.

- **Leasú ar an Ordú Tobhaigh don Earnáil Phobail**
  Ceanglaítear le hAlt 33 den Acht Craolacháin 2009 ar an Údarás a chuid caiteachais a thabhaigh sé féin agus na coistí reachtúla go cóir agus iad ag cur a gcuid feidhmeanna i gcrích a fhorchúiteamh trí thobhach a ghearradh ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Tá téarmaí an Tobhaigh seo, agus a mhodh ríomha, leagtha amach san Ionstraim Reachtaíochta Uimh. 7 de 2010, Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) Ordú Tobhaigh 2010 ('an tOrdú Tobhaigh'). Rinneadh an tOrdú Tobhaigh a leasú agus a nuashonrú i 2020, chun an t-ualach riaracháin ar roinnt ranna den earnáil meán Pobail a laghdú. Mar thoradh ar seo tháinig **S.I. Uimh. 521/2020 – Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) Ordú Tobhaigh 2020 (Leasú)** i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2021.

- **An Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin**
  Cuimsíonn an Líonra um Inbhuanaitheacht Craolacháin baill tionscal a shínigh an Treochlár Inbhuanaitheachta Earnála d'Earnáil Craolacháin na hÉireann. Maoiníonn agus tacaíonn an BAI leis an líonra, a seoladh i Samhain 2020. Déanann Grúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht David Robbins, Ollamh Cúnta ag Scoil Chumarsáide Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, maoirseacht ar obair an líonra agus ar sheachadadh an treochláir. Tá trí cholún sa treochlár a dhéanann ionadaíocht ar na trí ghné inbhuanaitheachta, comhshaol (glas), sóisialta (ionchuimsitheach) agus eacnamaíochta (acmhainneach).

Seoladh an Líonra Inbhuanaitheachta Craolacháin.

- **Glasú Scáileáin**
  Lean an BAI le tacaíocht a thabhairt d'obair na Comhghuaillíochta um Ghlasú Scáileáin le linn 2020. Tá sé i gceist ag an bhforas tras-tionscal cleachtais déanta ábhair inbhuanaithe a mhéadú, agus mhaoinigh tacaíocht ón BAI glacadh le Áireamhán Carbóin Albert BAFTA agus lena úsáid in Éirinn. Cuireann an tÁireamhán, atá á úsáid ag tionscail sa RA cheana féin ar chumas léiritheoirí tuiscint a fháil ar thionchar timpeallachta an léiriúcháin. Trí roinnt eolais bunúsach a chur ar fáil faoin stiúideo, obair, taisteal, cóiríocht, láithreacha, úsáid agus dhiúscairt ábhar, agus imeachtaí iar-léiriúcháin, nochtann an tÁireamhán méid na n-astaíochtaí carbóin in aon léiriú ar leith.

- **Tomhaltas Fuinnimh agus Laghdú Dramhaíola**
  Leanann an BAI le gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a laghdaíonn úsáid agus tomhaltas fuinnimh. Mar thoradh ar seo fuair an BAI stádas glas ón SEAI ina Thuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na hEarnála Poiblí maidir le Fuinneamh agus Éifeachtúlacht do 2019. Ina theannta sin tá an BAI ar an mbóthar ceart chun a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh socraithe do 2020 a bhaint amach, agus tá laghdú de 32.6% déanta aige ó tugadh isteach na spriocanna d'eagraíochtaí na hearnála poiblí.

Lean an BAI lena bhearta um laghdú ar dhramhaíl i mbliana le plaisteach aonúsáide a fhágáil amach agus le feabhsúcháin eile ina chleachtais laghdaithe dramhaíola agus athchúrsála.

- **Rialachas na Scéime um Maoiniú Craolacháin**
  Le linn dó 7% den Táille Cheadúnais Teilifíse a bhainistiú agus a dhámhachtain trína Scéim um Maoiniú Craolacháin, cinntíonn an BAI ardchaighdeán rialachais ar an Scéim a áirithiú ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir. Dá réir sin, leagtar béim ar leith ar chleachtais um chomhlíonadh chun a chinntiú go ndéanfaidh na conraitheoirí tionscadail a sheachadadh de réir na gcomhaontuithe maoinithe.

  Déanann baill fhoirne de chuid an BAI monatóireacht rialta ar chonraitheoirí maidir le comhlíonadh théarmaí a gconarthaí agus déantar an rud céanna trí iniúchtaí neamhspleácha. Déantar athbhreithniú córasach agus neamhspleách ar na tionscadail teilifíse ar fad, agus ar chuid de na tionscadail raidió, a fhaigheann maoiniú, nuair atá siad tugtha chun críche, i gcoinne na riachtanais seachadta clár chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an tsonraíocht cláir bhunaidh agus na riachtanais chóireála mar a leagadh síos sa chonradh. Ina theannta sin, déantar athbhreithnithe ar ráitis costas deiridh agus ar bhunábhair na gclár in aghaidh na bliana. Cuirtear tuarascálacha iniúchóireachta airgeadais faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an BAI lena meas.

- **An Scéim Gaeilge III**
  Déanann Scéim Gaeilge an BAI cur chuige na heagraíochta d'fhonn a cuid oibleagáidí maidir leis an nGaeilge a chaighdeánú. D'fhoilsigh an BAI Scéim nua 3 bliana don Ghaeilge i 2020. Tá sé i gceist leis an scéim tógáil ar an dul chun cinn a rinne an BAI le roinnt blianta le caighdeán a chuid seirbhísí Gaeilge a sheachadadh agus a fheabhsú agus é sin a chomhdhlúthú.

  Ináirithe ar roinnt gealltanas nua, tá méadú a chur ar úsáid na Gaeilge ag imeachtaí poiblí agus i gcumarsáid meán sóisialta uile an BAI, taighde ar an nGaeilge a choimisiúnú, córas gearáin Gaeilge ar líne a fhorbairt, oiliúint saincheaptha Gaeilge don fhoireann i bhFuaim & Fis agus acmhainní agus gluaiseanna digiteacha Gaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne an BAI ar fad.

- **Saoráil Faisnéise**
  Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ceart den phobal rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh an BAI, ar iarratas, agus nach gcuireann an BAI ar fáil iad go rialta, agus nach bhfuil siad ar fáil ó aon fhoinse eile. Fuair an BAI 17 iarratas ar Shaoráil faisnéise i 2020.

- **Alt 42 An tAcht Fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014**
  Cuirtear dualgas dearfach ar fhorais phoiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 aird chuí a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le cearta agus comhionannas an duine.

  Tugann cuspóirí agus feidhmeanna an BAI mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin 2009 aghaidh go díreach ar chomhionannas agus ar chosaint chearta daonna ar nós saoirse tuairimíochta, cosaint do dhaoine faoi aois, rochtain, agus comhionannas míchumais, ceart chun príobháideachta, ceart ar réiteach éifeachtach, ceart ar oideachas, agus an ceart ar chosaint ó idirdhealú. Tá comhionannas a chur chun cinn, fáil réidh le hidirdhealú agus cosaint ar chearta daonna i gcroílár ár gcuid oibre agus ár luachanna, agus ináirithe air tá cothroime, neamhspleáchas, saineolas, agus cuntasacht. Tá an BAI tiomanta ar chultúr ionchuimsitheach ómóis, dínit, comhionannas, agus cothroime maidir leis an gcaoi a mbíonn muid i dteagmháil leis an bpobal, lenár bpáirtithe leasmhara, agus lenár bhfoireann.

Bhunaigh an BAI grúpa stiúrtha tras-fheidhmeach i 2020, chun measúnú a dhéanamh ar chearta daonna agus ceisteanna comhionannais a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir an BAI, agus tuairisc a thabhairt ar na réimsí agus bearta, pleananna, agus tionscnaimh ar leith chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Ináirithe orthu sin, mar shampla, tá cóid agus rialacha a fhorbairt a chosnaíonn cearta daonna lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin an phobail faoi na cóid agus na rialacha sin agus cinntiú go bhfuil rochtain ar na meáin ag daoine faoi mhíchumas.

Tugaimid páirt dhíreach don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara sna próisis rialála trí chumarsáid inrochtana i scríbhinn nó ar líne. Tá comhionannas agus éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn ar thús cadhnaíochta Scéimeanna Forbartha Earnála agus Scéimeanna Maoinithe an BAI. Tacaíonn na scéimeanna sin le pleananna gníomhaíochta éagsúlachta ar leith a chur i bhfeidhm, ar nós Pleananna Gníomhaíochta Inscne agus Pleananna Gníomhaíochta Gaeilge an BAI.

Staitisticí Saorála Faisnéise 2020

17 **Fuarthas iarratais Saorála Faisnéise**

Fuair an BAI 17 iarratas Saorála Faisnéise i 2020.

1 **Iarratais Saorála Faisnéise a Ceadaíodh go hIomlán**

5 **Iarratais Saorála Faisnéise ar Ceadaíodh cuid díobh**

1 **Iarratais Saorála Faisnéise a Diúltaíodh**

9 **Iarratais Saorála Faisnéise a Tarraingíodh Siar**

1 **Iarratais Saorála Faisnéise ag leanúint ar aghaidh ag deireadh na bliana**

8 **Iriseoir**

6 **Duine Aonair**

1 **Grúpa Sainleasa**

2 **Údarás Áitiúil**

Coimeádann an BAI timpeallacht ionad oibre a spreagann agus a thacaíonn le ceart dínite ag an obair, cóir agus ómós cothrom dár n-indibhidiúlacht agus dár n-éagsúlacht. Tacaíonn bearta agus tionscnaimh ar nós Dínit ag an Obair, Nós Imeachta Gearáin, Oiliúint & Forbairt, agus ár gClár Folláine Fostaí leis an gcultúr cuimsitheach sin.

Foilseofar Tuarascáil Mheasúnaithe an Ghrúpa Stiúrtha i 2021, agus ag eascairt ón Measúnú seo, leagfaidh an Grúpa Stiúrtha amach plean Gníomhaíochta a bheidh le cur i bhfeidhm thar shaol ré Ráitis Straitéise an BAI a thiocfaidh ina dhiaidh.

- **Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúil**
  Chomh maith le cleachtais rialachais dhaingne a choimeád agus a chur chun cinn leanann an BAI ag streachailt chun struchtúir agus cultúr a thógáil a thacaíonn lena gcuid daoine aonaracha lena gcuid oibre a dhéanamh. Nuair a thosaigh an phaindéim, cuireadh Plean Leanúnachais Gnó an BAI i ngníomh. Bhí sé mar thoradh ar seo go ndearnadh aistriú réidh chuig obair chianda, rud a chuir ar chumas an BAI a príomhghníomhaíochtaí a choinneáil ag imeacht agus díriú ag an am céanna ar shábháilteacht agus fholláine a chuid foirne le linn an phróisis. Oibríonn an BAI struchtúr maitríseach trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha thar gach réimse gníomhaíochta ag brath ar na riachtanais gnó. Cuireann an struchtúr maitríseach seo ar chumas na foirne scileanna luachmhara agus nochtadh ar réimsí oibre nua a fháil ar bhonn leanúnach, agus feabhas a chur ar eolas agus cumas eagraíochta.

  Dúshlán nua atá ann ag an BAI le blianta gairide ná soláthar foirne agus acmhainní a chur ar fáil. D'earcaigh an BAI beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin i róil mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna agus Bainisteoir Fuaime & Físe Gaeilge. Rinne an BAI cláir ionduchtaithe saincheaptha a sheachadadh d'iontrálaithe nua agus iad ag obair go cianda, rud a chuimsigh mionteagaisc, meantóireacht, foghlaim ag an obair agus freastal ar chúrsaí agus imeachtaí oiliúna sheachtracha.

  Leanann oiliúint agus forbairt foirne le bheith mar chuid shár-riachtanach de chultúr an BAI. Tacaíonn cultúr na heagraíochta le daoine aonaracha agus spreagann sé iad chun glacadh le dúshláin nua agus gné fhoghlama a chur lena meascán oibre foriomlán. Oireann an cur chuige seo an struchtúr eagraíochtúil maitríseach chomh maith le conair fhéideartha gairme a chur ar fáil do dhaoine aonaracha.

  Bhí folláine na foirne, nuair a bhíodar ag obair go cianda, mar fhócas láidir de chlár oiliúna agus forbartha bliantúil an BAI i 2020. Rinne an BAI athchóiriú ar a Bheartas Oiliúna agus Forbartha i Samhain 2020, agus thug sé isteach catagóir nua in oiliúint eagraíochtúil chomh maith le, agus chun cur le tinreamh ag cúrsaí agus oiliúint sheachtrach d'fhonn scileanna sár-riachtanacha agus oiliúint i bhforbairt gairme pearsanta. D'fhorbair an BAI Plean Oiliúna agus Forbartha d'oiliúint a dhéanfaí a sholáthar don eagraíocht i 2021-2022 i gcomhairle leis an bhfoireann.

  Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo feabhas a chur ar eolas agus cumas eagraíochtúil agus foireann a ullmhú don chomhtháthú sa Choimisiún na Meán nua atá molta. Chuimsigh an oiliúint ar feadh na heagraíochta i 2020 oiliúint Ceannaireachta sa Bhainistíocht Shinsearach, oiliúint AOF i mBainistíocht Daoine, Feasacht Míchumais agus oiliúint Folláine.

- **Cur i bhfeidhm Phlean Leanúnachais Gnó ag eascairt ón bpaindéim Covid 19**
  Tháinig Plean Leanúnachais Gnó (PLG) an BAI i bhfeidhm ag tús na paindéime agus thug sé isteach obair chianda. Nuair a fógraíodh an dianghlasáil náisiúnta, cuireadh foireann an PLG, faoi cheannas Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, agus baill a rinne ionadaíocht ar phríomhfheidhmeanna oibríochta laistigh den BAI, i ngníomh. Chuimsigh na feidhmeanna sin: Airgeadas; Rialachas; Áiseanna; Sláinte agus Sábháilteacht foirne ar an láthair agus ón láthair; Riosca.

  Dúnadh oifig an BAI, agus iarradh ar an bhfoireann ar fad oibriú ón mbaile. Rinne an BAI éascaíocht go sciobtha ar obair chianda agus d'fheistigh siad foireann an BAI le fearas oiriúnach TF agus rochtain iomlán ar fhreastalaí inmheánach, líonra, agus freastalaí malartach an BAI. Fuair foireann an BAI oilte go gasta ar an teicneolaíocht nua a úsáid, ar a n-áirítear cruinnithe Fhoirne Microsoft etc.

  Tháinig foireann PLG le chéile uair sa tseachtain chun monatóireacht a dhéanamh ar an staid a bhí ag forbairt agus athraíodh na cruinnithe go dtí uair sa choicís sa dara leath de 2020. Cuimsíodh an tuairisciú ar na hábhair go léir a chlúdaigh cruinnithe fhoireann an PLG ar chláir oibre na Foirne Bainistíochta Sinsearaí. Tháinig an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí le chéile uair sa tseachtain freisin i ráithe 2 agus ansin ar bhonn coicíse an chuid eile de 2020. D'oibrigh foirne an FBS agus PLG laistigh de Phlean Leanúnachais Gnó an BAI, de chórais rialuithe inmheánaigh agus creat bainistíochta riosca.

  Cuireadh nuashonraithe de chuid an PLG ar fáil ag gach cruinniú Údaráis agus lean an tÚdarás lena chruinnithe míosúla. Lean Coistí reachtúla eile (Comhlíonadh agus Deonú Conarthaí), chomh maith leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an BAI ag teacht le chéile mar a bhí sceidealaithe do 2020. Lean an Coiste AIR ag déanamh monatóireachta ar rialuithe inmheánacha sa timpeallacht oibre cianda.

- **Bainistíocht Riosca**
  Is gné lárnach é bainistíocht riosca de chur chuige an BAI lena Phlean Leanúnachais Gnó a chur i bhfeidhm. D'aithin an BAI príomhrioscaí corparáide agus oibríochtúla tríd an mbliain ó tháinig tús leis an ngéarchéim sláinte poiblí, a d'eascair ó Covid-19 agus chuir sé rialuithe agus gníomhaíochtaí i bhfeidhm leis na rioscaí a mhaolú. Cuireadh tuairiscí ar riosca ar fáil don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag a gcruinnithe gach ráithe agus dhéantaí riosca a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis.

  Cuireann Beartas Bainistíochta Riosca an BAI béim ar róil agus freagrachtaí bhainistíocht riosca feadh na heagraíochta agus sa chomhthéacs sin, bhí riosca, ar a n-áirítear iad sin a bhain le Covid-19, ar an gclár oibre ag cruinnithe a tionóladh ag leibhéal an bhainisteora Feidhmeannaigh, ar chlár oibre cruinnithe míosúla na foirne oibríochta agus ar bhonn leanúnach ag cruinnithe Fhoireann Leanúnachais Gnó an BAI.

- **Obair Chianda**
  Rinneadh monatóireacht agus bainistiú ar obair chianda trí bhainistíocht líne struchtúrtha, bainistíocht oibre agus próisis chumarsáide a úsáid. Rinne foireann Acmhainní Daonna (AD) an BAI dhá shuirbhé foirne le linn 2020 chun ceisteanna folláine, sláinte agus sábháilteachta foirne a mheas. Bhí treoracha an Rialtais, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, FSS, agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag treorú na bhfoirne AD agus PLG an t-am ar fad. Mhéadaigh bainisteoirí líon agus nádúr na n-idirghníomhaíochtaí le tuairiscí díreacha agus thugadar tuairisc ar aon cheist. Ina theannta sin rinne an Príomhfheidhmeannach agus feidhm AD teagmháil go minic leis an bhfoireann chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt dóibh ar fhorbairtí agus lena chur i gcuimhne dóibh go raibh seirbhísí tacaíochta ar fáil.

  Níor cuireadh isteach ar aon chruinniú Údaráis ná Coiste (ó thaobh Líon ná nádúr de) mar gheall ar Covid-19/obair chianda.

  Tugadh isteach rialuithe slándála breise TF freisin, ar nós socruithe fíordheimhnithe ilfhactóra maidir le rochtain ar chórais agus áiseanna TF an BAI.

  Cuireann an Príomhfheidhmeannach nuashonraithe seachtainiúla ar fáil ar ghníomhaíochtaí an BAI agus déanann AD teagmháil go rialta leis an bhfoireann ar fad faoi raon ceisteanna. Ritheadh cruinniú cumarsáide foirne uair sa choicís agus tugadh an t-eolas is deireanaí faoi bheartú ar fhilleadh ar an obair agus ar cheisteanna eile a bhain le hobair chianda.

  Bunaíodh coiste sóisialta fíorúil freisin, agus ináirithe ar na himeachtaí sóisialta don fhoireann, bhí comórtas bácála fíorúil, seanchas, turas fíorúil ar Bhaile Átha Cliath, agus maidineacha caifé agus imeachtaí trí Ghaeilge do bhaill fhoirne agus dá leanaí.

Paul Muldoon - Thiar agus Thall, arna léiriú ag Below the Radar Limited, maoinithe ag Scéim Fuaime & Físe an BAI

- **Pleanáil d'fhonn Filleadh ar an Obair agus Sláinte agus Sábháilteacht**
  Laistigh de chúpla seachtain ó thosaigh an dianghlasáil, chuir foireann PLG tús le pleanáil maidir leis an oifig a athoscailt agus Plean d'fhonn Filleadh ar an Obair a fhorbairt, leis an gcuspóir bearta a chur i bhfeidhm chun cosc a cur ar scaipeadh Covid-19 san ionad oibre. Is iad an treochlár d'fhonn Sochaí agus Gnó a athoscailt agus an Prótacal Sábháilteachta ar Fhilleadh ar an Obair atá ullmhaithe ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Sláinte, chomh maith leis an treoir rialtais reatha na príomhthiomántóirí don Phlean d'fhonn Filleadh ar an Obair. D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Treoir agus ceisteanna coitianta go rialta d'Fhostóirí na Seirbhíse Poiblí le linn Covid-19, le tuilleadh eolais a chur ar fáil don Phlean d'fhonn Filleadh ar an Obair.

  Bhí teagmhálacha gníomhacha ag an BAI freisin le forais agus líonraí poiblí agus príobháideacha, ar a n-áirítear Acesa, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí le linn 2020, agus déantar athbhreithniú ar aon cháipéis thagartha agus treorach atá ábhartha, agus déantar aon cheist a thagann aníos a ionchorprú i bPlean Leanúnachais Gnó an BAI. Déanann baill fhoirne PLG freastal ar aon seimineár ábhartha a eagraíonn comhlachtaí dlí, iniúchóirí, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann chun a bheith ar an eolas faoi na cleachtais is fearr atá ann faoi láthair.

  D'athoscail oifig an BAI i mí Lúnasa 2020, agus d'fhill líon beag foirne (nach raibh in ann obair ón mbaile a thuilleadh), agus Oifigeach Áiseanna agus Sláinte agus Sábháilteachta an BAI ar an oifig. Chinntigh an BAI go raibh na bearta sláinte agus sábháilteachta ar fad curtha i bhfeidhm de réir an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte. Ceapadh beirt ionadaí threoracha oibreora ag teacht le riachtanais an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, duine acu sin is ea Oifigeach Áiseanna agus Sláinte agus Sábháilteachta an BAI a d'fhill ar an oifig ar bhonn lánaimseartha i mí Lúnasa. Is é atá mar dhualgas ar na hIonadaithe Threoracha Oibreora ná a chinntiú go gcuirtear bearta i bhfeidhm chun scaipeadh an Covid-19 a chosc agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeartas. Ón 31 Nollaig 2020 amach, lean an chuid is mó d'fhoireann an BAI ag obair go cianda.

Údarás Craolacháin na hÉireann

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Clár Ábhar

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis	62
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	70
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	74
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	76
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	77
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	78
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	79
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	80

Eolas i dtaobh an Údaráis

Comhaltaí an Údaráis	Alan McDonnell Grace Smith Denis Wolinski Seán Ó Mordha Rosemary Day Maeve McDonagh Mary Curtis Vivien McKechnie
Rúnaí an Údaráis	Andrew Robinson
Aturnaetha	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Cuideachta Aturnaetha 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc Uladh Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") faoin Acht Craolacháin 2009 ("An tAcht"). Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis in alt 26 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú. Comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a leagann amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ní gnó lárnach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ("POF") freagrach as bainistíocht laethúil Údarás Craolacháin na hÉireann arna cheapadh de bhun alt 14 den Acht. Tá sé nó sí cuntasach don Údarás as na feidhmeanna a tharmligeann an tÚdarás dó agus as bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar riarachán an Údaráis agus ar an dá choiste reachtúla de chuid an BAI, an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Comhlíonann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis, a dhréachtóidh agus a ghlacfaidh an tÚdarás faoi bhun alt 29 den Acht. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean do chomhalta foirne den Údarás, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as an gCiste Craolacháin a riaradh agus as idirbhearta an Chiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh d' Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste Craolacháin.

Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis san Acht. Leagtar amach freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Údaráis agus gach coiste reachtúil i Sceideal na Nithe a Fhorchoimeádtar le haghaidh Chinneadh an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla. Áirítear i measc na nithe buana a bheidh le breithniú ag an Údarás:

- Breithniú agus ceadú a dhéanamh ar dhréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin
- Dearbhuithe leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun an Achta
- Nithe a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach
- Miontuairiscí chruinnithe an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh
- Miontuairiscí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca
- Nuashonraithe Riosca
- Nithe forchoimeádta

Ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 ("An tAcht"), faoi stiúradh an Údaráis, gach leabhar cuí agus taifead cuntais den uile ioncam agus caiteachas den Údarás agus d'fhoinsí ioncaim den sórt sin agus ábhar caiteachais den sórt sin, agus de mhaoin, de shócmhainní agus de dhliteanas an Údaráis a choimeád. Ceanglaítear air nó uirthi freisin cuntas a thabhairt don Údarás maidir le gach cuntas speisialta den sórt sin agus iad a choimeád de réir mar a cheanglaíonn cuid 10 den Acht, agus de réir mar a ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó mar a ordóidh an tAire ó am go ham gur chóir iad a choimeád.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon chlaonadh ábhartha ón gcéanna atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann ráitis airgeadais an BAI agus an Chiste Craolacháin alt 37(2) den Acht. Is freagracht de chuid an Údaráis é sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an BAI agus í a chothabháil.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an BAI a chosaint agus dá réir chun bearta réasúnacha a dhéanamh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ráiteas Straitéise

Tá an tÚdarás freagrach as an Ráiteas Straitéise (a chuid cuspóirí straitéiseacha san áireamh) agus plean oibre trí bliana agus meastacháin bhuiséid trí bliana a fhaomhadh. Tugadh athbhreithniú iomlán de Ráiteas Straitéise 2017-2019 ar cuireadh tús leis i 2019 chun críche i 2020 agus rinne an tÚdarás athbhreithniú air ag a chruinniú i mí Iúil 2020. Chuir an t-athbhreithniú seo ar Ráiteas Straitéise 2017-2019 bonn eolais faoi mholtaí an Údaráis ar chlár ábhair Dréachtráiteas Straitéise 2021-2023.

D'iarr an BAI ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal a gcuid tuairimí a chur isteach faoin Dréachtráiteas Straitéise 2021-2023, faoi réir riachtanais na hAchta Craolacháin 2009. Tar éis dó an t-aiseolas seo a mheas, rinne an tÚdarás nuashonrú ar an leagan deiridh den Ráiteas Straitéise 2021-2023 agus rinne sé é a fhaomhadh ag a chruinniú i Samhain 2020 lena fhoilsiú i 2021.

Nuair a cuireadh tús leis an Ráiteas Straitéise 2017-2019 i 2019, bhíothas ag súil go dtabharfaí an Ráiteas Straitéise nua chun críche agus go gcuirfí i bhfeidhm é le linn 2020. Mar sin féin, de bharr na srianta a tháinig mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 rinneadh na ham línte d'fhorbairt an Ráitis Straitéise seo a leasú agus tá Ráiteas Straitéise a chlúdaíonn an tréimhse 2021-2023 tagtha mar thoradh. Le linn 2020, d'oibrigh an BAI faoin fhís, misean, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha a cuireadh in iúl sa Ráiteas Straitéise 2017-2019.

An Bille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán

D'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil Scéim Ghinearálta an Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán 2019, ar an 10 Eanáir 2020. Tugann an Bille achoimre ar na bearta a bhfuil gá iad a thrasuí faoin Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus áiríonn sé moltaí sábháilteachta ar líne. Tá sé i gceist leis an mBille Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus a chuid Coistí Reachtúla a dhíscaoileadh agus go gcuirfear Coimisiún Meán ar a mbeidh daoine éagsúla ina ionad. D'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na sonraí deiridh den Scéim Ghinearálta den Bhille um Shábháilteacht ar Líne agus Rialáil na Meán ar an 9 Nollaig 2020. Cuireadh an Scéim Ghinearálta deiridh ar aghaidh chuig Oifig an Ard-Aighne i mí na Nollag 2020 ionas go mbeifear in ann leanúint le dréachtú sonraithe ar an mBille. Cuireadh an Scéim Ghinearálta deiridh faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais ábhartha chun imscrúdú réamh-reachtúil a dhéanamh air. Déantar Ráitis Straitéise an BAI agus an Ciste Craolacháin a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh agus ní léiríonn siad aon fhorálacha a bhaineann leis an díscaoileadh atá molta.

Tarscaoileadh tobhaigh don earnáil raidió neamhspleách

Tá tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar acmhainní na hearnála craolacháin neamhspleách ó Mhárta 2020. Mar aitheantas air sin, d'iarr an tAire a bhí ann ag an am ar an Údarás smaoineamh ar an tobhach ar stáisiúin raidió neamhspleácha a tharscaoileadh ar feadh na chéad sé mhí de 2020. Bhreithnigh an tÚdarás an iarraidh sin ag a chruinniú i Márta 2020 agus d'aontaigh sé leis an tarscaoileadh. Chuir an tarscaoileadh tobhaigh seo laghdú de €1m ar ioncam an BAI, sin thart ar 20% d'ioncam tobhaigh an Údaráis i leith a bhuiséad ceadaithe bunaidh do 2020. Chun an t-easnamh seo a líonadh, d'fhaomh an tÚdarás Buiséad Leasaithe agus plean oibre do 2020 ag a chruinniú i mí na Bealtaine 2020 agus aontaíodh ina dhiaidh sin go mbeadh maoiniú ón Státchiste ar fáil freisin.

Chun a chinntiú go mbeadh sruth airgid leordhóthanach ann le linn 2020, d'fhaomh an tÚdarás íostarraingt de €500,000 óna shaoráid iasachta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Aisíocadh an iasacht seo i mí Feabhra 2021. D'fhógair an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i nDeireadh Fómhair 2020, go gcuirfeadh Buiséad an Státchiste €839,000 ar fáil don BAI maidir le tarscaoileadh an tobhaigh craolacháin do Ráithe 1/ Ráithe 2 de 2020 don earnáil raidió neamhspleách. Fuair an BAI an maoiniú seo i mí Feabhra 2021 agus déanfar é a athdháileadh mar chuid den phróiseas réitigh do 2020 atá le tarlú i R3 de 2021.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fírinneach cóir d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Údaráis

Tá naonúr comhalta ar an Údarás, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach. Tá comhaltaí an Údaráis arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de bhun Alt 8 den Acht. Bíonn gach comhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire le linn an cheapacháin a dhéanamh, faoi réir fhorálacha alt 9 den Acht.

Tháinig deireadh le téarma an Ollaimh Pauric Travers ar an 1 Nollaig 2020, i ndiaidh dó a bheith ceaptha den chéad uair ar an 2 Nollaig 2014 agus athcheaptha ar an 2 Nollaig 2017. Ní raibh an tOllamh Travers i dteideal a bheith athcheaptha, mar nach féidir le comhaltaí níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile a bheith acu, de réir Alt 9 den Acht.

Mionsonraítear sa tábla thíos an dáta ceapacháin maidir leis an ochtar comhalta reatha de chuid an Údaráis.

Comhalta den Údarás	Ról	Ceapadh den Chéad Uair	Athcheapadh	Dáta Scoir
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Grace Smith	Gnáthchomhalta	02/12/2014	02/12/2019	01/12/2022
Denis Wolinski*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Seán Ó Mordha*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Rosemary Day*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Maeve McDonagh*	Gnáthchomhalta	17/02/2015	22/12/2020	21/12/2023
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	13/01/2017	02/12/2019	01/12/2022
Vivien McKechnie	Gnáthchomhalta	20/03/2018		19/03/2023

*Ní rabhadar mar chomhaltaí den Údarás idir 16 Feabhra agus 21 Nollaig 2020

Bunaíodh dhá choiste reachtúla faoi Alt 6 den Acht mar a leanas:

1. **An Coiste um Dheonú Conarthaí:** Tá ochtar comhalta ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhalta arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá ceathrar comhalta arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Seachtar comhalta a bhí ar an gCoiste le linn 2020 mar nach raibh an folúntas a tharla de bharr éag théarma Rosemary Day ar 16 Feabhra 2020 líonta go dtí 30 Márta 2021. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Dheonú Conarthaí in Alt 27 den Acht.

2. **An Coiste um Chomhlíonadh**: tá ochtar comhalta ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhalta arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá ceathrar comhalta arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Chomhlíonadh in Alt 28 den Acht.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin agus tá triúr comhalta den Údarás agus comhalta neamhspleách amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige nó aici ar an gcoiste seo. Tá ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca leagtha amach i dtéarmaí tagartha atá faofa ag an Údarás agus is é an cuspóir atá aige ná cabhrú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí de bhun an Achta agus an Chóid Cleachtais um Fhorais Stáit a Rialú, freagrachtaí ar nós riosca, rialú inmheánach agus ráthaíocht a bhaineann leis.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar choiste neamhspleách ar an bPríomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin agus ar bhainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann é, a dheimhniú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchóireachta. Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil don Údarás tar éis gach cruinniú, agus tugann sé tuarascáil go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

Ba iad baill an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i 2020 ná Alan McDonnell (Cathaoirleach), Grace Smith agus Vivien McKechnie. Ceapadh Dermot O'Riordan ina bhall neamhspleách chun fónamh ón 1 Meán Fómhair 2017 ar feadh tréimhse trí bliana agus athcheapadh é do thréimhse trí bliana eile ó Mheán Fómhair 2020.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2020 lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

	Táillí	Costais	Freastal
	€	€	
Comhaltaí an Údaráis			
Pauric Travers	8,026*	-	10/10
Alan McDonnell	5,771*	-	10/10
Grace Smith	5,771*	-	10/10
Denis Wolinski	936	-	1/1
Seán Ó Mordha	936	-	1/1
Rosemary Day	-	390	1/1
Maeve McDonagh	-	-	0/1
Mary Curtis	5,771*	-	9/10
Vivien McKechnie	7,695	-	10/10
An Coiste um Chomhlíonadh			
Kevin Rafter	-	-	5/5
Nigel Heneghan	7,695	-	5/5
Orlaith Carmody	7,695	261	5/5
Rosemary Day	-	-	0/0
Grace Smith	-	-	0/0
Eileen Maher	7,695	-	5/5
Andrew Robinson	-	-	4/5
Stephanie Comey	-	-	5/5
An Coiste um Dheonú Conarthaí			
Ercus Stewart	11,970	-	8/8
Eimer McGovern	1,459	-	2/2
John Hogan	7,695	258	8/8
Clodagh O'Donnell	7,695	-	8/8
Sean Ó Mordha	-	-	1/1
Anne Louise O'Donovan	-	-	8/8
Clare Diamond	-	-	7/8
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca			
Alan McDonnell	-	-	4/4
Dermot O'Riordan	-	-	4/4
Grace Smith	-	-	4/4
Vivien McKechnie	-	-	3/4
	86,810	909	

*Níor iarr comhaltaí ach cuid den táille don chéad leath de 2020 mar aitheantas ar an mbrú airgeadais a bhí ar an BAI de bharr an tarscaoilte tobhaigh do chraoltóirí áirithe a d'fhaomh an tÚdarás.

Ní bhfuair beirt chomhalta den Údarás reatha (Rosemary Day agus Maeve McDonagh) agus comhalta amháin den Choiste um Chomhlíonadh (Kevin Rafter) Táille Comhalta faoin Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin (OPOS).

Coinbhleacht Leasa

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann dámhachtain conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chloígh an tÚdarás agus na Coistí leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí reachtúil, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí i leith conarthaí a dhámhachtain a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás.

Chomhlíon an BAI forálacha an Achta Craolacháin, 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon cháipéis maidir le hiarratas ar cheadúnas, le gearán nó le saincheist a d'eascair as agus níor ghlac an Comhalta páirt sa ní, ná i gcinntí ar aon ní, a luaithe a tháinig an Comhalta ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

Tháinig deireadh le téarmaí oifige ceathrar comhalta i mí Feabhra 2020 agus bhíodar fós fágtha gan líonadh go dtí an 22 Nollaig 2020. Nó gur líonadh na poist sin, ní raibh ag an Údarás ach cúigear comhalta. Sonraíonn Alt 13 (7) den Acht gur cúigear ba chóir a bheith mar chóram do chruinnithe Údaráis, dá réir sin go gcaithfeadh an cúigear comhalta a bheith i láthair chun cinntí a dhéanamh.

Ag teacht le nósanna imeachta choinbhleacht leasa an BAI, scaoileann comhaltaí den Údarás, a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar na Coistí reachtúla, iad féin mar ghnáthchleachtais ó gach plé agus ó gach cinneadh a bhaineann le moltaí ó na Coistí reachtúla. Chun a chinntiú go mbeadh gach duine i láthair nuair a bheadh cinntí le déanamh, shocraigh an tÚdarás in Eanáir 2020 nach n-ainmneoidh sé aon chomhalta den Údarás ar an gCoiste um Chomhlíonadh agus an Coiste um Dheonú Conarthaí nó go gcuirfí méadú ar an líon comhaltaí leis an ainmniúchán sin a dhéanamh.

Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha

An Coiste um Dheonú Conarthaí: Ceapadh Anne Louise O'Donovan agus Clare Diamond ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí ón 23 Eanáir 2020. Tháinig deireadh le téarma Sheán Ó Mordha ar an 16 Feabhra 2020.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca: Ceapadh Grace Smith ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i mí Feabhra 2020.

Nochtadh a Cheanglaítear ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
Tá an tÚdarás freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód am nochtadh seo leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe, ar níos mó ná €60,000 iad, sna bandaí seo a leanas:

Réimse shochair iomlána na bhfostaithe employee benefits Ó Go dtí	2020	2019
€60,000 - €69,999	3	4
€70,000 - €79,999	4	3
€80,000 - €89,999	5	3
€90,000 - €99,999	-	-
€100,000 - €109,999	1	1
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	-	1
€130,000 - €139,999	1	-

Chun críocha an nochta seo, tá tuarastail, ragobair, liúntais agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí san áireamh i sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear ÁSPC na bhfostóirí iontu.

Costais Chomhairleachta

	2020 € '000	2019 € '000
Iniúchóireacht & Monatóireacht	21	33
Beartas, Cóid agus Rialacha	177	244
Comhairleacht Ghinearálta	198	283
Comhairleacht TFC	-	41
Comhairleacht san Iomlán	396	601

	€ '000	€ '000
Comhairle Dlí (Comhairle Ghinearálta)	43	73
	43	73

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Aicmítear caiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2020 € '000	2019 € '000
Comhaltaí den Údarás/de na Coistí		
Intíre	1	7
Coigríche	-	1
	1	8
Fostaithe		
Intíre	7	15
Coigríche	1	49
	8	64

Tabhair faoi deara go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí a íoctar go díreach le Comhaltaí an Údaráis agus na gCoistí mar Tháillí agus Costais chomhaltaí an Údaráis/ na gCoistí (2020: €1,000; 2019: €8,000) agus taifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Fostaithe mar Chostas Riaracháin (2020: €8,000; 2019: €64,000).

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais caiteachas fáilteachais arbh fhiú €9,000 (€14,000 i 2019 é). Áiríodh leis sin €9,000 ar Fháilteachas don fhoireann (€14,000 i 2019) agus nialas i gcomhair fáilteachas do chliaint (€1,000 i 2019). Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go mbeidh costais a bhaineann leis an gClár um Leas Fostaithe san áireamh sa chatagóir so.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun a chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh go hiomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann i gcaitheamh 2019.

Denis J Wolinski
Denis J Wolinski (Jun 30, 2021 10:15 GMT+1)

Denis Wolinski
Comhalta den Údarás
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Meitheamh 2021

Vivien McKechnie
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon na Freagrachta

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá ar an Údarás a dheimhniú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á chur i ngníomh i leith Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach arna dhearadh chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras mar sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2020 agus anuas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chuimsíonn triúr comhalta den Údarás agus comhalta seachtrach amháin le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire i 2020.

Creat Bainistíochta Riosca

Cheadaigh an tÚdarás Beartas Bainistíochta Riosca nua in Eanáir 2019 chun rioscaí uile-eagraíochta agus rioscaí atá sonrach do thionscadail / do chúrsaí oibríochtúil a bhainistiú ag an BAI.

Tugtar eolas sa Bheartas i dtaobh na slí a dtuigeann agus a sainíonn an BAI riosca agus sonraítear ann na róil, na freagrachtaí, na próisis agus na nósanna imeachta, na caighdeáin, na huirlisí agus an doiciméadacht a thugann éifeacht phraiticiúil don Bheartas.

Is é a dhéanann an Beartas, go sonrach:

- Déantar ann riosca a cheangal le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta;
- Soláthraítear ann ráiteas beartais riosca soiléir agus sainráite mar aon le cuspóirí bainistíochta riosca cuí;
- Cuirtear in iúl ann an chaoi a sainaithnítear agus a rangófar an riosca;
- Ceanglaítear leis go gcuirfear measúnú riosca i gcrích, trí shainaithint, trí chur síos agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus leagfar amach ann na huirlisí, na próisis agus na struchtúir a thabharfaidh feidhm phraiticiúil don mheasúnú riosca seo.
- Tugtar cur síos ann ar an bpróiseas tuairiscithe riosca chun trédhearcacht iomlán a dheimhniú ar gach riosca a shainítear agus ar na gníomhartha arna bpleanáil chun déileáil leis na rioscaí;
- Leagtar amach ann róil agus freagrachtaí an Údaráis, coistí reachtúla an BAI agus foireann an BAI maidir le bainistíocht riosca;
- Leagtar amach plean forfheidhmithe agus monatóireachta a chinntíonn go gcomhlíonann foireann an BAI a bhfreagrachtaí maidir le riosca agus na gníomhartha comhaontaithe;
- Leagtar amach ann na tacaíochtaí atá i bhfeidhm chun cultúr atá feasach ar riosca a bhainistiú (e.g. oiliúint).

Eisíodh an Beartas don fhoireann uile agus cuirtear oiliúint ar bhainistíocht riosca ar fáil don fhoireann uile ar bhonn bliantúil. Cuireadh oiliúint shonrach ar fhorbairt Ráiteas Inghlacthachta Riosca an BAI ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis agus don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, agus, ar leithligh, d'fhoireann bainistíochta sinsearaí an BAI i 2019.

Cheadaigh Údarás an BAI Ráiteas Inghlacthachta Riosca nua don BAI freisin i 2019. Roimhe sin cuireadh Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Údaráis san áireamh i gCreat / Beartas Bainistíochta Riosca an BAI. Leagtar amach sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca an mhodheolaíocht atá le húsáid ag an BAI chun inghlacthacht riosca a shuíomh agus a bhainistiú. Aithnítear sa Ráiteas cúig théama riosca don BAI a nascann le Ráiteas Straitéise an BAI. Tá leibhéal inghlacthachta riosca aitheanta do gach ceann de na cúig théama. Ina theannta sin, tá lamháltais riosca, mar aon le príomhtháscairí riosca agus méadrachtaí gaolmhara, arna suíomh. Ionchorpraítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca bainistíocht riosca i bpróiseas pleanála straitéisí na heagraíochta

Sna Téarmaí Tagartha dá chuid, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an mBeartas agus cuirtear an Beartas faoi bhráid an Údaráis ansin lena cheadú.

Creat Riosca agus Rialaithe

Cuireann Beartas Bainistíochta Riosca an BAI creat rialaithe riosca ar fáil don BAI a chinntíonn cinnteoireacht bunaithe ar riosca agus aird á thabhairt ar na hinghlacthachtaí riosca agus na lamháltais ghaolmhara a shainaithnítear sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca. Tugann an Beartas achoimre ar na próisis atá ar bun chun sainaithint , measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar na rioscaí ríthábhachtacha sin agus ar na rialuithe inmheánacha agus na gníomhartha leanúnacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Sonraíonn an Beartas Bainistíochta Riosca róil agus freagrachtaí na foirne mar a bhaineann sé le bainistíocht riosca agus cuimsíonn sé úinéireacht riosca agus critéir agus nósanna imeachta méadaithe riosca.

Tá Clár Riosca Corparáide i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí corparáide agus straitéiseacha atá roimh Údarás Craolacháin na hÉireann, agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir mar atá tábhacht leo. Ina theannta sin, aithníonn an Clár Riosca Oibríochtúil riosca do réimse tionscadal agus oibriúcháin an BAI. Sonraíonn na cláir na rialuithe agus na gníomhartha breise a cheaptar a bhfuil gá leo chun na rioscaí a aithnítear a mhaolú agus a bhainistiú.

Cuimsíonn na córais riosca bainistíochta freisin Ráiteas Inghlacthachta Riosca an BAI a ndearna an tÚdarás nuashonrú air i 2019 agus chuir sé ag obair é i 2020. Leagann sé seo amach an mhodheolaíocht a bheidh le húsáid ag an BAI chun inghlacthacht riosca a bhunú agus a bhainistiú. Aithníonn an Ráiteas cúig théama riosca don BAI a bhfuil ceangal acu le Ráiteas Straitéise an BAI. Tá leibhéal inghlacthachta riosca aitheanta do gach ceann de na cúig théama. Ina theannta sin tá lamháltais riosca bunaithe, chomh maith le táscairí riosca agus méadrachtaí a bhaineann leis.

Is gné bhuan ar an gclár é riosca ag cruinnithe an Údaráis, an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, na Foirne Oibríochta , agus na Foirne Meánbhainistíochta. Athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an Clár Riosca Corparáide agus na Ráitis Inghlacthachta Riosca ag gach cruinniú. Athbhreithníonn an Coiste an Clár Riosca Oibríochtúil freisin faoi dhó sa bhliain. Athbhreithníonn an tÚdarás, an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus Foireann Oibríochtúil agus Meánbhainistíochta an BAI na cláir agus na Ráitis Inghlacthachta Riosca ar bhonn sceidealaithe (mar atá leagtha amach sa Bheartas Bainistíochta Riosca).

Ina Théarmaí Tagartha, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar na córais bhainistíochta riosca ar bhonn bliantúil.

Creat Rialaithe

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Go ndearnadh taifead maidir le nósanna imeachta le haghaidh gach próiseas gnó ríthábhachtaigh,
- Gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- Go bhfuil córas buiséadach cuí ann le buiséad bliantúil a mbíonn athbhreithniú á dhéanamh air ag an mbainistíocht shinsearach,
- Go bhfuil córais ann a bhfuil mar sprioc acu slándáil na gcórasteicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide dheimhniú
- Go bhfuil córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Go ndeimhníonn nósanna imeachta rialúcháin maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadúnú deontas agus le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtaca le deontaithe lena dheimhniú go gcuirtear an maoiniú deontas chun feidhme maidir leis an gcuspóir beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, más iomchuí, ar mhodh tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- Rinneadh rioscaí ríthábhachtacha agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe ríthábhachtacha sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann bainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséad.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá a feidhm iniúchóireachta inmheánaí, a bhfuil acmhainn leordhóthanach aige agus a dhéanann clár oibre bunaithe ar riosca atá comhaontaithe leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca seachfhoinsithe ag an BAI. Tá Iniúchóireacht Inmheánach freagrach don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca maidir le measúnú neamhspleách agus oibiachtúil a chur ar fáil ar bhainistíocht riosca agus ar phróisis rialaithe agus rialachais laistigh den BAI. Déanann an Iniúchóireacht Inmheánach scrúdú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht chórais, dhaoine, agus próisis chun rioscaí féideartha agus réimsí ar féidir iad a fheabhsú a aithint. Rinne Iniúchóireacht Inmheánach dhá iniúchadh oibríochtúla a thuairiscigh a gcuid torthaí agus a gcuid moltaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2020. Ináirithe ar na réimsí oibríochtúla bhí:

- Athbhreithniú ar an Scéim Maoinithe Foghlama agus Forbartha Earnála
- Athbhreithniú ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha

Le linn gnáthphróiseas cothabhála i 2019, sainaithníodh sárú a bheith déanta ar shonraí de thoradh rochtain neamhúdaraithe ar dhá chuntas ríomhphoist de chuid BAI ó fhoinse sheachtrach anaithnid. Tugadh isteach sraith de bhearta slándála TFC breise d'fhonn na rialuithe inmheánacha TFC láithreacha atá ag feidhmiú san BAI a neartú. Bhí tionchar ag an sárú sin ar líon réasúnta íseal d'ábhair sonraí, sonraí pearsanta íosta agus níor áiríodh ann aon chatagóir speisialta de shonraí pearsanta.

Cuireadh gach ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas i dtaobh chineál an tsáraithe agus na mbeart a rinne an BAI. Cuireadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) ar an eolas ar an toirt mar gheall ar an sárú (laistigh den teorainn reachtúil 72 uair an chloig). Thug an CCS a n-athbhreithniú ar an sárú chun críche i Lúnasa 2020 agus bhíodar sásta leis an eolas a thug an BAI agus leis na gníomhartha a rinne an BAI mar fhreagra ar an sárú.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag Údarás Craolacháin na hÉireann lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair le linn 2020.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus a rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtacht chórais na rialuithe inmheánacha.

Deimhnímid go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil i mí Feabhra 2021 ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2020. Ináirithe ar sin bhí measúnú ar an tionchar níos leithne a bhí ag COVID-19 ar thimpeallacht rialaithe airgeadais an BAI.

Chuir obair a bhí déanta ag Feidhmeannas an BAI, ag an iniúchóir inmheánach agus ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca bonn eolais faoin athbhreithniú. Ba é an toradh foriomlán a tháinig ón athbhreithniú ná go raibh córas leordhóthanach rialaithe inmheánaigh deartha chun na rioscaí a bhain leis an réimse iniúchóireachta a bhainistiú ag leibhéal sásúil.

Cuireadh Plean Leanúnachais Gnó an BAI i bhfeidhm nuair a thosaigh an phaindéim agus gur tugadh obair chianda isteach. Cuireadh Foireann Plean Leanúnachais Gnó i mbun gnímh, faoi cheannaireacht Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, agus comhaltaí a bhí ag déanamh ionadaíochta ar phríomhfheidhmeanna oibríochtúla laistigh den BAI ar a n-áirítear, Airgeadas, TFC, Cumarsáid, Rialachas, Saoráidí, Sláinte agus Sábháilteacht agus Riosca. Tháinig an fhoireann le chéile ar bhonn seachtainiúil ar dtús agus anois ó thús 2021 tá sé ionchorpraithe isteach i gcruinnithe foirne oibríochtúla míosúla. Tá tuairisciú ar aon ábhar a chlúdaítear ag cruinnithe Phlean Leanúnachais Gnó ináirithe freisin ar chláir oibre cruinnithe ar fad na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus tugtar an t-eolas is deireanaí go rialta do chruinnithe an Údaráis, agus an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Reachtúil.

I measc na bpríomhathruithe a rinneadh ar rialuithe inmheánacha tá bearta slándála TFC breise ar nós fíordheimhniú ilfhachtóir maidir le rochtain ar chórais TFC an BAI. Tá an BAI ag leanúint le dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar chórais cíbearshlándála.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha

Níor aithníodh aon laige sa rialú inmheánach i ndáil le 2020 lena dteastaíonn nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais.

Denis J Wolinski

Denis J Wolinski (Jun 30, 2021 10:15 GMT+1)

Denis Wolinski
Comhalta den Údarás
Nominated Chairperson
30 Meitheamh 2021

Vivien McKechnie
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2021

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

Opinion on the financial statements

Airgead sa Bhanc	1,258	1,118
Iomlán	**1,537**	**1,397**

Tá aibíochtaí níos lú ná 3 mhí ag gabháil le taiscí gearrthéarmacha agus déantar iad a thar-rolladh ar aghaidh ar aibíocht a bhaint amach.

14. Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2020 € '000	2019 € '000
Creidiúnaithe Trádála	37	76
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	794	377
Rannníocaíochtaí Aoisliúntais	161	85
Fabhruithe	526	484
Na Coimisinéirí Ioncaim	510	275
Ioncam Iarchurtha	225	229
Iasacht GBCN	500	-
Eile	-	4
	2,753	**1,530**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhraithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Maidir leis na suimeanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach bhfuil nóta maidir le nochtadh sonrach ag gabháil leo, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

15. Cuntas Caipitil

	2020 € '000	2019 € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	112	41
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	28	119
Amúchadh i gcomhréir le Díluacháil Sócmhainní	(61)	(44)
Diúscairt	-	(2)
Athaicmiú	-	(2)
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(33)**	**71**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**79**	**112**

16. Léasanna Oibriúcháin

Tá an tÚdarás Ionnaithe in áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, léas a ndeachaigh sé isteach ann i 2001. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €530,000 iad sa bhliain 2020 (2019: €530,000).

Ceangaltais Léasa

	2020	2019
	€	€
Faoi bhun 1 Bhliain Amháin	530,000	530,000
Idir 2 bhliain–5 Bliana	-	530,000
Os cionn 5 Bliana	-	-
	530,000	**1,060,000**

17. Costais Sochar Scoir

a) Sochair Scoir

Oibríonn Údarás Craolacháin na hÉireann na scéimeanna pinsin shainithe seo a leanas maidir le fostaithe:

- Tá fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill de Scéim Aoisliúntais an BAI agus dá Scéim Céilí agus Leanaí. Tá struchtúir na scéime seo bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Samhla).
- Tá fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a sholáthraíonn pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (An "Scéim Aonair").

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le hAlt 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill fhoirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar ghnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomhscéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, bhí siad á n-oibriú ar bhonn riaracháin go dtí an 15 Meitheamh 2017. Cheadaigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil an scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tháinig sí i bhfeidhm go foirmiúil ar an 16 Meitheamh 2017.

Soláthraítear leis an tseanscéim sochair scoir (i bhfoirm cnapshuime agus pinsin) do bhaill fhoirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh báis baill. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar socrú leis an scéim maidir le cnapshuim phinsin agus scoir agus í bunaithe ar luach saothair inphinsin meánghairmréime, agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta phinsin (a gcuirfear fad leis i gcomhréir le hathruithe ar aois pinsin an Stáit). Cuimsíonn sí saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois amach. Téann pinsin ina n-íocaíochtaí i méid i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a thug gealltanas maoiniú a sholáthar don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. D'athraigh an tÚdarás an chóireáil agus an nochtadh a cheanglaítear a dhéanamh le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

B'ionann an dliteanas pinsin ar an 31 Nollaig 2020 agus €18,864,000 (2019: €15,666,000).

Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán dliteanais pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc agus nuair a bheidh siad le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige chun na haisíocaíochta.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2020. Is achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

b) Na Príomhthoimhdí Achtúireachta

Bhí na príomhthoimhdí achtúireachta mar a leanas:	2020	2019
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.50%	2.50%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.00%	2.00%
Ráta Lascaine	0.80%	1.20%
Ráta Boilscithe	1.50%	1.50%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchais saoil tráth a rachaidh baill fhoirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh baill an aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeánann an tábla thíos ionchais saoil na mball a bhainfidh 65 bliain d'aois amach sa bhliain 2020 agus i 2040.

Bliain ina mbaintear 65 bliain d'aois amach	2020	2040
Ionchais saoil – fear	21.70	24.00
Ionchais saoil – bean	24.10	26.10

c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochair Scoir

Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim i leith costais sochair scoir:

	2020 €'000	2019 €'000
Ranníocaíocht ón bhfostóir a íocadh leis an Roinn TCEGSM/An Roinn CPA	349	322
Costas Seirbhíse Reatha	766	727
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	186	230
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(952)	(957)
	349	**322**

d) Gluaiseachtaí sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2020 €'000	2019 €'000
Iarmhéid tosaigh	15,666	12,092
Costas seirbhíse reatha	766	727
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	186	230
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	2,252	2,622
Sochair a íocadh	(6)	(5)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**18,864**	**15,666**

e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An Bhliain Airgeadais dar chríoch				
	2020	2019	2018	2017	2016
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáid shochair shainithe	18,864	15,666	12,092	11,491	10,476
Easnamh	18,864	(15,666)	(12,092)	(11,491)	(10,476)
Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	(439)	(1,501)	(216)	358	59
Gnóthachain taithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	(2%)	(10%)	(1.8%)	3.4%	(0.6%)

18. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2020.

19. Nochtadh ag páirtithe gaolmhara

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta Craolacháin 2009 agus na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhaltaí den Údarás agus / nó den Choiste a nochtadh léasanna agus chloígh an tÚdarás agus na Coistí leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Ní raibh aon idirbhearta i gcaitheamh na bliana maidir le gníomhaíocht an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí ar bith den Údarás. Féach ar nóta 6 i gcomhair shonraí an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar an Ráiteas faoi Rialachas agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Údaráis maidir le táillí agus costais Chomhaltaí an Údaráis.

20. Gnóthas Leantach

Bhog an BAI chuig samhail oibre cianda sa Mhárta 2020, de réir chomhairle an Rialtais mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19. Measann an tÚdarás é seo mar imeacht iarchláir chomhardaithe neamh-choigeartaithe maidir le ráitis straitéise 2020 agus cuireann sé paindéim Covid-19 san áireamh ina phróisis agus ina chuid oibríochtaí bainistíochta riosca fhoriomlán i 2020 agus do mheastacháin do 2021.

Tá Tithe an Oireachtais ag meas an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne faoi láthair a mholann Coimisiún Meán a bhunú chun craoltóirí líneacha, seirbhísí meán closamhairc agus ardáin ar líne in Éirinn a rialáil.

Molann Cuid 3 den Bhille an BAI a dhíscaoileadh agus a chuid feidhmeanna agus a chuid ball foirne mar atá faoi láthair a aistriú chuig Coimisiún na Meán. Forálann an dréachtreachtaíocht freisin oibríochtaí an BAI a thabhairt chun críche de réir a chéile agus a chuid sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig Coimisiún na Meán atá molta. Déanann Ceann 48 den Bhille foráil ar chuntais deiridh agus tuarascáil bhliantúil an BAI.

Nó go ndéanfar an reachtaíocht deiridh a achtú agus go gcuirtear tús leis na forálacha ábhartha den reachtaíocht nua, leanfaidh an BAI ag buiséadú agus ag bailiú ioncaim chun go leanfaidh sé ar aghaidh san fhormáid a bhfuil sé ann faoi láthair, agus dá réir sin, níl aon fhoráil ináirithe aige mar sin do dhíscaoileadh ina chuid cuntas don bhliain dar críoch 31/12/2020.

Ag tabhairt aird ar a bhfuil thuas, tá an tÚdarás sásta gur chóir na Ráitis Airgeadais sin a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ag a chruinniú ar an 24 Meitheamh 2021.

An Ciste Craolacháin

Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Clár Ábhar

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí	98
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	99
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	101
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	102
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	103
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	104

Eolas i dtaobh an Údaráis

Comhaltaí an Údaráis	Alan McDonnell Grace Smith Denis Wolinski Seán Ó Mordha Rosemary Day Maeve McDonagh Mary Curtis Vivien McKechnie
Rúnaí an Údaráis	Andrew Robinson
Aturnaetha	Byrne Wallace 88 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 Ivor Fitzpatrick & Company Aturnaetha 44-45 Faiche Stiabhna Baile Átha Cliath 2 Philip Lee 7/8 Ardán Wilton Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Banc Uladh Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Déanann an tÚdarás cuntas reatha agus cuntas infheistíochta a rialú agus a bhainistiú de réir Alt 157 (2) den Acht. Déanann an tÚdarás an cuntas reatha a bhainistiú le haghaidh reáchtáil laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear ioncam a fháil faoi Alt 156 (2)/(3) d'Acht 2009, Deontais agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin a íoc agus aon chaiteachas a thabhaíonn an tÚdarás as an gCiste Craolacháin a oibriú.

Íoctar isteach sa chuntas infheistíochta aon airgead nach dteastaíonn chun dliteanais reatha an Chiste Craolacháin a íoc. Infheistítear an t-airgead seo de réir Bheartas Infheistíochta an Údaráis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Chiste.

Leagtar amach sonraí chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe Údarás Craolacháin na hÉireann i ráiteas Údarás Craolacháin na hÉireann ar rialú agus rialachas inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Denis J Wolinski

Denis J Wolinski (Jun 30, 2021 10:11 GMT+1)

Denis Wolinski
Comhalta den Údarás
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Meitheamh 2021

Vivien McKechnie
Comhalta den Údarás
30 Meitheamh 2021

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report (including the governance statement and the Authority members' report) and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Mary Henry
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

30 June 2021

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

As detailed in the statement of responsibilities, the Authority members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 € '000	2019 € '000
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	**3 (a)**	14,877	14,793
Maoiniú ón Státchiste	**3 (b)**	3,000	-
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Maoinithe	**2**	158	42
Ús Infhaighte		-	6
Iomlán		18,035	14,841
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3 (d)**	11,591	12,089
Costais Foirne	**5**	494	497
Táillí Dlí		12	0
Costais Riaracháin	**6**	413	398
Ús Iníoctha		3	-
Táille Iniúchta		8	8
Costais Mheasúnachta		63	71
Costais Chomhairleachta	**7**	28	146
Iomlán		12,612	13,209
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		5,423	1,632
Iarmhéid ag tús na bliana		22,841	21,209
Iarmhéid ag deireadh na bliana		28,264	22,841

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 24 Meitheamh 2021 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

Denis J Wolinski
Denis J Wolinski (Jun 30, 2021 10:11 GMT+1)

Denis Wolinski
Comhalta den Údarás
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Meitheamh 2021

Vivien McKechnie
Comhalta den Údarás

Celene Craig
Celene Craig (Jun 30, 2021 09:10 GMT+1)

Celene Craig
Leas-Phríomhfheidhmeannach

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 € '000	2019 € '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	**9**	70	28
Airgead agus coibhéisí airgid	**8**	13,704	10,758
Taiscí gearrthéarmacha eile	**8**	18,750	12,250
		32,524	23,036
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**10**	(4,260)	(195)
Glansócmhainní		**28,264**	**22,841**
Arb Ionann Iad			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		28,264	22,841
		28,264	**22,841**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1-12.

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 24 Meitheamh 2021 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

Denis J Wolinski
Denis J Wolinski (Jun 30, 2021 10:11 GMT+1)

Denis Wolinski
Comhalta den Údarás
Cathaoirleach Ainmnithe
30 Meitheamh 2021

Vivien McKechnie
Comhalta den Údarás

Celene Craig
Celene Craig (Jun 30, 2021 09:10 GMT+1)

Celene Craig
Leas-Phríomhfheidhmeannach

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

	2020 € '000	2019 € '000
Glansreafaí Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain	5,423	1,632
Torthaí ar Infheistíochtaí	3	(6)
Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	(42)	(13)
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	4,065	145
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**9,449**	**1,758**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús (Íoctha)/Faighte	(3)	6
Infheistithe i dtaiscí Gearrthéarmacha	(6,500)	2,050
Glansreafaí Airgid do Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(6,503)	2,056
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	2,946	3,814
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	10,758	6,944
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**13,704**	**10,758**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh chun feidhme iad go léir go comhsheasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú), 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a rinne é a mhaoiniú roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riarachán an Chiste Craolacháin agus idirbhearta ar an gCiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102, arb é an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 157 den Acht Craolacháin, 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

d) Ioncam (táille ó cheadúnas teilifíse)

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin, 2009, féadfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás, as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon chostais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliain airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnais teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnais teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon chostas i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an tAire ina dtaobh gur costais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

e) Deontais

Forchuirtear coinníollach sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí maidir le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad sin mar chostas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I measc na gcoinníollacha a bhaineann le feidhmíocht, tá foráil chun deontas a fháil ar ais ó ioncam a ghineann an deontaí go dtí pé tráth a mbeidh a infheistíocht deontais aisghafa ag an Údarás. Tugtar breac-chuntas ar Aisghabháil Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe i Nóta 2.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach raibh an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

f) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Bhog an BAI chuig samhail oibre cianda sa Mhárta 2020, de réir chomhairle an Rialtais mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19. Measann an tÚdarás é seo mar imeacht iarchláir chomhardaithe neamh-choigeartaithe maidir le ráitis straitéise 2020 agus cuireann sé paindéim Covid-19 san áireamh ina phróisis agus ina chuid oibríochtaí bainistíochta riosca fhoriomlán i 2020 agus do mheastacháin do 2021.

2. Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2020 € '000	2019 € '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	158	42

3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin

a. Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus teilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhair clár a thairgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse. Bhí Deontas 2020 ón Oireachtas ar áireamh i bhfo-cheannteideal B6 de Vóta 29 don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus aistríodh é chuig Vóta 33 den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

b. Rinne an BAI €2.5M a leithdháileadh chuig stáisiúin raidió tráchtála neamhspleách chun tacú le feasacht agus tuiscint an phobail ar COVID-19. Oibríodh an tionscnamh maoinithe COVID-19 ar leith seo faoin Scéim Fuaime & Físe, tar éis iarratas a fháil ón Aire a bhí ann ag an am.

Chomh maith leis sin, chuir an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán €3M breise ar fáil i maoiniú státchiste do Bhabhta 37 d'Fhuaim agus Fís. Is maoiniú ar leithligh é an maoiniú a fuarthas ón Státchiste agus tá sé sa bhreis ar an 7% de ghlanfháltais an cheadúnais teilifíse.

3. An Scéim um Maoiniú Craolacháin (ar lean)

c. Oibríonn an BAI dhá scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í **Scéim Fhuaime agus Físe 4 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 ar dtús agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadúnú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50M in aghaidh na scéime, in aghaidh na bliana. Chuir an tÚdarás an Dréachtscéim Fhuaime agus Físe 4 faoi bhráid an Aire a bhí ann ag an am lena fhaomhadh ar an 11 Nollaig 2019 agus faomhadh an scéim nua do thréimhse trí bliana ar an 6 Márta 2020.

Is í an dara scéim a oibríonn an BAI ná an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú ("An Scéim um Chartlannú")**. Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt cultúir ar mhaithe le cartlannú in earnáil craolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh le craoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an chéad Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus chuaigh sí as feidhm i mí Aibreán 2016. Rinneadh athbhreithniú ar oibríocht, ar éifeachtacht agus ar thionchar na chéad scéime sin i 2016 agus cuireadh an tuarascáil a tháinig as faoi bhráid an Aire i Meán Fómhair 2017. Cheadaigh an tAire Scéim um Chartlannú 2 i Márta 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse chúig bliana (2018-2022).

d. Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaime agus Físe

	2020 € '000	2019 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	12,751	12,630
Dámhachtainí a deonaíodh	15,769	11,685
Deontais a íocadh	(11,169)*	(11,409)*
Deontais a aisíocadh	-	58
Deontais a dídhílsíodh	(290)	(213)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**17,061**	**12,751**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe

	2020 € '000	2019 € '000
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	4,040	3,439
Dámhachtainí a deonaíodh	-	1,338
Deontais a íocadh	(422)*	(737)*
Deontais a dídhílsíodh	-	-
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**3,618**	**4,040**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**20,679**	**16,791**

Ba é méid iomlán na ndeontas a íocadh ná €11,591 (2019: €12,146)

Scaip an paindéim Covid-19 go han-sciobtha i 2020 agus tá an tÚdarás ag measúnú a thionchar ar dheontais a deonaíodh faoin gCiste Craolacháin ar bhonn leanúnach. Forchuireann deontais faoin gCiste Craolacháin coinníollacha ar leith a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí. De thoradh ar an bpaindéim Covid-19 tá an tÚdarás ag measúnú aon iarratas a dhéanann faighteoirí deontas ar bhonn aon chás ag an am d'fhonn na gcoinníollacha ar leith a bhaineann le feidhmíocht amach anseo a nuashonrú.

4. Athmhuirearú an Chiste Craolacháin

Baineann athmhuirearú an Chiste craolacháin le caiteachas arna thabhú ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin €494,000 (2019: €494,000) de thuarastail, €164,000 (2019: €160,000) d'fhorchostais ghinearálta, €40,000 (2019: €56,000) do ranníocaíocht urraíochta leis an scéim ciste craolacháin, agus caiteachas ar chomhairle infheistíochta de €13,000 (2019: €13,000). Tá tuilleadh sonraí faoi athmhuirearú an Chiste Craolacháin i Nótaí 5 agus 6 thíos.

5. Costais Foirne

	2020 € '000	2019 € '000
Pá agus Tuarastail	397	397
Costais Leasa Shóisialaigh	31	31
Costais Phinsin	66	66
Costais Foirne a Athmhuirearaíodh ar BAI	**494**	**494**
Lucht Foirne Sealadach	-	3
Costais foirne Iomlána	**494**	**497**

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin.

Tá roinnt fostaithe ar fostú ag Údarás Craolacháin na hÉireann a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2020, bhí sé sin cothrom le 7 (2019: 7) de choibhéisí lánaimseartha.

6. Costais Riaracháin

	2020 € '000	2019 € '000
Forchostais:		
Cíos agus Rátaí	113	102
Costais áitribh	27	27
Costais oifige	20	22
Oiliúint foirne	4	9
Fo-iomlán na bhforchostas	**164**	**160**
Urraíocht	**40**	**56**
Costais dhíreacha:		
Scéimeanna Fuaime agus Físe/Cartlannaithe	131	99
Táillí Gairmiúla	13	13
Feasacht an Phobail	7	4
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	45	48
Aistriúchán	12	4
Eile	1	14
Fo-iomlán na gcostas díreach	**209**	**182**
Iomlán na gCostas Riaracháin	**413**	**398**

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball fhoirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (i 2020:19%; i 2019: 17%) de líon foirne iomlán an BAI sa tréimhse. Le linn 2020, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €177,000 (2019: €174,000) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

7. Sainchomhairleoireacht

	2020 € '000	2019 € '000
Ginearálta	-	92
Iniúchóireacht agus Monatóireacht	28	54
	28	**146**

8. Taiscí agus Airgead/Coibhéisí airgid

		2020 € '000	2019 € '000
a.	Taiscí gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí)	7,500	8,000
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mí)	18,750	12,250
	Airgead sa bhanc agus ar láimh	6,205	2,758
		32,455	**23,008**
	Airgead/coibhéisí airgid		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	8,000	5,600
	Breiseanna	-	2,700
	Aistarraingtí	(500)	(300)
	Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail an 31 Nollaig	6,205	2,758
	Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	**13,705**	**10,758**
b.	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha Eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	12,250	14,300
	Breiseanna	6,500	-
	Aistarraingtí	-	(2,050)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**18,750**	**12,250**

c. De réir mar a cheanglaítear faoi alt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntas reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanais na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse chuntais, choinnigh an tÚdarás na cistí barrachais i dtaisce i mbainc thráchtála.

9. Suimeanna Infhaighte

	2020 € '000	2019 € '000
Ús Fabhraithe	6	11
Eile	64	17
	70	**28**

10. Suimeanna Iníoctha

(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	2020 € '000	2019 € '000
Údarás Craolacháin na hÉireann	360	195
Ioncam Iarchurtha An Roinn TCEGSM	3,900	-
	4,260	**195**

11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil amhail an 31 Nollaig 2020.

12. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 24 Meitheamh 2021

Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath, D02XP29

353 1 644 1200
info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets